

PLEAN TEANGA CHLÉIRE

NOLLAIG 2020

Limistéar Oileán Chléire
An Sciobairín,
Contae Chorcaí.

Plean Teanga Chléire

Clár

Acrainmneacha atá úsáidte sna bearta	3
Réamhrá	4
Nóta ón gCathaoirleach	6
1. Cúlra an Phleanáil Teanga	7
1.1 Cén fáth anois?	7
1.2 Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030	7
1.3 Acht na Gaeltachta	8
1.4 An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán	9
1.5 Údarás na Gaeltachta	9
1.6 Polasaí don Oideachas Gaeltachta	9
2. Sonraí na Ceanneagraíochta	10
2.1 Comharchumann Chléire Teoranta	10
2.2 Coiste an Chomharchumainn	13
2.3 Foireann an Chomharchumainn	14
2.4 Foinsí Maoinithe	14
3. Limistéar Pleanála Teanga Chléire	15
3.1 Suíomh Oileán Chléire	15
3.2 Stair agus Oidhreacht an Oileáin	15
3.3 Daonra Chléire	16
3.4 Áisíneachtaí Stáit atá lárnach i saol an Oileáin	18
3.5 Infreastruchtúr an Oileáin	18
3.6 An Córas Oideachais	24
3.7 Tithíocht ar an Oileán	26
3.8 An Geilleagar agus Cúrsaí Fiontair agus Fostaíochta ar an Oileán	27
3.9 Fostaíocht	28
3.10 Seirbhísí agus Áiseanna Pobail ar an Oileán	30
3.11 Turasóireacht ar Chléire	33
3.12 Staid na Gaeilge sa LPT de réir an daonáireamh	41
3.13 Conclúid	41
4. Léargas ar Ullmhú an Phlean Teanga	43
4.1 Réamhullmhúcháin	43
4.2 Scaipeadh Eolais agus Bolscaireacht	44
4.3 Na Suirbhéanna	46
4.4 Conclúid ar an bpróiseas Comhairliúcháin Phoiblí	47
5. Torthaí an Taighde	48
5.1 Na Suirbhéanna Pobail	48
5.2 Suirbhé Plean Teanga Cléire	49
5.3 Suirbhé Tuismitheoirí / Caomhnóirí	52
5.4 Suirbhéanna Faoi 16 agus 16 go 25	54
5.5 Tuairisc ar na Grúpaí Fócais	55
5.6 Tuairimí i leith staid reatha na Gaeilge i measc an phobail.	56
5.7 Moltaí maidir leis an teanga a chur chun cinn ó na grúpaí fócais	60
5.8 Gnéithe níos leithne	61

Plean Teanga Chléire

5.9	Peirspictíocht na nÓg	62
6.	Bearta an Phlean Teanga	64
	Liosta Teidil na mBeart	64
6.1	Feidhmiú na Beart	66
6.1.1	Meitheal Pleanála Teanga (MPT) a chur le chéile chun an Plean a fheidhmiú faoi choimirce an Chomharchumainn	66
6.1.2	Fostú Oifigigh Pleanála Teanga agus seoladh an Phlean Teanga	67
6.1.3	Monatóireacht	68
6.1.4	Oifig agus áiseanna cuí a aimsiú le haghaidh an OPT maraon le costaisí	70
6.2	An Córas Oideachais agus Deiseanna foghlama lasmuigh den chóras Oideachais	71
6.2.1	Forbairt ionad seirbhísí teanga chun gníomhartha cumasaithe, saibhrithe agus sealbhú teanga a chur ar bun	71
6.2.2	Forbairt na Bunscoile – ceangal le scoileanna ar an mórthír sa Ghaeltacht nó Gaelscoileanna tríd an gcóras Zoom chun caidreamh a chothú nó fiú ceangal isteach agus freastal ar ranganna/quiz/seisiúin sna scoileanna sin ó am go ham	72
6.3	Seirbhísí sóisialta agus caitheamh aimsire	74
6.3.1	Imeachtaí Caitheamh Aimsire don Óige	74
6.3.2	Seisiúin spóirt agus spraoi a fhorbairt le haghaidh páistí óga agus a dtuismitheoirí	76
6.3.3	Club Sóisialta le bunú ar an Oileán - chun imeachtaí ar an oileán a eagrú agus taisteal go háiteanna eile.	77
6.4	Seirbhísí cúram leanaí, réamhscolaíochta agus tacaíochta teaghlaigh lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga	78
6.4.1	Tacaíocht Teanga do Theaghlaigh nuathagtha	78
6.5	Pleanáil agus Forbairt fhisiceach	79
6.5.1	Taighde ar Fhorbairt Áiseanna Pobail ar an Oileán – Lárionad don Óige agus Caitheamh Aimsire	79
6.5.2	Tréimhse i gCléire – Scéim a bhunú chun daoine a mhealladh le teacht chun cónaithe ar Chléire ar feadh tréimhse	81
6.5.3	Turasóireacht Chultúrtha a chur chun cinn	83
6.5.4	Scéim Tithíochta do Chléire	85
6.5.5	Plean athchóirithe a réiteach don bhfoirgneamh ina bhfuil Siopa, Bialann agus Club Chléire	86
6.6	Staid na Gaeilge sa limistéar - Dearcadh, cumas agus nósmaireacht an phobail ina leith agus saibhriú na Gaeilge trí fhorbairt na n-ealaíon	88
6.6.1	Clár Ealaíon trí Ghaeilge, do phobal an oileáin, clár don óige san áireamh, a fhorbairt agus a bhuanú	88
6.7	Na Meáin Chumarsáide	90
6.7.1	Feachtas Feasachta agus Bolscaireachta don bPlean Teanga	90
6.8	Seirbhísí don aos óg agus d'aoisghrúpaí eile	91
6.8.1	Forbairt Seirbhísí don aosaigh	91
6.8.2	Naisc a chruthú le lucht gnó an Sciobairín	93
6.9	Spriocanna Forbartha atá ag Comharchumann Chléire Teoranta don Oileán	94
7.	Costais agus Maoiniú	96
8.	Forbairt Feasachta agus Poiblíocht	101
9.	Feidhmiú agus Monatóireacht	103
	<u>Aguisíní</u>	105

Plean Teanga Chléire

1. Eolas faoi eagraíochtaí atá ábharthach do Chléire	105
2. Foinsí Eolais	109
3. Suirbhéanna	110
4. Cur i láthar Údarás na Gaeltachta	134

Acrainmneacha atá úsáidte sna bearta

CCC – Comhairle Contae Chorcaí

CCTEO – Comharchumann Chléire Teoranta

CnaG – Conradh na Gaeilge

CONCOS - Comhchoiste Náisiúnta na gColáistí Samhraidh

MPT – Meitheal Pleanála Teanga

OPT – Oifigeach Pleanála Teanga

RCOG - An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta

RTCEGSM – An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán

TnaG – Tuismitheoirí na Gaeltachta

ÚnaG – Údarás na Gaeltachta

Réamhrá

Plean Teanga Chléire

Tá Oileán Chléire sonraithe/liostaithe in Acht na Gaeltachta 2012, ar cheann de na 26 Limistéar Pleanála Teanga atá le Plean Teanga a ullmhú agus a fheidhmiú de réir na dtreoirlínte atá leagtha síos san Acht do na Limistéir Ghaeltachta.

Cé gur oileán an-bheag í Cléire ó thaobh daonra de, agus go mbraitheann sí go mór ar athlonnú daoine ón mórthír go dtí an Oileán le go mbeadh pobal inmharthana ann, tá an Ghaeilge fós in úsáid go laethúil ann.

Ní trí thimpiste atá sé seo amhlaidh.

Tá iarracht déanta thar na mblianta ar gach leibhéal ag muintir Chléire tríd an gComharchumann agus grúpaí agus eagrais eile an Ghaeilge a choimeád lárnach i ngnáthshaol an oileáin.

Anois le gealltanas ón Rialtas go gcuirfear tacaíocht ar fáil do na Limistéir Pleanála Teanga a bpleananna a chur i bhfeidhm, is féidir linn a bheith níos dóchasaí ná riamh go bhfuil seans réasúnta ann go mbeidh an Ghaeilge le cloisteáil i gCléire níos faide anonn.

Tá pobal beo, bríomhar agus muiníneach i gCléire atá in ann ag dúshláin agus atá sásta seans a thógáil ar mhaithe le hinmharthanacht an oileáin a chinntiú.

Tá infheistíocht shuntasach déanta ag eagrais stáit an Rialtais i gCléire le blianta beaga anuas, idir an athnuachan suntasach atá déanta ar an infreastruchtúr sa chuan, athnuachan iomlán ar an gcóras uisce agus dromchla nua ar bhóithre uile an oileáin.

Is mór a chuirfidh an Mol Digiteach atá á fhorbairt ag Gteic faoi láthair lenár bpleananna agus muid ag glacadh páirt i dtogra Eorpach a chabhróidh linn plean fuinnimh a réiteach agus a reáchtáil don oileán.

Ná déanfadh muid dearmad go bhfuil saol digiteach dúshlánach againn in Oileán Chléire agus tá leath de na tithe ar an oileáin gan aon chlúdach gutháin fiú. An chúis is mó leis an bhfadhb seo ná go bhfuil an oileán chomh scartha amach ón mórthír agus go bhfuil sé chomh hiargúlta.

Tá togra nua tosaithe i gcomhpháirtíocht leis an Údarás Náisiúnta Iompair ina bhfuil dhá fheithicil leictreach in úsáid agus a luchtfar le fuinneamh glas a ghinfear ar an oileán ag úsáid foinsí nádúrtha.

Plean Teanga Chléire

Tá bearnaí gan dabht nach mór a líonadh, mar shampla i leith scéim tithíochta ar mhaithe le daoine a choimeád ar an oileán nó le cabhrú leo siúd atá ag iarraidh bogadh go dtí an oileán le páirt a ghlacadh sa saol Gaelach oileánda.

Tá gach iarracht déanta eolas cruinn agus macánta a sholáthar sa phlean chun gur féidir linn ar fad comhoibriú ar mhaithe le todhchaí phobal Chléire. Tá fíis againn d'úsáid na Gaeilge i measc an phobail agus tá spriocanna againn freisin atá le baint amach!

Fíis: An Ghaeilge a choimeád beo agus in úsáid ar an oileán, agus í a spreagadh ar fud an phobail.

Spriocanna: Beidh spriocanna éagsúla le baint amach ar Chléire más féidir, ach gan aon cheist is úsáid laethúil ár dteanga dhúchais i measc phobal beo inmharthana an oileáin an sprioc. Tá muid ag súil le líon na gcainteoirí Gaeilge a mhéadú ó 38% (mar atá léirithe sa suirbhé) agus é a ardú go 50%, chomh maith le ar a laghad 3 theaghlach nua a mhealladh go dtí an oileán roimh dheireadh shaolré an phlean ar mhaithe leis an teanga agus inmharthanacht phobal an oileáin.

Gabhaim buíochas leo sin ar fad a ghlac páirt i réiteach an phlean seo.

Ba mhaith liom buíochas speisialta a ghlacadh le Rachel Ní Riada, Oifigeach Forbartha Teanga, Údarás na Gaeltachta a thug tacaíocht agus cabhair dúinn leis an bplean ó tús go deireadh.

Máirtín Ó Méalóid

Comharchumann Chléire Teoranta

Nóta ón gCathaoirleach

A Chairde,

Seo Plean Teanga do Limistéar Pleanála Teanga Oileán Chléire don seacht mbliana seo romhainn. Ba mhaith liom buíochas a thabhairt do phobal Chléire a lín isteach an suirbhé cuimsitheach ar a bhfuil formhór den phlean teanga seo bunaithe. Glacaim buíochas ó chroí le coiste Chomharchumann Cléire Teo agus le gach aon rannpháirtí eile, idir óg agus aosta, a ghlac páirt sa phróiseas pleanála seo, ó thosach go deireadh, thar thréimhse an dá bhliain a thóg sé an plean a thabhairt chun críche. Mórshaothar atá sa phlean seo agus tá ardmholadh ag dul d'údair an phlean. Ár mbuíochas chomh maith le hÚdarás na Gaeltachta, a chuir maoiniú agus treoir ar fáil chun an plean seo a chur le chéile. Soiléiríonn an Plean Teanga seo na dúshláin mhóra atá romhainn anois mar eagraíocht agus go deimhin mar phobal Gaeltachta na bearta agus na spriocanna atá sa Phlean Teanga seo a bhaint amach agus a chur i gcrích. Is le chéile is fearr sinn, agus iarraim oraibh anois tógáil ar an spiorad pobail láidir is cúis leis an oileán beag seo a bheith ina Ghaeltacht in ainneoin na mbrúnna ar fad agus leanúint ar aghaidh ag obair le chéile chun ár dteanga agus ár gcultúr ársa a shlánú do na glúnta atá fós le teacht. Beatha teanga í a labhairt.

Niamh Ní Dhrisceoil

Cathaoirleach

Comharchumann Chléire Teoranta

Caibidil 1 - Cúlra an Phlean Teanga

Tá an iliomad sainmhínithe ar an bpleanáil teanga. Is féidir a rá go hachomair gurb é atá i gceist leis ná modhanna pleanáilte faoina ndéantar iarracht tionchar a imirt ar an tslí a n-úsáidtear teanga nó teangacha in aon phobal faoi leith. Is féidir a rá freisin gur cnuasach smaointe, dlíthe, rialachán agus cleachtas atá ann chun athrú pleanáilte maidir le húsáid teanga i bpobal faoi leith a bhaint amach. Is é an sprioc atá ag na bpleanáil teanga sa chás seo ná lucht labhartha na Gaeilge a mhéadú agus buanú a dhéanamh ar úsáid na Gaeilge mar theanga teaghlaigh agus mar theanga pobail. Tá an Plean Teanga seo réitithe chun na riachtanais atá leagtha síos in Acht na Gaeltachta 2012 a chomhlíonadh.

1.1 Cén fáth anois?

Léirigh **An Staidéar Cuimsitheach ar úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht** a foilsíodh sa bhliain 2007 go raibh úsáid na Gaeilge mar ghnáththeanga labhartha phobal na Gaeltachta i mbaol, fiú sna ceantair is láidre ó thaobh na teanga de. Is le coimisiún ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán a thug Ollscoil na Gaillimhe agus Ollscoil Mhá Nuad faoin dtaighde seo chun anailís a dhéanamh agus faisnéis a chur ar fáil ar staid na teanga sna ceantracha Gaeltachta. Léirigh an taighde nach mairfeadh an Ghaeilge mar ghnáththeanga sa phobal Ghaeltachta ach suas le 15 bliana mura ndéanfaí tréan iarrachta chun idirghabháil a dhéanamh agus bearta áirithe a chur i gcríoch le í a thabhairt slán.

Tá cuid mhaith de na moltaí a d'éascair as an taighde sin le fáil sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge a d'fhoilsigh an Rialtas sa bhliain 2010.

1.2 Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030

Leagann an Straitéis 20 bliain amach na gníomhaíochtaí atá beartaithe ag an Rialtas a dhéanamh chun na polasaithe atá aontaithe acu i leith na teanga a chur i bhfeidhm:

Is é aidhm pholasaí an Rialtais i leith na Gaeilge ná úsáid agus eolas ar an nGaeilge a mhéadú mar theanga phobail ar bhonn céimiúil. Is aidhm ar leith de chuid an Rialtais é a chinntiú go bhfuil an oiread saoránach agus is féidir

Plean Teanga Chléire

dáttheangach i nGaeilge agus i mBéarla. Tá sé ina dhlúth chuid de pholasaí an Rialtais i leith na teanga go ndéanfaí cúram agus soláthar ar leith don teanga sa Ghaeltacht, go háirithe i bhfianaise an taighde a léiríonn go bhfuil géarchéim ann maidir le hinmharthanacht na Gaeilge mar theanga phobail agus theaghlaigh sa Ghaeltacht.

(An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030)

Tá treoracha soiléire leagtha síos in Acht na Gaeltachta 2012 ar conas tabhairt faoi phróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht agus pleananna gníomh a chur i bhfeidhm chun tacú le slánú na teanga sa phobal.

1.3 Acht na Gaeltachta 2012

Tugann Acht na Gaeltachta 2012 feidhm don Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 ina ndeirtear go 'dtosófar próiseas pleanála teanga agus déanfar plean teanga a ullmhú ag leibhéal pobail do gach ceantar Gaeltachta faoin Acht nua' (Rialtas na hÉireann, 2010: 20). Faoin Acht, déanfar an Ghaeltacht, mar atá sí faoi láthair, a athshainiú mar Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta ach pleananna teanga a bheith aontaithe leis na pobail sna limistéir éagsúla.

Tá 26 Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta aitheanta chun críche an Achta, ó Dhún na nGall go Co Phort Láirge, agus beidh 26 Plean Teanga i bhfeidhm nuair a bheidh gach LPT faoi lán tseoil. Tá Oileán Chléire ainmnithe san Acht, ar cheann de na LPTanna sin.

Tá treoir le fáil san Acht ag na pobail Ghaeltachta ar conas dul i mbun an phróisis pleanála teanga mar shampla, ceanneagraíocht nó grúpa i gceannas ar an bpróiseas go háitiúil a roghnú le dul i mbun oibre agus Plean Teanga a réiteach.

Tá Baile Seirbhíse Gaeltachta ainmnithe san Acht le freastal ar gach LPT ach go mbeidh próiseas ann le go mbainfeadh an baile sin aitheantas amach mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta. I gcás Chléire, is é Cathair Chorcaí an baile seirbhíse is gáire.

1.4 An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán

Plean Teanga Chléire

Is é an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán an Rannóg Stáit atá freagrach as an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge agus polasaí an Rialtais i leith an Gaeilge a fheidhmiú sa tír ina hiomláine, i gcomhar le ranna rialtais agus eagraíochtaí stáit eile. Tá treoirlínte foilsithe ag an Roinn a thugann cur síos go mion ar na nithe is ceart a bheith i bPlean Teanga – idir riachtanais taighde, anailís, agus roghnú na mbeart. Cuireann an Roinn buiséad ar fáil chun Plean Teanga a fheidhmiú i ngach LPT i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta.

1.5 Údarás na Gaeltachta

Is é Údarás na Gaeltachta an eagraíocht ar an talamh a bhíonn freagrach as feidhm a thabhairt don phróiseas Pleanála Teanga sna LPTanna sa Gaeltachta agus na Bailte Seirbhíse Gaeltachta atá lonnaithe sa Ghaeltacht.

Tugann ÚnaG tacaíocht agus comhairle do na pobail le linn an phróisis ullmhúcháin agus na tréimhse feidhme – ó thaobh ullmhú na bpleananna, monatóireacht a dhéanamh ar chlár oibre feidhme an phlean a aontaítear, fostú foirne, bainistiú buiséid agus oiliúint.

1.6 Polasaí don Oideachas Gaeltachta

Níl amhras ná gur dul chun cinn cinniúnach i réimse na pleanála teanga, forbairt na Roinne Oideachais ar an bPolasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022. Tugann an polasaí seo aitheantas don ról lárnach atá ag an réimse oideachais ag gach leibhéal, do chaomhnú agus forbairt na teanga, an ceangal atá idir an teanga baile agus teanga na scoile, agus a thábhachtaí is atá sé an Ghaeilge a bheith lárnach i ngach gné de shaol an pháiste.

Caibidil 2 - Sonraí na Ceanneagraíochta

2.1 Comharchumann Chléire Teoranta

Bunaíodh Comharchumann Chléire Teoranta sa bhliain 1969 agus cláraíodh é i 1970, chun reáchtáil a dhéanamh ar chóras leictreach nua don oileán agus chun cúrsaí eacnamaíochta an oileáin a fheabhsú agus deireadh a chur leis an meath leanúnach a bhí tagtha ar dhaonra an oileáin le breis agus céad bliain roimhe sin. Bhí sé mar aidhm ag an gComharchumann fostaíocht a chruthú trí fhorbairt a dhéanamh ar an iascaireacht, feirmeoireacht, agus turasóireacht agus inmharthanacht an phobail oileánda a chinntiú.

Feidhmíonn an Comharchumann de réir rialacha ICOS. Toghtar coiste an Comharchumainn ag an gCruinniú Cinn Bliana. Cé go bhfuil na céadta ball ag an gComharchumann ag dul siar go dtí tús a réime, is iad sin atá ag cónaí ar an oileán is mó a bhíonn gníomhach in imeachtaí agus cruinnithe.

Bhí Comharchumann Chléire Teoranta agus pobal Chléire riamh an-ghníomhach i bhfeachtais chun ‘ceist na n-oileán’ a chur os comhair an phobail. D’éascair Comhdháil Oileáin na hÉireann as an mbunobair seo agus ar deireadh chuir an Rialtas Roinn na n-Oileán ar bun chun cúram a dhéanamh de gach ar bhain le saol agus forbairt na n-oileán.

I gCléire thacaigh an Stáit leis na hiarrachtaí forbartha a dhein an pobal. Bhí baint nach beag ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, Údarás na Gaeltachta, FÁS, An Bord Sláinte, Bord Soláthair an Leictreachais, agus Comhairle Contae Chorcaí leis an dul chun cinn a rinneadh ar an oileán. Is fíor go bhfuil saol i bhfad níos compordaí anois ag muintir an oileáin agus iad i mbun saothair san áit fhíor-álainn seo.

Thar na mblianta tá an-fhorbairt tagtha ar an gComharchumann agus ar an obair a bhíonn á láimhseáil ag CCTeo - ag reáchtáil Ionad Fiontar ar son Údarás na Gaeltachta, áit a bhfuil aonaid ar cíós ag gnólachtaí éagsúla ina measc Oifig an Chomharchumainn, oifigí na seirbhíse farantóireachta, ionad níos ádaí, seomra folctha do mhairnéalaigh, ceardlann adhmaadóireachta, láthair stórála breosla agus seirbhísí eile.

Réimse oibre an Chomharchumainn:

Plean Teanga Chléire

Ag obair i gcomhpháirtíocht le hÚdarás na Gaeltachta agus an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán

- chun pobal beo Gaelach inmharthana a choimeád ar Oileán Chléire.
- Forbairt Pobail Ghaeltachta
- Pleanáil d'fhorbairt eacnamaíochta, thionsclaíoch agus gnó áitiúil, lena n-áirítear cur chun cinn feasachta teanga i measc soláthraithe seirbhísí gnó i gceantair Ghaeltachta
- Forbairt ar Thurasóireacht Oideachais/Cultúir
- Ócáidí do dhaoine scothaosta
- Seirbhísí Sláinte agus Spóirt

Sampla maith de na himeachtaí pobail thuasluaite ná an réimse leathan imeachtaí sóisialta a reáchtáiltear ar an Oileán i gcaitheamh na bliana agus an tslí a fhreastalaíonn na himeachtaí seo ar óg agus aosta le chéile go minic i slí nach samhlaítear de ghnáth le himeachtaí den tsóirt seo sa mhór thír.

Mar shampla:

- Ceiliúradh Féile Chiaráin (5ú Márta).
- Imeachtaí éagsúla na Cásca.
- Cuairt rialta Grúpaí siúlóide agus cinn eile den tsóirt.
- Seisiúin ceoil traidisiúnta.
- Féasta Daidí na Nollaig.
- Rás 5k.
- Craobh sacair “idir oileánda” d'Iarthair Chorcaí.

Ina theannta sin tá rannpháirtíocht i réimse leathan forbartha ag CCTeo, ar mhaithe leis an bpobal, chun fostaíocht a chur ar fáil don phobal, agus i gcásanna áirithe chun ioncaim breise a chur ar fáil do CCTeo- ina measc iad seo thíos luaite:

Cumarsáid agus áisitheoireacht a dhéanamh idir pobal an Oileáin agus eagraíochtaí éagsúla, m. sh. Údarás na Gaeltachta, an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, an Roinn Oideachais agus Scileanna, Comhairle Contae Chorcaí srl, chomh maith le obair ar chonradh a dhéanamh ar son na n-eagraíochtaí sin

Plean Teanga Chléire

- Pleanáil agus cur i bhfeidhm straitéisí idir ghearrthearma agus fhadthearma chun inmharthanacht phobal Gaelach Chléire a chinntiú.
- Scéimeanna Pobail & Fostaíocht Shóisialta a riaradh.
- Bunseirbhísí riachtanacha a chur ar fáil, mar shampla, díolachán agus seachadadh peitрил, díosail agus ola teasa lárnach chomh maith le breosla tine, simint, gairbhéal agus ábhar eile chomh maith le hobair thógála agus cothabhála.
- Seirbhísí agus imeachtaí sóisialta a eagrú agus a riar ar mhaithe le pobal an oileáin, le béim faoi leith ar an bpobal óg agus iad sin atá ag síneadh amach in aois.
- An Seirbhís Iompair Tuaithe a rith ar Chléire agus ar Inis Arcáin.
- Áiseanna éagsúla ar an oileán a rith ar mhaithe le pobal an oileáin, mar shampla: Club Chléire, Oifig Eolais agus Siopa Ceirde, Iarsmalann Chléire, Biúró Oifige.
- Foirgnimh & Áiseanna á sholáthar do ghnólachtaí eile, mar shampla, Ionad Campála, Iarsmalann Chléire, An Siopa Beag.
- Coláiste Samhraidh Gaeilge (Coláiste Pobail Chléire) a riaradh agus a rith ar mhaithe le pobal an oileáin agus ar mhaithe le úsáid na Gaeilge ar an oileán.
- Tograí éagsúla ealaíon arna reáchtáil i gcomhpháirtíocht le Oifig Ealaíon Chontae Chorcaí agus Ealaíona na Gaeltachta.

Ballraíocht agus Ionadaíocht in eagrais eile

I dteannta na gnáthoibre a bhíonn ar bun ag an gComharchumann, tá ballraíocht agus ionchur ag an gComharchumann sna hinstitiúidí agus sna heagrais seo leanas:

Comhdháil na hÉireann

Comhar na nOileán

Concos

Comhlachas na gComharchumann agus Comhlachtaí Pobalbhunaithe (ccpb.ie)

Feidhmeannas Idir-oileánda Iarthar Chorcaí

Comhairle Pobail Oileáin Iarthar Chorcaí

Plean Teanga Chléire

Leader 2014 – 2020

European Small Island Networks (ESIN)

2.2 Coiste an Chomharchumann

Baill Choiste Comharchumann Chléire Teoranta 31/12/2020

Cathaoirleach: Niamh Ní Dhrisceoil

Leas-Chathaoirleach: Conor Ó Drisceoil

Rúnaí: Patsy Ó Drisceoil

Rúnaí Cúnta: Judith Gilbert

Cisteoir: Seán Ó Drisceoil

Baill Eile: Brennus Voarino

Joan Kearney

Is ar bhonn dheonach a oibríonn baill choiste an Chomharchumann ar mhaithe an phobail agus freastalaíonn siad ar go leor cruinnithe i rith na bliana agus ar chruinniú cinn bliana, chomh maith le gach cineál tacaíochta a thabhairt don Bhainisteoir agus foireann an Chomharchumann.

Tugann baill an choiste go leor cabhrach le réiteach agus eagrúcháin d'ócáidí éagsúla chomh fada is atá siad in ann. Ó am go ham freastalaíonn baill ar chruinnithe le páirtithe eile taobh amuigh den oileán.

Meitheal Pleanála Teanga

Ós rud é go bhfuil daonra agus achar fíor-bheag i gCléire níor cuireadh coiste foirmeálta pleanála teanga ar bun le linn tréimhse ullmhúcháin an phlean. Ghlac an Comharchumann, mar Cheanneagraíocht, freagracht as an bpróiseas comhairliúcháin agus pleanála. Bhí deis ag gach aon duine ar an oileán ionchur a bheith acu sa Phlean agus a dtuairimí agus a gcuid moltaí a chur ar fáil.

Tá Meitheal Pleanála Teanga ar leith á bhunú le bheith gníomhach i mbun tréimhse feidhmithe an Phlean agus tá cur síos ar bhallraíocht an Choiste sin

Plean Teanga Chléire

agus ar an ról a bheidh acu, i gcaibidil a 9 sa cháipéis seo. Ról athbhreithnithe agus monatóireachta is mó a bheidh ag an gCoiste seo.

2.3 Foireann an Chomharchumann

Rúnaí Oifige & leabharchoimeádaí : Bina Bn Uí Dhrisceoil

Rúnaí Choláiste Pobail Chléire: Eibhlín Bn Uí Lionáin

Saoiste: Seán Ó Drisceoil

Bainisteoir: Máirtín Ó Méalóid

2.4 Foinsí Maoinithe

Faigheann an Comharchumann Deontas Reáchtála bliantúil ó Údarás na Gaeltachta. Íocann sé seo tuarastail bhainistíochta agus riaracháin agus costais oifige eile. Íoctar roinnt mhaith de chostais freisin as an méid a shaothraítear ón réimse leathan fiontair shóisialta a reáchtálann an Comharchumann.

Tá réimse leathan seirbhísí á gcur ar fáil ag an gComharchumann, cuid acu atá ag íoc astu féin agus cuid eile nach bhfuil, ach iad ar fad ríthábhachtach do mhuintir an oileáin. Ciallaíonn sé seo go gcaithfear go leor oibre breise a dhéanamh, taobh amuigh den obair forbartha pobail chun gach rud a choimeád ag imeacht.

Tá foireann bhuan ag an gComharchumann atá ag plé le hobair riaracháin, obair forbartha pobail agus réimse leathan de sheirbhísí éagsúla ar nós seachadadh bhreosla, obair thógála agus go leor eile.


Caibidil 3 - Limistéar Pleanála Teanga Chléire

3.1 Suíomh Oileán Chléire

Tá Oileán Chléire suite san Atlantach amach ó chósta dheisceart Chorcaí tuairim is 8 km amach ó Dhún na Séad agus thart ar 100 míle ó Chathair Chorcaí.

Tá áilleacht niamhrach ag baint leis an dtírdhreach oileánda. Tá oidhreacht seanda na háite, an fásra, na claíocha agus leagan amach na bpáirceanna agus seantithe le tabhairt faoi deara go soiléir. Tá cáil dhomhanda ar Chléire mar áit a mheallann iliomad saghas éin ó fud fad an domhain, de bharr na gcoinníollacha aeráide uathúla atá ann.

Tá fuaimeanna an nádúir le cloisteáil i ngach aon áit timpeall an oileáin. Tá seantithe agus toibreacha le hais an bhóthair agus chífear iontu an lámh do thóg. Níl cuaisín, faill ná garraí gan a ainm agus a scéal féin ag gabháil leis.



3.2 Stair agus Oidhreacht an Oileáin

Mhair an Ghaeilge anseo agus maireann traidisiún na scéalaíochta i gcónaí go láidir. Tá roghnú deas déanta de bhéaloideas an oileáin sna sleachta atá ag Marian Gunn i Céad Fáilte go Cléire (1990). Tabharfaidh seo agus Seanchas Chléire (1940) le Conchúr Ó Síocháin blas de Ghaeilge agus seanchas an oileáin dóibh sin ar suim leo canúint an oileáin. Is breá Gaelach iad logainmneacha an oileáin mar atá Pointe Ard na tSrutha, Com na Cille Daite, Poll an Amhrais, Bollán na nDeargán, Mionnán na gCaillí, Tón an Amadáin agus breis is dhá mhíle ainm eile a bailíodh ó bhéal sna blianta 1976-90.


Gabhann stair na lonnaíochta ar an oileán siar na mílte bliain agus tá a rian sin ar an dtírdhreach. Iascairí agus lucht seolta farraige ba ea muintir an oileáin riamh. Bhí, mar sin, teagmháil le fada an lá acu leis an saol amuigh. Pobal ann féin iad pobal Chléire. Ach pobal atá scoite amach, atá ag brath go mór ar an gceangal leis an mórtóir chun a chinntiú go bhfuil seirbhísí agus soláthar ábhair agus bia leanúnach acu chun iad a thabhairt slán ó bhliain go bliain. Tá an tOileán ag brath go mór ar an turasóireacht chomh maith.

3.3 Daonra Chléire

Feictear ar Chléire gur tháinig athrú mór ar an daonra le céad bliain anuas. Cé gur tháinig ardú beag ar dhaonra an oileáin idir 1986 agus 1991 tá an meath ag teacht chun cinn arís, is baolach. Is léir gurb é seo an dúshlán is mó atá roimh phobal an oileáin. Tharlódh go bhfuil todhchaí an oileáin fite fuaite sa Ghaeilge agus san oidhreacht oileánda. Dúshlán don oileánach agus don chuairteoir atá sa mhéid sin.

Is í an difríocht idir 235 (daonáireamh 1961) agus 147 (daonáireamh 2016) ná 37.4%. Le déanaí, tá moill bheag tar éis teacht ar an laghdú daonra sin.

Plean Teanga Chléire



Léiríonn na staitisticí go bhfuil méadú de 1.4% tagtha ar dhaonra an LPT le scór bliain anuas (1996 – 2016):

DAONRA	1996	2002	2006	2011	2016
CLÉIRE	145	129	125	124	147
		(-11.0%)	(-3.1%)	(-0.08%)	(+18.5%)

Léiríonn an tábla thuas gur tháinig meath ar an daonra gach bliain seachas 2016 nuair a tháinig méadú de ós cionn 18% ar an ndaonra de réir an daonáirimh.

Tá an chuid is mó de dhaonra an LPT sna haoisghrúpaí 24 go 44 bliain d’aois (26%) agus 45 go 64 bliain d’aois (33%) de réir daonáireamh 2016. Is iad 0 go 4 bliain d’aois (3%) agus 13 go 17 bliain d’aois (5%) na haoisghrúpaí is lú sa LPT.

Tá sé deacair conclúid docht daingean a bhaint as fíricí a bhailítear i ndaonáireamh a bhaineann le pobal chomh beag le daonra Chléire – go háirithe chomh fada agus a bhaineann sé le spriocghrúpaí nó aoisghrúpaí níos lú fós, nuair a déantar cíoradh ar cheisteanna ar leith. Is féidir le teacht nó imeacht clainne nó dhó go dtí, nó as an oileán, difríocht an-mhór a dhéanamh

ar thorthaí na hanailíse agus ní mór é sin a thabhairt san áireamh agus scagadh á dhéanamh ar na figiúirí.

Léiríonn fíric eile de réir daonáireamh 2016 gur daoine nach de bhunadh na hÉireann iad 15% den daonra.

3.4 Áisíneachtaí Stáit atá lárnach i saol an Oileáin

Is iad Údarás na Gaeltachta, Rannóg na n-Oileán agus an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán na trí príomháisíneachtaí stáit atá ag déileáil leis an oileán.

Bunaíodh Rannóg na n-Oileán roinnt blianta siar le haird faoi leith a thabhairt do na hoileáin agus chun cabhrú leo trí sheirbhísí farantóireachta agus lastais, mar shampla, a chinntiú trí scéim fhóirdheonaithe.

De réir suíomh idirlín na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán

“Is cuid thábhachtach d'oidhreacht an Stáit na hoileáin mhara. Tá daoine ina gcónaí ar thart ar 30 de na hoileáin mórtimpeall an chósta agus tá oidhreacht chultúrtha luachmhar le fáil orthu. Tá sé mar chuspóir lárnach ag an Roinn seo go leanfaidh pobail bhríomhara, inmharthana ag cur fúthu ar na hoileáin.

Ní mór seirbhísí sásúla agus infreastruchtúr forbartha a chur ar fáil chun inmharthanacht na n-oileán a chinntiú. Tá sé mar chuspóir ag an Roinn féachaint chuige go ndéantar freastal ar na riachtanais sin trí infheistíocht chaipitil agus reatha a chur ar fáil tríd an Roinn féin agus trí Ranna agus eagraíochtaí ábhartha eile.

Tá tús áite tugtha ag an Roinn le blianta beaga anuas d'fhorbairt infreastruchtúr na n-oileán chomh maith le seirbhísí cuimsitheacha rochtana a fhoirdheonú. Tá caighdeán maireachtála phobal na n-oileán feabhsaithe go mór dá réir.”

3.5 Infreastruchtúr an Oileáin

An ceangal leis an mórtíir agus an síor-imeacht agus teacht thar farraige a thugann rithim agus fócas do shaol ar an oileán.

Plean Teanga Chléire

Go stairiúil is thar farraige amháin a bhíodh an teagmháil nó cumarsáid leis an saol mór amuigh, ach anois tá na modhanna cumarsáide nua-aimseartha céanna ag an oileán agus atá ag gach áit eile.

Is í an chéad radharc a bhíonn le feiscint ag an té a bhíonn ar a shlí go Cléire ná cnoc mór ard a shíneann faid an oileáin, comhthreomhar leis an bhfarraige, go dtí do dtagann an bád i dtír i gcroílár Chléire, i gcuan atá neadaithe i mbearna sa chnoc ard seo. Seo í an áit is gnóthaí ar Chléire, mar a bhfuil príomháiseanna agus infreastuchtúr sóisialta an phobail lonnaithe. Seo romhat Cuan Chléire agus Trá Chiaráin. Síníonn bóthar ón láthair seo tríd an gcnoc agus tríd an gcuid is caoile den oileán chomh fada le cuan eile – an Cuan Theas mar a tugtar air.

Na Seirbhísí Farantóireachta

Tá Cléire suite 8 míle amach ó chósta Iarthar Chorcaí. Tá dhá sheirbhís báid ag freastal ar an oileán, seirbhís ó Dhún na Séad a ritheann ar feadh na bliana agus seirbhís samhraidh ó Scoil Mhuire.

Tugann an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán fóirdheontas do sheirbhísí iompair atá riachtanach do na hoileáin amach ón gcósta a bhfuil cónaí orthu. Faigheann seirbhísí iompair chuig 19 n-oileán fóirdheontas ón Roinn faoi chomhaontuithe éagsúla a chumhdaíonn seirbhísí farantóireachta paisinéirí agus seirbhísí farantóireachta lastais.

Bíonn cláir ama éagsúla ann ag brath ar an am den bhliain. Déanann an príomhbhád farantóireachta, Dún an Óir II dhá thuras fillte in aghaidh an lae sa Gheimhreadh, trí huaire in aghaidh an lae i mí Bealtaine, mí an Mheithimh agus mí Mheán Fómhair, agus ceithre huaire in aghaidh an lae i mí Iúil agus mí Lúnasa. Tá dhá bhád a ritheann idir an oileán agus Dún na Séad, agus a dhéanann turais chuig Scoil Mhuire agus an Charraig Aonair le linn an tséasúir turasóireachta, is iad sin an Dún Aonghus agus an Dún na Séad.

Braitheann an tseirbhís farantóireachta ar an aimsir ar ndóigh, agus gach bliain bíonn laethanta ann go mbíonn gá amchlár an bháid farantóireachta a athrú, nó nach mbíonn bád farantóireachta in ann taisteal de bharr drochaimsire. Déanann criú an bháid a ndícheall pobal an Oileáin a chur ar an eolas faoi aon athraithe chuig an amchlár a luaithe agus is féidir, bunaithe ar réamhaisnéis na

Plean Teanga Chléire

haimsire, go háirithe má tá daoine ag obair ar an móirthír, ionas gur féidir leo iad féin a eagrú le teacht ar ais chuig an Oileán in am.

Músclaíonn trá Chiaráin gach lá ag am teacht agus imeacht na mbád farantóireachta. Bíonn daoine ag dul siar is aniar ar an gcé ag bailiú earraí, ag bualadh le cairde nó ag fáiltiú roimh chuairoteoirí is gaolta. Bhí dlúthbhaint ag Trá Chiaráin le saol an oileáin le fada an lá. Chaith na glúnta a saol ag saothrú anseo.

Bhí suas le 350 duine ag obair i dtionscail na hiascaireachta tráth i gCléire agus bhíodh láithreacha nó ‘stáisiún’ leasú éisc sa chuan ag comhlachtaí éagsúla a bhíodh i mbun ceannach agus easpórtáil éisc go Meiriceá agus an Bhreatain. Bíonn síor-theacht agus imeacht daoine anseo go fóill – daoine ag taisteal isteach is amach ón oileáin, bádóirí, lasta á bhailiú agus á sheachadadh agus ar ndóigh iascairí i mbun a gcúram féin. Baineann cuid mhaith de phobal an Oileáin úsáid as an gcuan, agus an tseirbhís farantóireachta ar bhonn laethúil nó seachtainiúil, chun taisteal chuig a láthair oibre ar an móirthír, nó chun taisteal chuig an meánscoil. Baintear úsáid go minic as chomh maith chun teacht ar áiseanna agus ar sheirbhísí nach bhfuil ar fáil go rialta ar an Oileán, mar shampla, ceachtanna snámha, ceachtanna damhsa, traenáil spóirt, gruagaire, dochtúir, siopaí éagsúla.

Cé gur leis an tseirbhís farantóireachta seo den chuid is mó a thaistealaíonn daoine isteach agus amach ón móirthír, tá a mbáid féin ag roinnt daoine freisin, cuid acu le ceadúnas paisinéirí, a dhéanann turais phríobháideacha, mura n-oireann amanna na seirbhíse farantóireachta dóibh ó am go ham. Cuireann an tseirbhís farantóireachta seirbhís éigeandála ar fáil chomh maith in am práinne.

Tá go leor obair fheabhsúcháin déanta ar an gcé thábhachtach seo, an príomhbhealach isteach chun an oileáin, idir chéimeanna nua agus gheataí stoirme chomh maith le sleamhnán nua ar an dtaobh thoir-thuaidh den chuan. Tá na feabhsúcháin seo ag cabhrú go mór i dtaobh lastas a thabhairt isteach agus amach.

Seirbhísí eile do bhádóirí agus iascairí

Tá pontúin curtha in áit ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara atá ag mealladh breis bád go dtí an oileán sa samhradh agus tá go leor seirbhísí ar fáil anois timpeall an chuain nach bhfuil le fáil chomh héasca i go leor áiteanna eile.

Tá buntáistí áirithe ag baint le Trá Chiaráin i gCléire na laethanta seo do bhádóirí atá ag iarraidh teacht go háit ina bhfuil réimse leathan seirbhísí ar fáil. Leis na forbairtí éagsúla a thit amach le blianta beag anuas, chomh maith leis na seirbhísí a bhí ann cheana tá go leor riachtanais clúdaithe anois.

I ngar don pontún nua agus na céibheanna tá teacht ar sheomra folctha agus seomra ceatha do bhádóirí, ionad níos áine éadaí, bia agus deoch, peitreal agus díosal, ionad athchúrsála agus bruscair, ionad campála, Ionad Sláinte, an tseirbhís iompair, oifig eolais, siopa agus gan dabht an bád farantóireachta.

Tá córas le cur in áit chun táillí a bhailiú ó úsáideoirí na bpontún agus na táillí sin a chur i dtreo duine a fhostú go páirt-aimseartha don samhradh chun súil a choimeád ar an bpontún féin agus seomra folctha na mairnéalach agus áiseanna eile.

Córais Iompair ar an oileán

Ón mbliain 2000 ar aghaidh tá scéim iompair tuaithe á fheidhmiú ag Bus Chléire a fheidhmíonn i rith na bliana ar fad. Cuirtear seirbhísí ar fáil do mhuintir an oileáin ar fad chomh maith le cuairteoirí.

Tá feithiclí leictreacha in úsáid sa tseirbhís iompair. Tá an Comharchumann ag obair i gcomhpháirtíocht leis an Údarás Náisiúnta Iompair ar thogra píolótach trí bliana.

Bíonn dhá ghluaisteán ag formhór na n-oileánach, ceann amháin ar an Oileán agus ceann ar an mórchóir.

Tá seirbhís bus ó Dhún na Séad go Corcaigh agus ar ais, a fhreastalaíonn ar an mbád farantóireachta ag uaireanta áirithe i rith an lae. Ní ritheann an tseirbhís ach chomh fada leis an Sciobairín ó Chorcaigh ar an Domhnach. Tá seirbhís

Plean Teanga Chléire

Nasc Áitiúil a ritheann idir Dún na Séad agus an Sciobairín ar an Satharn, a fhreastalaíonn ar mhuintir Chléire agus muintir Inis Arcáin.

An Córas Uisce ar an Oileán

Tá obair athshlánaithe ar na príomhphíobáin uisce ar an oileán tar éis cur go mór le caighdeán, cáilíocht agus sábháilteacht an tsoláthair uisce ar Oileán Chléire.

Mar pháirt den tionscadal seo, baineadh 11.5km de sheanphíopaí as an talamh; sé sin beagnach an líonra uisce ar fad ar an oileán féin agus cuireadh píopaí iomlán nua ina n-áit. Ciallaíonn sé seo go mbeidh sábháil uisce de 11 milliún lítear in aghaidh na bliana ag tarlú ar an oileán, uisce a bhí caillte roimhe seo mar gheall ar ligean uisce.

Mar thoradh ar an obair seo ar fad, is féidir brath i bhfad níos mó ar an gcóras uisce ar an oileán. Bhí an méid seo le feiceáil i Samhradh 2018, áit a raibh an triomacht is measa le seachtó bliain sa tír ach gan aon chur isteach ar an soláthar uisce ar an oileán, cleachtas ba ghnáth tarlú le blianta roimhe sin.

Tugann an líonra nua buntáistí móra do mhuintir an oileáin agus do ghnólachtaí áitiúla, na tithe tábhairne, An Siopa Beag agus bialann Seán Rua mar shampla, chomh maith le tacú leis an earnáil turasóireachta, go háirithe i rith an tsamhraidh nuair a bhíonn an oileán fíor-ghnóthach. Seo obair a rachaidh chun tairbhe don oileán ar fad ar feadh na mblianta atá le teacht.

Córais Cumarsáide Chléire

Tháinig an chéad teileafón go dtí an oileán i 1941. I 1955, cuireadh córas ar fáil ina raibh ceithre ghuthán ar dhá líne oscailte go dtí an mórthír. Baineadh úsáid as muileann gaoithe leis tráth chun cumhacht a choimeád leis an gcóras.

Tá an Malartán nua suite in Ardghort. Baineann an córas seo úsáid as gléas glacadóireachta micreathonn chun teachtaireachtaí a sheoladh isteach agus amach ón mórthír. Is féidir leis an gcóras 200 líne fóin a láimhseáil. Cé go n-úsáideann sé an córas leictreachais phoiblí, tá gineadóir neamhspleách sa Mhalartán a úsáidtear má theipeann ar an aibhléis.

Plean Teanga Chléire

Níl aon chlúdach fón soghluaiste ag go leor do thithe Chléire faoi láthair ach tá céimeanna á dtógáil chun é seo a fheabhsú. Tá sé i gceist gach tacaíocht a thabhairt do chomhlacht cumarsáide trealamh a chur ar an oileán a chuirfeadh córas ar fáil dóibh sin nach bhfuil sé acu faoi láthair.

Níl córas iontach idirlín nó leathanbhanda ar an oileán, ach tá céimeanna á dtógáil chun é seo a fheabhsú. De réir daonáireamh 2016 tá seirbhís leathanbhanda in úsáid ag 58.8% den phobal agus tá ceangal idirlín trí fhoinsé eile ag 13.7%. Tá sé i gceist suíomh leathanbhanda pobail a chur ar fáil ag Coláiste Pobail Chléire, beidh sé seo déanta i gcomhpháirtíocht le Comhairle Contae Chorcaí.

Tá Mol Digiteach gteic forbartha ar an oileán le cúnamh ó Údarás na Gaeltachta. Cuirfidh sé seo go mór le deiseanna cumarsáide nua-aimseartha agus cruthóidh sé féidearthachtaí fiontraíochta agus fostaíochta ar an Oileán.

Córas Aibhléise

Bunaíodh Comharchumann Chléire Teoranta sa bhliain 1969 agus cláraíodh é i 1970, chun reáchtáil a dhéanamh ar chóras leictreach nua don oileán. Chuir an Bord Soláthair Leictreachais infreastruchtúr in áit agus gineadh leictreachas le gineadóirí innill díosail.

Cuireadh muilte gaoithe in airde i 1986 mar chuid de thaighde a bhí ar siúl ag an am faoi chórais cuimsithe gaoth-díosail-cadhnraí le haghaidh pobail bheaga iargúlta. B'iad seo na céad muilte gaoithe in Éirinn go raibh rath orthu. Níl na muilte gaoithe in úsáid faoi láthair toisc go bhfuil a saolré éifeachtach thart.

I 1997 rinneadh coimisiúnú ar chábla fómhuirí a bhí leagtha go dtí an oileán i 1996 agus tá córas aibhléise an oileáin nasctha le córas na mórthíre.

Rinne Cléire iarratas chuig an gCoimisiún Eorpach ag iarraidh páirt a ghlacadh i dtogra Eorpach a chabhróidh linn plean fuinnimh a réiteach don oileán. D'éirigh linn agus tá Cléire anois ar cheann de 26 oileán Eorpach a bhfuil

aitheantas acu mar cheannródaithe a réiteoidh plean fuinnimh a chabhróidh leo iompú go húsáid fuinnimh ghlais nádúrtha.

3.6 An Córas Oideachais

Luathoideachas/Naíonra

Bhí naíonra ar an Oileán go dtí 2017. Bhí sé suite in aonad i bhfoirgneamh de chuid Údarás na Gaeltachta, an áit ina bhfuil an mol digiteach anois. Chuir sé go leor seirbhísí ar fáil le maoiniú ó fhoinsí éagsúla. Bhíodh go leor imeachtaí suimiúla ar siúl ann ar mhaithe le páistí agus ógánaigh ach ar an drochuair dúnadh an tseirbhís de bharr easpa páistí óga agus easpa éilimh ar sheirbhísí. Gan dabht cuirfear a leithéid in áit arís má tá éileamh ann dó.

Bunscolaíocht

Tógadh Tigh na Scoile nó an Scoil Náisiúnta seo atá suite i mbaile fearainn Choinnlin, gar don Chuan Theas sa bhliain 1897. Roimhe sin bhí an scoil suite san fhoirgneamh ina bhfuil an Láthair Oidhreacht anois. Rinneadh áthchóiriú ar an scoil seo i 1988 agus sa bhliain 1997 ceiliúradh Céad Bliain na Scoile. Don scoilbhliain 2020 bhí ochtar páiste cláraithe. Tá iarratas déanta ag an scoil ar aitheantas a bhaint amach mar scoil Ghaeltachta faoin bpolasaí don Oideachas Gaeltachta.

Meánscolaíocht

Níl oideachas don dara leibhéal le fáil ar an Oileán.

Dá bhrí sin téann gasúir an oileáin amach go dtí an mórhír le freastal ar an meánscoil. Téann roinnt scoláirí go scoileanna cónaithe agus bíonn roinnt eile ag fanacht i dtithe lóistín ar an mórhír. Is iad scoileanna lae i Scoil Mhuire nó sa Sciobairín is mó go mbíonn tóir orthu agus is oideachas trí Bhéarla amháin a bhíonn ar fáil iontu.


Ó am go ham, roghnaíonn tuismitheoirí, más acmhainn dóibh é, tigh a fháil ar cíós ar bhonn sealadach ar an mórhír chun go mbeidís in ann a gcuid páistí a bheith in éineacht leo san oíche, go háirithe nuair a bhíonn na páistí óg. Ar ndóigh is costas breise é seo ar thuismitheoirí agus is minic a bhíonn

Plean Teanga Chléire

tuismitheoir amháin ar an oileán, agus duine eile ar an mórhír ar feadh tréimhsí áirithe agus na páistí á dtógáil.

Oideachas/Cúrsaí do Dhaoine fásta

De réir an tábla thíos tá leibhéal níos airde ná an meán don daonra a bhfuil cáilíochtaí 3ú leibhéal Náisiúnta agus Gaeltachta bainte amach acu de réir daonáireamh 2016.



Léirítear chomh maith go bhfuil 4.70% ina bprintísigh agus tá 15.80% gan oideachas foirmeálta. *“Próifíl Shochearnamaíoch de na seacht gCeantar Gaeltachta in Éirinn” (Pádraig Ó Céide Samhain 2018)*

Cúrsaí do Dhaoine fásta

Reáchtálann Comharchumann Cléire cúrsaí éagsúla ar an oileán.

Bíonn ranganna Gaeilge ar leibhéil éagsúla á rith go rialta mar shampla agus bíonn réimse sách leathan de chúrsaí éagsúla ar fáil do phobal an oileáin chomh maith, ag brath ar éileamh.

Bíonn béim faoi leith ar ranganna ealaíon, mar shampla potaireacht.

Cuirtear roinnt mhaith traenála agus ranganna ar fáil le cúnamh ó Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí, mar shampla cúrsaí adhmaadóireachta agus clochgherradh.

3.7 Tithíocht ar an Oileán


Léargas ar chúrsaí tithíochta ar an Oileán de réir daonáireamh 2016.

Léiríonn an tábla thíos go bhfuil 15.40% de thithe an oileáin folamh, lasmuigh de thithe lóistín. Mar sin féin níl na tithe seo ar díol ná á gcur ar fáil ar cíós. Níl teacht go héasca mar sin ar thithe do dhaoine gur mhian leo bogadh isteach ar an oileán. Dá mbeadh tithe le fáil d'fheadfadh níos mó daoine bogadh chuig an oileán agus chuirfí le líon an daonra.

5.9% líon na dtithe sóisialta atá ar an oileán de réir an daonáirimh.

Fíric eile atá suimiúil ná go bhfuil úinéireacht ag céatadán níos mó daoine (78.40%) ar Chléire ar a dtithe féin ná mar atá go náisiúnta sa Ghaeltacht ina hiomláine.

Tá tithe ar cíós ag 9.10%



Foinse; “Próifíl Shocheacnamaíoch de na seacht gCeantar Gaeltachta in Éirinn” (Pádraig Ó Céide Samhain 2018)

3.8 An Geilleagar agus Cúrsaí Fiontair agus Fostaíochta ar an Oileán

De réir daonáireamh 2016 bhí ráta fostaíochta de 96.4% agus ráta dífhostaíochta de 3.6% ar an Oileán. Pobal an-ghnóthach iad muintir Chléire!

Tá eacnamaíocht an oileáin measctha anois mar atá i go leor áiteanna eile. Tá feirmeoireacht ann mar a bhí i gcónaí ach sa tslí nua-aimseartha sin a chiallaíonn go bhfuil an feirmeoir ag gabháil do go leor eile chun slí bheatha a dhéanamh seachas an fheirmeoireacht leis féin.

Níl mórán iascach ar an oileán a thuile ach cúpla bád. Ach an oiread le go leor áiteanna eile níl an méid iasc thart agus a bhíodh agus arís iad sin atá ag déanamh roinnt éigin iascach ní mar príomhshlí beatha atáthar á dhéanamh ach mar chuid de mheascán oibre éagsúla.

Tá go leor d'eacnamaíocht an oileáin bunaithe ar sheirbhísí éagsúla a chur ar fáil agus gan dabht ar an turasóireacht agus go deimhin tá Coláiste Samhraidh an oileáin mar chuid lárnach de sin. Tá formhór na ndaoine ar an oileán fostaíthe i réimse na turasóireachta. Is léir go bhfuil baint mhór ag cúrsaí turasóireachta le fostaíocht agus geilleagar an oileáin. Bhí dhá choláiste i gCléire go dtí gur dúnadh Coláiste Chiaráin cúpla bliain ó shin, caillteanas mór don oileán ó thaobh gníomhaíocht eacnamaíochta de ach ina chaillteanas níos mó ná sin ó thaobh an tionchair teanga agus cultúrtha a bhí mar thoradh ar an gcoláiste.

Tá an Comharchumann féin lárnach in eacnamaíocht an oileáin agus ag tabhairt tacaíochtaí de gach saghas do ghnólachtaí agus daoine aonair atá ag iarraidh gnó a reáchtáil ar an oileán. Tá sé mar aidhm ag an Comharchumann tacaíocht agus cúnamh nó cabhair a thabhairt do ghnólachtaí nua chun iad a chur sa siúl ar mhaithe leo sin atá á bhforbairt agus ar mhaithe an phobail oileánda ina iomláine.

Tá an tseirbhís farantóireachta lárnach chomh maith i bhfeidhmiú éifeachtach na heacnamaíochta agus cruthú fostaíochta. Cuireann bainistíocht agus foireann na comhlachta farantóireachta seirbhís den scoth ar fáil agus bíonn

siad ag obair ar a ndícheall chun paisinéirí agus earraí riachtanacha a thabhairt isteach agus amach.

3.9 Fostaíocht

Tá gach gnáthchineál poist i gCléire agus roinnt mhaith post nua-aimseartha freisin, go háirithe ina measc sin atá féin fhostaithe. Is minic ar oileán go mbíonn daoine ag gabháil do níos mó ná post nó slí bheatha amháin.

Is é an Comharchumann an fostóir is mó ar an oileán le 13 duine fostaithe go lánaimseartha nó go páirtaimseartha

Tá go leor fostaithe ag an tSeirbhís Farantóireachta, tá criú de seisear buan agus roinnt mhaith daoine breise i rith an tsamhraidh.

Tá daoine fostaithe le seirbhísí Stáit a sholáthar mar shampla - sa scoil náisiúnta, don Chomhairle Contae agus seirbhísí sláinte agus cúram pobail.

Tá daoine fostaithe san earnáil fáilteachais – An Café, Bialann agus na Tithe Tábhairne.

Ina theannta sin tá go leor daoine féinfhostaithe le slite beatha nó gnólachtaí éagsúla ar bun acu, bídís páirtaimseartha nó lánaimseartha: Feirmeoirí, iascairí, siúinéirí, tógálaithe, garraíodóirí, ealaíontóirí agus ceardaithe.

Iad sin a dhéanann earraí éagsúla le díol sa Siopa Ceirde

Tá go leor eile ag brath ar an turasóireacht – ag soláthar Lóistín agus Bricfeasta, ag cur tithe saoire ar fáil ar cíós, ag gníomhú mar mhná tí don Choláiste Samhraidh.

Bíonn go leor d'fhostaíocht shéasúrach ar fáil sa Choláiste Samhraidh, sa Bhrú agus san Ionad Campála agus bádóirí a sholáthraíonn turais mara.

Roinnt mhaith daoine atá féinfhostaithe ag obair san earnáil teicneolaíochta faisnéise agus daoine a dhéanann obair aistriúcháin le teangacha Eorpacha.

Roinnt mhaith daoine atá ag obair ar an mórhír i bpoist éagsúla.

Daoine atá ar scéimeanna oibre éagsúla.

Plean Teanga Chléire

Fiontar nua atá tagtha ar an bhfód le déanaí ná Dríoglann Inis Cléire a tháinig ar an bhfód in 2019. Beidh méadú de réir a chéile ag teacht ar an bhfostaíocht anseo agus forbairt á dhéanamh air mar ionad do chuairteoirí.



Fiontar Fostaíochta agus gnó ar an Oileán

Tá Ionad Fiontair de chuid Údarás na Gaeltachta i dTrá Chiaráin, Ionaid Oifige agus gnó arna sholáthar do ghnólachtaí éagsúla. Úsáideann pobal uile an oileáin an t-ionad i slí amháin nó i slí eile ag brath ar a gcuid riachtanas.

Is anseo atá oifigí Chomharchumann Chléire Teoranta, Oifig na Seirbhíse Farantóireachta, Aonaid Fiontair ar cíós do ghnólachtaí, suíomh gTeic, suíomh athchúrsála agus bruscair.

Tá ionad níos chomhfhiosúil ina bhfuil inneall níos chomhfhiosúil agus triomadóir éadaí lonnaithe anseo freisin. Cuireann an áis seo go mór leis na seirbhísí atá ar fáil i gceantar an chuain do bhádóirí agus cuairteoirí eile.

Tá seomra folctha, leithreas agus cith ar fáil do lucht báid agus daoine eile atá ag teacht go dtí na pontúin sa chuan.

Ta ionad bruscair agus ionad athchúrsála ar fáil do mhuintir an oileáin chomh maith le cuairteoirí.

3.10 Seirbhísí agus Áiseanna Pobail ar an Oileáin

Seirbhísí Pobail, Sláinte agus Sábháilteachta ar Chléire

Níl aon ionad d’aosaigh nó ionad lae ag feidhmiú i gCléire faoi láthair ná níl ionad ná spás faoi leith ag freastal ar riachtanais/seirbhísí don óige.

I gcás éigeandála sláinte tá rogha de shlite ar féidir duine a thabhairt amach as an oileán go dtí an mórhír nó díreach chuig ospidéal.

I gcás nach bhfuil róthromchúiseach, is féidir duine a thabhairt amach ar an mbád farantóireachta agus ansin i ngluaisteán nó otharcharr chuig an áit chuí.

Is féidir duine a thabhairt ar an mbád tarrthála, a thagann ó Dhún na Séad, go dtí an mórhír áit a mbeidh otharcharr ag fanacht más gá, nó i gcásanna áirithe tugtar daoine amach ar an heileacoptar atá in ann tuirlingt ar an heileapad a tógadh i 2006 ar mhaithe lena leithéid de sheirbhís a bheith ar fáil.

Cuirtear fios ar na seirbhísí éigeandála trí ghlaoch a chur ar 999 nó 112. Is féidir teacht ar na Gardaí nó ar an seirbhís dóiteáin trí ghlaoch a chur ar na huimhreacha sin chomh maith.

Tá altra cónaitheach ar Oileán Chléire a chuireann seirbhís 24/7 ar fáil agus tagann dochtúir teaghlaigh isteach go dtí an t-oileán gach sé seachtaine chuig an Ionad Sláinte.

Mura bhfuil altra nó dochtúir ar an Oileán, an tIonad Sláinte is gaire ná an Sciobairín. Tá seirbhís “Southdoc” ar fáil sa Sciobairín san oíche agus ag an deireadh seachtaine. An t-ospidéal is gaire ná Ospidéal Bheanntaí, ach an Rannóg Éigeandála is cóngaraí ná Ospidéal Ollscoile Chorcaí.

Cé nach bhfuil scéim fhoirmiúil do chéad fhreagróirí ann, tá oiliúint curtha ar dhaoine deonacha agus tá dhá dífhibrileoir ann.

Ta roinnt seirbhísí ar an oileán d’aosaigh agus do dhaoine le fadhbanna sláinte.

Plean Teanga Chléire

Tá córas cúnaimh baile in áit ach bíonn sé dúshlánach daoine a fháil chun an obair seo a dhéanamh. Is príomhghné é soláthar cúnaimh bhaile dóibh siúd a dteastaíonn sé uathu chun daoine a choinneáil ina mbaile féin chomh fada agus is féidir.

I measc na seirbhísí a thabharfaí isteach ar cuairt dá mbeadh gá leo tá teiripe shaothair, teiripe urlabhra agus teanga, seirbhísí cosliachta agus seirbhísí sláinte scoileanna.

Siopadóireacht ar Chléire

An Siopa Beag

Seo an t-aon siopa amháin ar Chléire, a fhaigheann an chuid is mó d'earraí isteach ón mórthír go laethúil. Tá an gnó in úinéireacht phríobháideach i bhfoirgneamh atá ar cíós ó Chomharchumann Chléire Teoranta. Tá an foirgneamh seo suite ar shuíomh aoibhinn le radharc iontach ar an gcuan agus é i gcroílár an aonaigh ó thaobh gnó de.

Tá roinnt ábhar a tháirgtear ar an Oileán le ceannach sa tsiopa anseo freisin. Is féidir do chuid gnó a dhéanamh trí mheán na Gaeilge agus déantar gach iarracht cuairteoirí a mhealladh chun cúpla focal a úsáid.

Tá bialann bheag lonnaithe sa spás céanna leis an siopa – áit go dtéann pobal na háite agus turasóirí le haghaidh caife nó greim gasta le n-ithe.

Tá Club Chléire – áis agus spás fíor thábhachtach do shaol sóisialta an Oileáin – lonnaithe ós cionn an tsiopa, sa chuid uachtarach den bhfoirgneamh seo. Club atá in úinéireacht an Chomharchumainn is ea é. Bíonn go leor ócáidí agus imeachtaí Chultúrtha ar siúl anseo i rith na bliana. Bíonn fáilte roimh chuairteoirí ach iad féin a chlárú.

Tá deiseanna iontacha ann an foirgneamh seo a athchóiriú agus a fhorbairt.

Seirbhísí ar an mórthír

Is go dtí an Sciobairín is mó a théann muintir Chléire de ghnáth má tá siad ag lorg earraí nach bhfuil ar fáil i gCléire. Cuireann ollmhargadh sa Sciobairín seirbhís seachadta ar fáil agus is féidir bia a ordú ar an nguthán nó ar líne agus tabharfar iad go dtí an bád farantóireachta.

Plean Teanga Chléire

Tá dhá thigh tábhairne fágtha ar an Oileán:

Tigh Choitir atá beag ach compordach, agus áit ar féidir béile a fháil i rith an tsamhraidh. Bíonn Féile Beag Ceoil “Bobstock” ar siúl anseo gach bliain agus bíonn ceoltóirí ag seinm ann ó am go ham.

Tigh Chiarán Danny Mike - Teach Tábhairne réasúnta mór, áit ar féidir béile a fháil i rith an tsamhraidh. Bíonn ceoltóirí ag seinm ann ó am go ham. Tá sé suite ar an suíomh céanna le Tithe Saoire Chléire.

Seirbhísí Poist

Tá fear an phoist ar Chléire. Tagann litreacha agus post eile isteach ar an mbád farantóireachta. Tá seirbhís stampaí srl le fáil sa tsiopa.

Seirbhís Leabharlainne

Leabharlann Oileán Chléire

Tá réimse leathan leabhar le fáil i leabharlann Oileán Chléire ar iasacht do dhaoine fásta agus páistí lena n-áirítear closleabhair agus DVDanna.

Tá na nuachtáin reatha agus na tréimhseacháin seo a leanas le fáil san leabharlann le léamh; Irish Examiner, Southern Star, Farmer's Journal, agus Senior Times.

Eagraítear imeachtaí éagsúla i rith na bliana, lena n-áirítear páirt a ghlacadh i Seachtain na Gaeilge, i bhFéile na Bealtaine, Clár Ealaíona an Samhraidh in Iúil & Lúnasa agus Féile Leabhar na Páistí i nDeireadh Fómhair.

Seirbhísí Eaglasta

An Séipéal Caitliceach

Tógadh an séipéal sa bhliain 1839. Cé go raibh ceann tuí ar an séipéal ar dtús cuireadh díon slinn air nár mhair i bhfad agus in 1855 b'éigean díon nua slinn a chur in airde. Bhí sagart ina chónaí go seasta ar an Oileán go dtí 1999. Tagann sagart ón móirthír ar an Domhnach chun Aifreann a rá.

Déantar páistí a bhaisteadh ar an oileán agus bíonn Céad Comaoineach ann chomh maith. Téann gasúir faoi lámh Easpaig ar an móirthír na laethanta i dteannta gasúir ón móirthír.

Tagann sagairt de chuid creidimh eile isteach ó am go ham chun seirbhísí a reáchtáil.

Caitheamh Aimsire ar Chléire

Tá go leor acmhainní nádúrtha ar Chléire a chuireann go mór le deiseanna caitheamh aimsire a bheith ar fáil do mhuintir an oileáin agus do chuairoteoirí araon – an fharraige agus na tránna, na sléibhte agus na siúlóidí, an dúlra, na héanlaithe agus iarsmaí a bhaineann leis an seansaol mar shampla. Tá club curachóireachta ar an Oileán agus bíonn seisiúin oiliúna agus babhtaí curachóireachta ar bun i rith an tsamhraidh.

Ó thaobh cúrsaí spóirt de tá an daonra chomh beag go bhfuil dúshlán ag baint le cluichí spóirt áirithe a reáchtáil, nó foirne a chur le chéile – peil agus iománaíocht mar shampla. Tá fáil ar pháirc bheag peile de chuid Choláiste Chléire chun ócáidí spóirt faoin aer a reáchtáil.

Baintear úsáid as Halla Choláiste Chléire chun imeachtaí laistigh ar nós badmantan, ióga srl a chleachtadh i rith an Gheimhridh.

Níl aon áiseanna aclaíochta, ná clós spraoi faoin aer ar fáil do leanaí ar an Oileán.

Maidir le cúrsaí snámha, níl aon linn snámha ar an oileán, ach ar ndóigh is féidir snámh san fharraige

Na príomhchlubanna atá ar an Oileán

Bord Bainistíochta Scoile
Cumann na bhFeirmeoirí
Club Leabhar i gcomhar leis an Leabharlann
Grúpa coicareachta
Grúpa Margadh na Feirme

3.11 Turasóireacht ar Chléire

Níl aon dabht ach go dtagann an líon is mó turasóirí go Cléire idir mí Aibreán agus mí Mheán Fómhar ach bíonn roinnt bheag éigin ag teacht i rith an Gheimhridh freisin, go háirithe lucht faire éin.

Plean Teanga Chléire

Tá deiseanna áirithe turasóireachta ag Cléire nach bhfuil i ngach ceantar tuaithe nó ar gach oileán. Tá áilleacht agus fiántas le feiceáil ó gach pointe ar an Oileán.

Is féidir an Charraig Aonair a fheiceáil siar ar imeall na spéire ón gcuid is airde den bóthar a théann siar go dtí an Loch. Soir ó dheas, ag barr Chnoicín an tSeabhaic tá an seanteach solais agus túr faire a tógadh i ndiaidh theacht na bhFrancach go Beanntraí sa bhliain 1796.

Ó dheas sa Ghleann Iarthach tá Pointe na Boilge, Cuan Inbhir, Bollán na nDeargán a shíneann chun farraige agus ansin éiríonn an talamh go dtí an Sliabh Ard mar a raibh láthair faire tráth ag foireann an stáisiúin teileagraif.

Tá muintir an Oileáin ag brath go mór ar an dturasóireacht agus go leor den phobal ag baint slí bheatha as an dteacht isteach a thuilleann siad ón dturasóireacht. Ní hionadh go mbeadh tarrac ag turasóirí ar an gceantar de bharr an áit ina bhfuil sé suite agus na radhairc áille atá mór thimpeall air, de bharr an fiadhúlra raidhsiúil atá le fáil ann, agus de bharr na láithreacha staire agus oidhreachta atá go tiubh ar fud an bhaill.

Gan dabht, is seoid bhreise í an teanga Ghaeilge a bheith fós le clos ar an Oileán.

Tá trí shaghas ar leith turasóireachta i gceist le Cléire – turasóirí lae, cuairteoirí a thagann ar feadh seal níos faide, agus lucht an Choláiste Samhraidh.

Ard na Gaoithe

Tá leaba agus bricfeasta ar fáil anseo agus an teach álainn timpeallaithe le radhairc dochreidte. Cuirtear Fáilte agus Fiche roimh chuairoteoirí chuig an lóistín aitheanta seo.

Tháinig Ard na Gaoithe sa chéad áit sa rannóg ‘Eispéireas Turasóireachta Gaeltachta’ sa chomórtas náisiúnta bliantúil Business All-Stars i 2018, a thugann aitheantas do ghnóthaí a bhaineann barr feabhais amach san earnáil ghnó.

Plean Teanga Chléire

Tithe Saoire Chléire agus Ionad Campála Chléire

Tá tithe ar fáil anseo ar cíós le haghaidh laethanta saoire agus uaireanta ar cíós níos fadtéarmaí. Tá siad seo suite in aice le Teach Tábhairne Ciarán Danny Mike, áit a mbíonn béilí ar fáil chomh maith.

Ionad Campála Chléire Haven

Ionad campála agus láthair “glamping”. Tá *yurts* ar fáil ar le haghaidh laethanta saoire anseo agus go leor clann ag teacht go dtí an áit le blianta beaga anuas.

An Brú

Tá an Brú suite i gCuan Inbhir agus daoine ag teacht ag fanacht le fada. Bíonn sé ar oscailt ón Cháisc ar aghaidh. Is minic a thagann grúpaí scoile agus grúpaí eile ann. Tá áiseanna cócaireachta agus eile ar fáil ann.

Is áis iontach é an Brú a thugann deis imeachtaí a eagrú do spriocghrúpaí ar leith le teacht chun an Oileáin agus páirt ghníomhach a bheith acu i saol an Oileáin

Tithe Saoire éagsúla

Tá tithe éagsúla ar fáil ar cíós le haghaidh laethanta saoire agus uaireanta ar cíós níos fadtéarmaí. Tá siad seo suite ar fud an oileáin.

Coláiste Samhraidh

Tá Coláiste Samhraidh amháin ar an oileán, Coláiste Pobail Chléire. Is Coláiste fíorbheag atá ann i gcomparáid le coláistí eile ach tá sé fíor thábhachtach don oileán ó thaobh na Gaeilge, na heacnamaíochta agus ó thaobh sóisialta de.

Tá foirgneamh nua-aimseartha a tógadh i 2006 ina bhfuil trí sheomra ranga, halla, cistin agus leithris in úsáid agus glactar suas le 60 pháiste ar gach cúrsa. Úsáidtear an spás seo i rith an gheimhridh le haghaidh imeachtaí pobail éagsúla chomh maith le hoícheanta spóirt. D’fhéadfaí níos mó úsáid a bhaint as cuid de na seomraí i rith an gheimhridh dá mbeadh siad ag teastáil.

Tá dúshlán go leor ag baint leis an gcoláiste, i dtaobh lóistín go háirithe. Le blianta anuas tá laghdú mór tagtha ar líon na leapacha atá ar fáil le haghaidh scoláirí agus tá an coláiste ag brath go mór ar na brúnna.

Plean Teanga Chléire

Lóistín do na scoláirí - Éirí na Gréine

Fanann scoláirí Gaeilge atá ag freastal ar Choláiste Pobail Chléire in Éirí na Gréine. Is féidir seisear déag a choimeád ann. Úsáidtear Éirí na Gréine mar lóistín do dhreamanna éagsúla eile taobh amuigh de shéasúr an Choláiste Samhraidh. Is minic a fhanann ealaíontóirí ann.

Príomhláithreacha spéise do thurasóirí agus cuairteoirí

Gallán Chiaráin agus Tobar Chiaráin

Bhíodh cúig cinn de mharcanna ar thaobh amháin den ghallán seo sa seanam agus deirtí gur rian méara Naomh Ciaráin a bhí iontu. Tá siad anois glanta den ghallán, is cosúil. Tá crosa gearrtha ar thaobhanna an philéir agus táthar den tuairim go bhfuil barr an ghalláin níos ársa.

Tharlódh gur gallán ó Ré an Iarainn atá ann agus gur rinneadh ‘críostú’ air le teacht na Críostaíochta go Cléire faoi anáil Naomh Ciarán, naomh phátrún an oileáin. Cumann Iarsmalann Chléire a d’eagraigh oilithreacht idirnáisiúnta go Cléire i mBliain na Mílaoise. Tháinig cuairteoirí ón Mór Roinn, ó Mheiriceá, ó Chorn na Breataine agus ó Saighir Chiaráin chun onóir do thabhairt do Chiarán Naofa.

Tá ainm Chiaráin ar an tobar anseo agus eagraítear deabhóidí speisialta anseo Lá Fhéile Chiaráin, 5 Márta. Bhí sé mar nós le fada buidéal uisce beannaithe ón tobar a bhreith sna báid mar chosaint in aghaidh tubaistí farraige. Deir finscéal amháin gur tháinig iascairí Inis Fada (atá gar do Scoil Mhuire) lá agus gur thógadar uisce ón dtobar naofa toisc go raibh an taiscumar poiblí gan uisce. Nuair a chaitheadar na líonta arís, cheapadar an t-uisce a bheiriú chun cupán tae a dhéanamh. Ní bheireodh an t-uisce áfach agus ní raibh fiúntas ar bith sa chiteal ón lá sin amach.

Cill Chiaráin

Tógadh an séipéal sa 12ú nó sa 13ú aois ach meastar go bhfuil sé suite ar shuíomh atá níos ársa. Seans gur ar an láthair céanna a thóg Naomh Ciarán séipéal ar dtús. Tá an reilig fós in úsáid. Ba é an tAthair T.J. Ó Suilleabháin a rinne coimisiúnú ar an bhfalla atá anois tógtha timpeall na reilige agus ba sna

Plean Teanga Chléire

blianta idir 1906 agus 1907 a tógadh é. Anseo tá curtha údar Seanchas Chléire, Conchúr Ó Síocháin, Donnchadh Ó Drisceoil, údar Aistí ó Chléire, Ciarán Ó Síocháin, bailitheoir cáiliúil béaloidis agus pobal Chléire riamh anall.

Éaneolaíocht i gCléire

Bhunaigh lucht faire éan ó Shasana Tigh na n-Éan ar an oileán sa bhliain 1959 toisc an áit a bheith suite ar cheann de mhórbhealaigh imirce na n-éan mara ar chósta na hEorpa. Lena chois sin tuirlingíonn éin imirce eile ar an oileán agus iad imithe amú. Tagann cuid díobh seo ó áiteanna atá chomh fada i gcéin leis an Áis agus Meiriceá. Is fearr Cléire ná áit ar bith eile san Eoraip chun radharc a fháil ar ‘Great Cories’ agus ‘Sooty Shearwaters’ ón Domhan Theas agus ‘Guirdeall Wilson’ ón Atlantach Lár.

Mar a bhfuil an Brú ag An Óige anois a bhí Tigh na n-Éan ar dtús agus i Lios Ó Móine a bhí sé idir 1960 agus 1963. Ag Trá Chiaráin atá sé ó shin. Faoi chúram Birdwatch Ireland atá Tigh na n-Éan ó 2000 nuair a rinneadh mórchoiriú air. Ar na haidhmeanna atá leis tá monatóireacht ar éin dhúchasacha an oileáin agus ar na mórbhealaigh imirce a bhíonn ag éin. Déantar lóistín a sholáthar sa bhrú d’éaneolaithe ar chostas réasúnta. Reáchtálann Birdwatch Ireland cúrsaí ar an Éiceolaíocht agus Faire ar Muir agus téamaí eile.

Siúlóidí ar Chléire

Tá siúlóidí iontacha forbartha thar na mblianta i gcomhpháirtíocht le úinéirí talamh atá sásta go mbeadh áititheoirí agus cuairteoirí araon ag baint sásamh as na radhairc álainn atá ar fáil ach beagán iarracht siúlóide a dhéanamh suas go dtí pointí arda an oileáin.

Tháinig roinnt áitritheoirí ar Oileán Chléire le chéile le déanaí chun 40 acra talún le radhairc den scoth ós cionn Cuan Inbhir a cheannach. Is é seo an ceann tíre is faide siar ó dheas in Éireann, atá oscailte don phobal agus tá sé i gceist an talamh a chur in iontaobhas d’fhonn an úsáid phoiblí seo a chaomhnú don todhchaí.

Teach Solais na Carraige Aonair

Bhí an Tigh Solais a tógadh i gCléire sa bhliain 1817 ró-ard agus bhíodh sé clúdaithe le ceo go minic. Chuaigh Stephen Whitney, long Meiriceánach go tóin

Plean Teanga Chléire

poill gar do Chléire sa bhliain 1847 de dheasca dul amú a bheith ar an gcaptaen lá ceomhar. Cheap sé, is cosúil, gurb é Teach Solais an Cruacháin Teach Solais Cinn Sáile. D'ullmhaigh George Halpin, Cigire de chuid na dtithe solais tuairisc a mhol go dtógfaí teach solais ar an gCarraig Aonair.

Ar an gcéad lá d'Eanáir 1854, do lonraigh solas ón gCarraig Aonair don chéad uair. Ní raibh an foirgneamh iarainn in ann an droch aimsir a sheasamh agus ón mbliain 1865 b'éigean athneartú do dhéanamh air. Bhí sé i mbaol titime sa bhliain 1891 agus faoi dheireadh tógadh teach solais nua idir 1899 agus 1903. Lonraigh solas ón túr nua seo den chéad uair i Mí Iúil, 1904. Bhí foireann lánaimseartha sa Teach Solais go dtí mí Aibreáin, 1989 nuair a cuireadh córas uathoibríoch ag feidhmiú. Tá gnéithe de stair na dtithe solais i gCléire agus ar an gCarraig Aonair léirithe sa Láthair Oidhreacht.

Turais go dtí an Charraig Aonair

Is as Cléire a théadh na báid go dtí an Charraig Aonair sna seana laethanta idir na stoirmeacha agus na gálaí chun teagmháil a dhéanamh leo sin a bhí ag obair. Tá báid as Cléire fós ag taisteal amach ann anois ag tabhairt turasóirí amach chun radharc iontach na Carraige Aonair a fheiceáil.

Tá forbairt déanta ar an dturas ina bhfaigheann an cuairteoir seans an cur i láthair idirghníomhach atá lonnaithe san Ionad Oidhreacht ar an oileán a fheiceáil agus turas ar bhád amach go dtí an charraig féin.

Is sampla maith an turas seo a bhaineann úsáid as an tseirbhís farantóireachta, an tseirbhís iompair agus an ionad oidhreacht den chineál togra turasóireachta gur féidir a fhorbairt chun leasa eacnamaíochta áit iargúlta ina bhfuil eispéireas speisialta ar fáil. Tá forbairt na Carraige Aonair faoin turasóireacht eachtraíochta mar thuras lae ar leith.

I gcomhthéacs an méid atá bainte amach le blianta beaga anuas agus go mór mhór tar éis an gradam turasóireachta atá buaite le déanaí tá sé i gceist breis iarrachta a dhíriú ar an dtogra seo amach anseo.

Beidh an Comharchumann ag obair i gcomhpháirtíocht leis an gcomhlacht farantóireachta agus le Bord Fáilte agus Oifig Turasóireachta Chomhairle

Plean Teanga Chléire

Contae Chorcaí chun bolscaireacht a dhéanamh ar an togra seo chun leasa an oileáin.

Casán an tSléibhe agus na Crainn

Is cosán poiblí é seo a théann go dtí an séipéal Caitliceach ar an dtaobh thuaidh den oileán. Moltar dóibh siúd nach mian leo an cosán eolais iomlán a chur díobh aicearra a thógáil ag an bpointe seo agus filleadh ar an gcosán ag an Séipéal. Téann an cosán poiblí seo trí shuíomh inar cuireadh 14,000 crann in Earrach 1989. Giúis is ea an chuid is mó de na crainn ach tá giúis ghallda; seiceamar, dair, fairbheog agus fuinseog le feiceáil ann chomh maith.

Cuas an Dúglais agus Sleamhnán

Is é seo an cuas is faide soir ar an oileán. Baintear úsáid as an sleamhnán atá ann go minic, go mór mhór nuair a bhíonn an aimsir go maith. Meastar gur ainmníodh an áit ó ‘cuas an dubh glaise’ rud a chiallaíonn go raibh sruthán dubh ag snoí isteach ann i gcónaí.

Tugtar Leaca Loch an Lín ar an bpoll sa charraig atá le feiceáil ar an taobh ó thuaidh den bhóthar go dtí an sleamhnán. Poll nádúrtha é a méadaíodh de réir a chéile le fórsa na farraige. D’úsáidtí an loch seo chun lín a bhogadh. Tá locha lín eile ar an oileán, rud atá le sonrú ó logainm Tobar an Lín i Lios Ó Móine. Tá go leor locháin den chineál seo timpeall ar Loch Loral chomh maith. Ní dócha gur baineadh úsáid as na locha seo le breis is céad bliain.

Ag barr an sleamhnáin ag Cuas an Dúglais tá solas poiblí a lastar le cabhair painéal géine. Ar an taobh seo den oileán leis, tá an Cuas Leathan agus déantar faid Chléire a thomhas ó Phointe an Chuais Leithean go Pointe Ard an tSruth nó Bill of Cape Clear atá ar dtaobh thiar den oileán.

An Láthair Oidhreachta

I 1981 bheartaigh Éamon Lankford Cumann Iarsmalann Chléire a bhunú chun Láthair Oidhreachta a fhorbairt don oileán ina mbeadh ábhar cartlainne curtha i gcionn a chéile ó chian agus ó chónagar chun an sprioc a bhaint. Thacaigh Comharchumann Chléire Teoranta leis an iarracht ó thus. Bíonn sé ar oscailt

Plean Teanga Chléire

gach lá ó Mheitheamh go deireadh mhí Lúnasa. Is féidir cuairt a thabhairt leis ag tráthanna eile i gcaitheamh na bliana ach socrú a dhéanamh.

Tá cnuasach sármhaith d'iarsmaí i dtaisce anois sa láthair agus tá bailiúchán tábhachtach cartlainne curtha le chéile a thugann grinneolas ar ghinealach, logainmneacha, cultúr agus oidhreacht an oileáin. Cé gur bailiúchán iomlán é, ní féidir, ceal spáis ach beagán de seo a léiriú go poiblí ag an aon uair amháin.

Loch Loral

Tá an loch seo tuairim is dhá acra déag in achar. Ait go leor tá an loch alcaileach cé go bhfuil an talamh mórthimpeall aigéadach. Ag an Loch tá fáil ar chlocha a bhíodh in úsáid agus daoine ag gabháil do níos chách éadaí tráth. Tá cuid acu le feiscint díreach os comhair an chéad casadh ar an mbóthar ag imeall an locha agus tá roinnt eile acu le feiscint ag tuaisceart an locha. Thagadh mná an oileáin tráth go dtí na háiteanna seo chun éadaí a ní agus deirtear go ndéanfadh an t-uisce sa loch salachair ar bith a bhogadh chun siúil. Déantar línéadach a bhá nó a thumadh sa Loch leis. Sa chúinne thiar thuaidh agus ar an dtaobh theas chomh maith tá iarsmaí de locháin lín a d'úsáidtí chun an lín a bhá fadó.

Cuan Inbhir

Tá trá sa chuan seo, Cuas an Uisce atá as radhairc an bhóthair; Inbhir Bheag agus Inbhir Mhóir atá díreach ós comhair Brú na hÓige. Tá Trá Inbhir Bheag ar imeall an bhóthair ón gComar go dtí Cuan Inbhir Mhóir. Trá bhreá gainimh a bhí in Inbhir Mór uair amháin ach nuair a tógadh an cé idir Oileán Athach (ar an dtaobh ó dheas de) cuireadh bac le sruthlú taoide sa chuan. De réir a chéile, d'imigh an gaineamh ón dtrá agus níor tháinig a thuilleadh ina áit, rud a d'fhág an trá an-chlochach.

Ó dheas, trasna an chuain tá Na Crúibíní, mar a bhfuil cuma ar dhá ghob talaimh atá dealraitheach le crúibíní muice, más fíor. Bollán na nDéargán atá ar an bpointe ó dheas ar fad agus Cuaisín na Loinge Dóite atá ar an gcuaisín le hais Inbhir Bheag.

Plean Teanga Chléire

Anseo in Inbhir Mór a tionóladh an chéad chruinniú de Chumann na Talún ar an oileán sa bhliain 1882 nuair a bhí slua ollmhór i láthair. Anseo leis atá Cé Inbhir a tógadh in 1817 chun amhábhair tógála Thigh Solais Chléire a chur i dtír. Cé Cillín a thugtaí ar an gcé in Inbhir toisc Cillín a bheith mar shloinne ar mhaor na hoibre. Ar an gcé tá Tobar Róibín a raibh cáil riamh ar feabhas an uisce ann.

3.12 Staid na Gaeilge sa LPT de réir an daonáirimh

Rinneadh an-iarracht an Ghaeilge a athbheochan ar an oileán tar éis bhunú Coláiste Chiaráin i 1965 agus rug an pobal an chéad duais i gComórtas Ghlór na nGael i 1967. Tháinig go leor daoine i gcabhair ar an oileán agus tháinig misneach agus féinmhuinín chun cinn i measc glúin nua.

Mar a léirítear sa tábla thíos, cé go bhfuil ardú ag teacht ar an daonra agus líon na ndaoine a bhfuil cumas sa Ghaeilge acu, tá titim ar chéatadán na ndaoine le cumas labhartha Gaeilge (-16.0%) agus ar chéatadán na gcainteoirí laethúla Gaeilge (CLG) (-26.2%) sa LPT. Léiríonn sé seo nach bhfuil ach aon cheathrú den oileán ina gcainteoirí laethúla Gaeilge taobh amuigh den chóras oideachais (24.8%), staitistic atá an-leochaileach agus is cinnte go gcaithfear aghaidh a thabhairt air seo le linn fheidhmiú an phlean teanga.

Daonáireamh	Daonra 3 bl. +	# le Cumas Gaeilge	% le Cumas Gaeilge	# CLG Ø den Chóras Oideachais	% CLG Ø den Chóras Oideachais
2011	119	88	73.9%	40	33.6%
2016	145	90	62.1%	36	24.8%

3.13 Conclúid

Pobal oilte, bríomhar, gnóthach atá i gCléire, atá ag brath go mór ar an gcomharchumann, ar na báid farantóireachta agus ar an dturasóireacht.

Plean Teanga Chléire

Cé go bhfuil roinnt áiseanna pobail ar fáil ann, níl seirbhísí ná spás ar leith do sheanáoirí ar fáil, níl spás ná áiseanna ar leith do pháistí – ar nós seirbhís cúram leanaí, clós spraoi srl.

Níl ach fíorbheagán leanaí ar an oileán agus gan ach 8 ag freastal ar an mbunscoil in 2020. Is é seo ceann de na dúshláin is mó go gcaithfear aghaidh a thabhairt air chun pleanáil straitéiseach fadtéarmach a dhéanamh ar mhaithe le todhchaí an oileáin a chinntiú. Gan phobal, ní fiú a bheith ag caint ar chúrsaí teanga.

Níl mórán tithe ar fáil ar an oileán do theaghlaigh a mbeadh spéis acu bogadh go dtí an Oileán dá mbeadh scéim athlonnaithe ar bun chun daoine a mhealladh chun cónaithe ar an Oileán. Ba mhór an chéim chun cinn do thodhchaí an oileáin é dá mbeadh scéim forbartha tithíochta, fiú fiontar tithe sóisialta ar an bhfód.

Maidir le cúrsaí teanga – bíonn tionchar ag an síor-imeacht agus teacht ar an iompar teanga agus is minic a bhíonn níos mó daoine ar cuairt ar an oileán le linn an tsamhraidh, ná a bhfuil de dhaoine ag maireachtáil ar an Oileán féin.

Ní mór a chur san áireamh agus iniúchadh á dhéanamh ar fhíricí ón daonáireamh, go bhfuil daonra an-bheag ar Chléire, agus ní mór a bheith cúramach nach mbeadh fíricí faoi aon duine/grúpa ar leith aitheanta sa scagadh.

Tá seirbhísí maithe ar fáil sa spás ina bhfuil an siopa, an bhialann bheag agus Club Chléire lonnaithe, agus is áit fíorghnóthach agus lárnach i saol an phobail í seo. Dá bhrí sin is fiú roinnt iniúchadh a dhéanamh ar an spás féin, agus plean forbartha a chur le chéile don bhfoirgneamh seo, agus é a uasdátú.

Caibidil 4 - Léargas ar Ullmhú an Phlean

4.1 Réamhullmhúcháin

Roghnaíodh Comharchumann Chléire mar Cheanneagraíocht le Plean Teanga Chléire a ullmhú, mar thoradh ar phróiseas comhairliúcháin idir an pobal, Údarás na Gaeltachta agus Comharchumann Chléire.

Leagann Treoirlínte pleanála teanga na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán síos próiseas sonrach ar conas Plean Teanga a chur le chéile agus ceadaíodh buiséad i gcomhaontú deontais idir an Comharchumann agus Údarás chun go mbeadh sé de chumas ag an CC dul i mbun oibre agus an Plean Teanga a réiteach.

Tá suim ar leith ag Comharchumann Chléire i staid na Gaeilge agus sa phróiseas pleanála teanga le fada an lá, agus ghlac siad ceannas ar stiúradh a dhéanamh ar ullmhúchán an Phlean Teanga iad féin. D'fhreastal Bainisteoir an Chomharchumainn ar chúrsa Oiliúna de chuid OÉ Gaillimh sa Phleanáil Teanga, agus ar go leor de na seisiúin agus ceardlanna oiliúna a d'eagraigh Údarás na Gaeltachta ó cuireadh tús leis an bpróiseas Pleanála Teanga

Tá pobal an-bheag ar an Oileán agus níor cuireadh Meitheal Pleanála Teanga ar leith ar bun chun an Plean a ullmhú ós rud é go bhfuil ról fíor-lárnach ag baill an Chomharchumainn féin i ngach gné de shaol an Oileáin – cur chun cinn na teanga ina measc.

Chuir an Comharchumann tús leis an bpróiseas pleanála teanga trí chruinnithe a eagrú leis an bpobal, i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta, chun eolas a chur ar fáil faoin Straitéis 20 Bliana don Gaeilge, Acht na Gaeltachta 2012, An Phleanáil Teanga, agus chun an cur chuige agus an taighde a bheadh le déanamh chun an Plean Teanga a ullmhú, a phlé agus a aontú.

Ós oileán é Cléire ina bhfuil pobal beag buan tuigeadh an tábhacht a bhain leis an méid tuairimíochta agus a b'fhéidir a bhailiú chun an Plean Teanga a ullmhú, agus go mbeadh gá le teagmháil a dhéanamh le gach duine ar an oileán.

Aithníodh go mbeadh gá le taighde cainníochtúil agus le taighde cáilíochtúil a dhéanamh:

Plean Teanga Chléire

- eolas cainníochtúil nó fíricí faoi staid reatha na teanga agus caighdeán saoil an phobail a bhailiú ó fhoinsí ar nós an daonáirimh agus suirbhéanna pobail.

- eolas cáilíochtúil a bhailiú ar thuairimí, dearcadh agus braistintí an phobail i leith saol an oileáin agus staid na teanga ar an oileán, trí ghrúpaí fócais a reáchtáil agus ceisteanna oscailte ar leith sna suirbhéanna éagsúla.

Maidir leis an eolas cainníochtúil, baineadh go leor úsáide as an scagadh a dhein Pádraig Ó Céidigh ar an eolas a bailíodh i ndaonáireamh 2016 sna ceantair Ghaeltachta ina leabhar *“Próifíl Shocheacnamaíoch de na seacht gCeantar Gaeltachta in Éirinn” (Pádraig Ó Céide Samhain 2018)*

Ó thaobh na suirbhéanna de aontaíodh an cúram a thabhairt do Shadhbh Ní Mhéalóid agus Caoimhe Ní Chiardha le linn Samhradh 2017 – beirt chéimithe óga ón Oileán. Bhain Sadhbh céim amach i gTeangacha Feidhmeacha in Ollscoil Luimní agus bhí sí páirteach i dtogra spéisiúil chun taighde a dhéanamh ar úsáid suaitheantais chun teangacha a chur chun cinn.

Is iad an bheirt seo a rinne an dianobair a bhí ag baint leis na suirbhéanna a dhearadh, a scaipeadh, a bhailiú, a scagadh agus anailís a dhéanamh ar an eolas. Bhí go leor de phobal an oileáin a bhí lán-sásta páirt a ghlacadh agus roinnt nach raibh.

Maidir leis an eolas cáilíochtúil, tugadh cuireadh do Bhreandán Ó Caoimh, Geagrafóir agus Comhairleoir, grúpaí fócais a reáchtáil ar an oileán chun deis díospóireachta agus plé oscailte a dhéanamh le pobal an oileáin agus chun a gcuid tuairimí agus moltaí maidir le todhchaí na teanga ar an oileán a bhailiú. Bhí na grúpaí fócais seo chomh leathan agus a d’fhéadfaí chun an oiread tuairimíochta agus moltaí ab fhéidir a bhailiú.

4.2 Scaipeadh Eolais agus Bolscaireacht

Le tús a chur leis an bpróiseas pleanála teanga bhí sé tábhachtach feachtas feasachta a reáchtáil le cur ar shúile an phobail go mbeadh Plean Teanga le hullmhú, go mbeadh suirbhéanna á scaipeadh ar fud an oileáin agus go mbeadh rannpháirtíocht agus guth agus tuairimí an phobal lárnach sa phróiseas.

Scaipeadh bileoga le cur síos gairid ar an taighde, sonraí na foirne agus teachtaireacht faoi stádas Gaeltachta an oileáin a choimeád. Rinneadh

Plean Teanga Chléire

cinneadh an bhileog a scríobh trí Ghaeilge agus Béarla toisc go bhfuil roinnt daoine agus teaghlaigh ina gcónaí ar an oileán nach bhfuil Gaeilge mar phríomhtheanga acu. Rinneadh iarracht dathanna deasa agus pictiúir a úsáid chun íomhá álainn a chruthú.

Scaipeadh na bileoga ó theach go teach thart ar choicís roimh scaipeadh na suirbhéanna chun seans a thabhairt do mhuintir an oileáin dul i dtaithí ar an bpróiseas agus a dtuairimí a ullmhú.

Chomh maith leis na bileoga a scaipeadh go fisiciúil, cuireadh fógra poiblí ar shuíomh idirlíon an oileáin chun go mbeadh aon duine nach raibh sa bhaile i rith cúrsa an taighde in ann eolas a fháil ar an bpleanáil teanga agus páirt a ghlacadh ann freisin.



Do You Want to Keep and Improve
the Use of the Irish language on Cape Clear Island?
(Preserving its Gaeltacht status)

An Gaeltacht

Your opinion matters!

We will be conducting a simple questionnaire for this purpose. We will deliver the questionnaires to each household and collect them a few weeks later. We will be available to answer any questions and to help with the filling out process.

Thank you from,
Sadhbh Ní Mhéalóid and Caoimhe Ní Chiardha

 Údarás na Gaeltachta

Plean Teanga Chléire



4.3 Na Suirbhéanna

4 shuirbhé ar fad a rinneadh – suirbhé ginearálta, suirbhé do thuismitheoirí, suirbhé don aoisghrúpa a bhí faoi 16 ag an am agus suirbhé ar an aoisghrúpa idir 16 agus 25. Tá cóip de na suirbhéanna sin le fáil ag aguisín ar chúl an Phlean seo.

Suirbhé Ginearálta

Rinneadh suirbhé ginearálta do gach duine a raibh cónaí orthu ar Chléire ag an am i 2017. Sa suirbhé seo bhí ceisteanna ag baint le húsáid phearsanta na Gaeilge agus na háiteanna ina úsáidtear teangacha áirithe go minic. Mar shampla, “cé chomh minic is a labhraíonn do thuismitheoirí/caomhnóirí Gaeilge le chéile? (má tá tú i do chónaí leo)”. De réir na bhfreagraí a tugadh ar na ceisteanna seo bheadh an fhoireann pleanála teanga in ann torthaí leathana ar chumas Gaeilge an oileáin a fháil.

Suirbhé Tuismitheoirí/Caomhnóirí

Tugadh an suirbhé seo go dtí aon bhall den phobail a bhí mar thuismitheoir, le páistí óga nó le páistí fásta, chun staitisticí a fháil ar úsáid na Gaeilge ó

Plean Teanga Chléire

thuismitheoir/chaomhnóir lena bpáistí. Tuigtear go ndéanann an teanga a úsáidtear sa bhaile difríocht mhór ar dhearcadh an teaghlaigh ar an teanga agus ar chultúr na Gaeilge chomh maith.

Suirbhé Faoi 16 agus Suirbhé 16 go 25

Cé gur dhá shuirbhé difriúil a bhí iontu, tá baint mhór ag an dá shuirbhé seo lena chéile. An aidhm a bhí ag baint le suirbhé difriúil a thabhairt do pháistí faoi 16 agus don aos óg idir 16 agus 25, ná chun léargas a fháil ar an difríocht a thagann ar thuairimí daoine óga agus iad ag fás aníos. Chomh maith leis sin bhí ceisteanna breise curtha sa suirbhé 16 go 25 chun eolas a fháil ar phoist pháirtaimseartha agus na teangacha a úsáidtear iontu.

Na Grúpaí Fócais

Is i mí na Samhna 2018 a tháinig Breandán Ó Caoimh go Cléire agus bhuail sé le grúpaí éagsúla ar an oileán chun a gcuid tuairimí agus moltaí maidir le pleanáil teanga a bhailiú. Cuireadh go leor suime sna cruinnithe seo agus bhí tinreamh maith orthu.

Bhuail Breandán le grúpa déagóirí ón oileán i Ros Ó gCairbre go luath ina dhiaidh sin chun deis a thabhairt dóibh a dtuairimí agus a gcuid moltaí atá ríthábhachtach a bhailiú agus a chur ar aghaidh. Tá a gcuid tuairimí le sonrú go láidir sna bearta atá ina gcuid lárnach den phlean teanga seo.

4.4 Conclúid ar an bPróiseas Comhairliúcháin Phoiblí

Thosaigh an próiseas comhairliúcháin phoiblí le cruinniú agus cur i láthair dátheangach a rinne Údarás na Gaeltachta ar an oileán i Lúnasa 2016. Tá cóip den chur i láthair sin ceangailte mar aguisín ag deire an Phlean seo.

Tríd an suirbhé ginearálta a rinneadh ar an oileán bhí deis ag chuile dhuine a dtuairimí a nochtadh.

Reáchtáladh sraith de chruinnithe le grúpaí fócais a reáchtáil chomh maith le plé oscailte ag cruinnithe éagsúla eile.

Chuir roinnt daoine breis smaointe nó tuairimí ar ríomhphost agus bhí daoine eile a phlé a dtuairimí leis na taighdeoirí go díreach.

Tá cur síos le fáil ar thorthaí an taighde i gcaibidil a 5.

Caibidil 5 - Torthaí an Taighde

Sa chaibidil seo beidh cur síos ar thorthaí an taighde agus ar na moltaí agus na smaointe a tháinig chun cinn le linn an phróisis ullmhúcháin. Bainfear úsáid as an eolas seo chun príomhbhearta an Phlean Teanga a dhearadh.

Mar atá luaite cheana, le linn 2017 rinneadh taighde ar úsáid na Gaeilge agus staid na Gaeilge i gCléire le suirbhéanna éagsúla agus le grúpaí fócais.

Beidh an caibidil seo ag déanamh cur síos ar an eolas a tháinig chun cinn ó na suirbhéanna sin a reáchtáil an Mheitheal Pleanála Teanga ar an Oileán, agus na moltaí tháinig ó na grúpaí fócais a bhí faoi stiúir an Dr Breandán Ó Caoimh

Tá úsáid bainte as roinnt den eolas a bailíodh le linn caibidil a 3 a bheith á ullmhú chomh maith.

Tá na cuir chuige maidir le reáchtáil na suirbhéanna agus na grúpaí fócais le fáil i gcaibidil a 4.

5.1 Na Suirbhéanna Pobail

Mar atá luaite cheana, 4 shuirbhé a rinneadh – suirbhé do Plean Teanga Chléire (ginearálta), suirbhé breise do thuismitheoirí/caomhnóirí, suirbhé breise d'ógánaigh 16 go 25 agus suirbhé breise do pháistí faoi 16.

As na suirbhéanna a tugadh amach, fuarthas 90 ar ais freagartha – sé sin suas le 70% de phobal iomlán an oileáin (ag glacadh leis go raibh daonra de c. 130 go hiomlán ar an oileán nuair a deineadh na suirbhéanna)

Cumas agus dearcadh teanga de réir na suirbhéanna


B'ábhar mór dóchais é gur léirigh na suirbhéanna dearcadh fíor-dhearfach i leith na Gaeilge le breis is 86% de dhaonra an oileáin ag rá gur maith leo an Ghaeilge. Ní raibh ann ach 2.44% den daonáireamh a dúirt nár thaitin an Ghaeilge leo.

Léiríonn torthaí an taighde seo a rinneadh ar Chléire go bhfuil dea-thuairimí agus dea-dhearcthaí ag pobal an oileáin go ginearálta – rud maith do thodhchaí an oileáin mar Ghaeltacht. Nuair a iarradh ar an bpobal aontú nó easaontú le


Plean Teanga Chléire

ráiteas, fuarthas go raibh breis is 85% de na freagróirí ag iarraidh go mbeadh Gaeilge in úsáid ar Chléire.

5.2 Suirbhé Plean Teanga Cléire



“Suirbhé Plean Teanga Cléire” - Ceist 17 – Páirt A: Is maith liom an Ghaeilge”




Plean Teanga Chléire

“Suirbhé Plean Teanga Cléire” - Ceist 17 Páirt E: Ba chuma liom gan Gaeilge ar bith bheith á labhairt anseo”


Cá bhfuil Gaeilge á labhairt?

Maidir le háiteanna ina labhraítear Gaeilge ar Chléire, bhí éagsúlacht ann ó thaobh daoine ag baint úsáid as an teanga in áiteanna difriúla, sa phobal nó sa bhaile.




“Suirbhé Plean Teanga Cléire” - Ceist 7: “Cén áit? Sa bhaile, Ar scoil, San ionad oibre, Sa siopa, Eile”

Plean Teanga Chléire



“Suirbhé Plean Teanga Cléire” - Ceist 4: “Déan cur síos ar do chuid Ghaeilge”


Léiríonn na figiúirí seo go bhfuil Gaeilge foghlamtha ag 83% de dhaoine an oileáin ag pointe éigin. Feictear freisin go n-úsáideann breis is 36% den daonra Gaeilge go minic.



“Suirbhé Plean Teanga Cléire” - Ceist 5: “Cé chomh minic is a labhraíonn tú Gaeilge go ginearálta?”

5.3 Suirbhé Tuismitheoirí/Caomhnóirí

Ar Chléire, rinneadh cinneadh suirbhé breise a thabhairt do thuismitheoirí/caomhnóirí an oileáin, agus ghlac 34 thuismitheoirí/caomhnóirí páirt sa suirbhé. Le torthaí an tsuirbhé seo, is féidir obair a dhéanamh go sainiúil ar sheirbhísí teaghlaigh ar an oileán agus chun úsáid na Gaeilge a spreagadh.




“Suirbhé Breise do Thuismitheoirí/ Chaomhnóirí” - Ceist 2: “An ndearna tú socrú go cionsiasach Gaeilge a labhairt le do chuid páistí?”

Mar a léirítear sa ghraf thuas, rinne cuid mhaith (41.94%) thuismitheoirí agus caomhnóirí cinneadh chun Gaeilge a labhairt lena bpáistí. Caithfear cuimhne a choinneáil ar an gcás go bhfuil cuid mhaith thuismitheoirí/caomhnóirí tagtha go dtí Cléire ó bhailte eile.


Fiú leis an bpointe thuas, feictear sna torthaí go mbraitheann breis is 65% de thuismitheoirí/chaomhnóirí an oileáin go bhfuil Gaeilge mar phíosa d’fhéiniúlacht a dteaghlach.

Plean Teanga Chléire



“Suirbhé Breise do Thuismitheoirí/Chaomhnóirí” - Ceist 4 páirt F: Is cuid thábhachtach d’fhéiniúlacht mo theaghlaigh í an Ghaeilge.“

Toisc gur pobal an-bheag atá i gCléire, tá sé rithábhachtach go bhfuil neart seirbhísí ar fáil atá cothrom le seirbhísí atá ar fáil do theaghlaigh ar an mórtóir. Cheap 57% (16 dhuine) de 28 tuismitheoirí/caomhnóirí nach raibh na seirbhísí ar fad atá ag teastáil le fáil ar Chléire. Seo roinnt torthaí ar nithe a mbainfí úsáid astu dá mbeadh siad ar fáil:




Plean Teanga Chléire

“Suirbhé Breise do Thuismitheoirí/Chaomhnóirí” - Ceist 12: “Cé acu de na seirbhísí seo a leanas a mbainfeá úsáid astu dá mbeadh siad ar fáil go háitiúil?”

Is léir go mbeadh éileamh ag tuismitheoirí ar go leor imeachtaí trí Ghaeilge, lasmuigh d’am scoile.

5.4 Suirbhéanna Faoi 16 agus 16 go 25

Freagraíodh 16 suirbhé ‘faoi 16’ agus 9 suirbhé ‘16 go 25’. Leis na suirbhéanna seo feictear difríocht mór idir úsáid na Gaeilge agus aois. Léiríonn na freagraí ó na ceisteanna seo go bhfuil Gaeilge úsáidte níos mó ag na ógánaigh níos sine. Úsáideann na páistí an teanga don mórchuid agus iad ar scoil, ach úsáideann ógánaigh idir 16 agus 25 í taobh amuigh den scoil/choláiste.




“Suirbhé Breise dÓgánaigh Aois 16-25” - Ceist 7 + “Suirbhé do Pháistí faoi 16” – Ceist 5:

“Le seachtain anuas, cé chomh minic is a labhair tú Gaeilge taobh amuigh den scoil?”

Feictear difríocht chomh maith idir an líon tuismitheoirí/caomhnóirí a labhraíonn Gaeilge lena chéile de réir na ndaoine óga:

Plean Teanga Chléire



*“Suirbhé Breise do Pháistí faoi 16” - Ceist 4 + Suirbhé Breise d’Ógánaigh Aois 16- 25- Ceist 5:
“Cé chomh minic is a labhraíonn do thuismitheoirí Gaeilge le chéile?”*

5.5 Tuairisc ar na Grúpaí Fócais

Baineann an tuairisc seo le sraith cruinnithe agus le sraith grúpaí fócais a reáchtáladh ar Oileán Chléire agus i Ros ó gCairbre Samhain 2018 faoi stiúir an Dr Breandáin Ó Caoimh – tíreolaí agus taighdeoir aitheanta neamhspleách. Ghlac baill éagsúla den phobal páirt sa phlé. Míníodh go raibh páirt á glacadh acu ar bhonn dheonach.

Chuir Comharchumann Chléire Teo fógra ar fáil do na hoileánaigh, á chur ar a súile, go mbeadh tréimhse chomhairliúcháin maidir leis an bplean teanga ar siúl. Dhein an Comharchumann na grúpaí éagsúla fócais a riar faoi stiúir an Dr Uí Chaoimh.

Tá tuairisc agus scagadh an Dr Uí Chaoimh le fáil sa chaibidil seo agus san áireamh tá léargas tugtha ar na tuairimí a léiríodh ar staid reatha na Gaeilge, an meon i leith na Gaeilge, na bunchlocha atá ann gur féidir tógaint orthu, agus moltaí na rannpháirtithe i dtaobh na mbeart atá riachtanach chun stádas teanga an Limistéir Pleanála Teanga a neartú.

5.5.1 Tuairisc Bhreandáin Uí Chaoimh

Ba é cuspóir an ghnímh chomhairliúcháin seo ná taithí agus braistintí na n-oileánach i dtaobh úsáid na Gaeilge a thuiscint agus thar aon rud eile, ar mhaithe le teacht ar mholtaí an phobail i leith na mbeartas teanga a d'fhéadfaí a chur chun cinn sa phobal.

5.6 Tuairimí léirithe ar staid reatha na Gaeilge i measc an phobail.

Tuairiscíodh go n-úsáidtear an teanga go fairsing cheana féin ar an oileán. Tá bunscoil lán-Ghaeilge sa cheantar agus cuirtear seirbhísí pobail trí Ghaeilge ar fáil. Is í an Ghaeilge teanga oibre an Chomharchumainn agus na hEaglaise agus bíonn an teanga le clos go rialta ar fud an oileáin. Léirigh na rannpháirtithe dearcadh dearfach i leith na teanga agus léiríonn an pobal tacaíocht do bheartais dul chun cinn. Táthar báuil i leith úsáid na Gaeilge a mhéadú ar an oileán.

Dúshláin

Aithníodh, áfach, go bhfuil dúshláin roimh chur chun cinn úsáid laethúil na teanga toisc nach bhfuil cumas ag gach oileánach sa teanga, go háirithe iad siúd nár rugadh ar an oileán. Tuairiscíodh go dtuigeann muintir an oileáin cé hiad na daoine is mó a labhraíonn Gaeilge sa phobal agus iad siúd nach bhfuil labhairt na teanga acu. I measc na ndaoine a labhraíonn an teanga, tá sé de nós acu beannú do dhuine sa teanga ach castar ar an mBéarla sa chás go dtagann duine gan Ghaeilge isteach sa chomhlúadar.

Tugann cainteoirí Gaeilge le fios go labhraíonn siad Béarla le gach duine nach bhfuil Gaeilge acu – beag beann ar an gcomhthéacs. Is mór ag na Béarlóirí sa phobal go gcuimhnítear orthu maidir lena n-iompar teanga. É sin ráite, dúradh go mba mhaith leo ‘go mbeannófaí iad as Gaeilge fiú dá ndéanfaí an comhrá i mBéarla ina dhiaidh’.

Meoin i leith na Gaeilge

Léirigh na daoine a labhraíonn an teanga go rialta go bhfuil siad bródúil aisti, agus go bhfuil sí mar dhlúthchuid d’oidhreacht an oileáin agus dá bhféiniúlacht féin. Tuigeann siad cás na ndaoine sa phobal nach bhfuil an teanga ar a dtoil acu agus ní theastaíonn uathu iachall a chur ar aon duine í a labhairt. Ba mhian

Plean Teanga Chléire

le gach éinne, áfach, go ndéanfaí tréan-iarracht an teanga a chur chun cinn i ngach gné de shaol an oileáin.

Léiríonn na daoine a bhfuil eolas teoranta acu ar an teanga bá agus tacaíocht i leith dul chun cinn na teanga mar theanga labhartha ar an oileán agus go ginearálta sa tír.

Ag tógaint ar na bunchlocha atá ann cheana

Ar mhaithe le cás na Gaeilge a thabhairt ar aghaidh ar an oileán, iarradh ar na rannpháirtithe eolas a thabhairt maidir leis na beartais nó na seirbhísí teanga a n-éiríonn go maith leo sa phobal.

D'éascair na pointí seo a leanas as an bplé agus an díospóireacht a bhí ar bun le linn na ngrúpaí fócais :

- An bhunscoil áitiúil – tá caighdeán na Gaeilge ard sa scoil agus is léir go bhfuil foireann na scoile tiomanta don teanga agus dá cur chun cinn i measc leanaí na scoile – sna hábhair go léir. Tá plean teanga á ullmhú ag an scoil faoi láthair faoin bPolasaí don Oideachas Gaeltachta. Cuirfidh an plean sin go mór le hobair na pleanála teanga trí chéile.
- An leabharlann – soláthraíonn an leabharlann réimse teoranta d'ábhar trí Ghaeilge agus eagraíonn an leabharlannaí imeachtaí éagsúla chun an teanga a chur chun cinn mar theanga bheo pobail.
- Ionad Oidhreachta – tugtar ardán agus ionadaíocht don teanga ar an oileán.
- Club Chléire – labhraítear Gaeilge ag imeachtaí sóisialta – idir imeachtaí foirmeálta agus neamhfhoirmeálta
- Siopa agus Bialann – is féidir le daoine a gcuid gnó a dhéanamh trí Ghaeilge agus moltar do na scoláirí a fhreastalaíonn ar chúrsa samhraidh Gaeilge a labhairt ann.
- An Fhéile Scéalaíochta;
- Ranganna Gaeilge – tugadh moladh ar leith do theagascóirí ar leith;

Plean Teanga Chléire

- An Comharchumann – Deirtear go nglacann an Comharchumann ról láidir gníomhach i gcur chun cinn na teanga agus go ndéanann siad nascadh éifeachtach idir an teanga agus gnéithe eile d'fhorbairt an oileáin.
- Sofheictheacht na Teanga – comharthaí dátheangacha bóithre atá ar fáil ar an mórchuid. Tá samplaí nuálacha ar leith ann a chuireann sofheictheacht na teanga chun cinn ar an oileán m.sh. liosta nathanna cainte agus foclóra atá ar taispeáint sa siopa. Tá comharthaí Gaeilge le feiscint ar an mbád farantóireachta agus labhraíonn foireann an bháid Gaeilge leo siúd a dteastaíonn uathu cumarsáid a dhéanamh trí Ghaeilge.

Phléigh roinnt rannpháirtithe an saibhreas iontach Gaeilge atá faoi cheilt ar Oileán Chléire. Tuairiscíodh go mbíonn an Ghaeilge chun cinn ag pointí áirithe i saol an oileáin agus baineann an úsáid seo le himeachtaí ina léiríonn muintir na háite bród as an nGaeilge atá acu.

Mar shampla den úsáid seo, rinneadh trácht ar an bhfreastal a dhéantar ag Oireachtas na Samhna agus ar an gcaidreamh a cothaíodh le hoibrithe ó Chonamara a bhí lonnaithe ar an oileán le déanaí agus uasghrádú á dhéanamh acu ar chóras soláthair uisce an oileáin.

Labhair daoine i dtéarmaí dearfacha faoin gColáiste Gaeilge agus faoi na cúrsaí samhraidh agus faoin ról atá acu i bhforbairt na teanga agus i bhforbairt eacnamaíochta an oileáin araon.

Ar nós gach ceantar tuaithe d'imir athstruchtúrú na tuaithe tionchar an-diúltach ar Oileán Cléire. Tugann sé seo le fios nach bhfuil an talmhaíocht mar phríomhearnáil an gheilleagair áitiúil a thuilleadh. Tá maolú tagtha ar chumas na hearnála talmhaíochta gníomhaíochtaí coimhdeacha a chothú de bharr tionchair an domhandaithe agus toisc go ndírítear ar pholasaithe láraithe in ionaid uirbeacha mar chroílár gníomhaíochta eacnamaíochta agus polaitíochta na tíre.

Cuireann na forbairtí seo srian ar an gcumas atá ag ceantair tuaithe an daonra áitiúil a chothú. Tá dochar á dhéanamh de bharr an laghdaithe atá tagtha ar sholáthar seirbhísí poiblí. Baineann dúnadh oifigí poist áitiúla agus an easpa gnímh a tháinig as an bPlean Leathanbhanda Náisiúnta leis an gcomhthéacs céanna.

Plean Teanga Chléire

Bíonn dúshláin ar leith roimh cheantair tuaithe mar Oileán Cléire ó thaobh na tithíochta agus na comhcheangailteachta de. Tá go leor tithe folamha, tithe tréigthe, tithe in anchaoi agus tithe nach mbíonn áitritheoirí iontu ach ar bhonn séasúrach ar an oileán. Anuas ar seo, tá easpa soláthair de thithe do dhaoine a dteastaíonn uathu a bheith ag cur fúthu ar an oileán. Cuireann na fachtóirí seo leis an neamhchothromaíocht déimeagrafach, go háirithe an easpa ionadaíochta atá ag an aoisghrúpa idir fiche agus daichead, atá le feiscint ar an oileán.

Cé go bhfuil sé lasmuigh de scóip an phlean teanga tabhairt faoi na fadhbanna déimeagrafacha agus eacnamaíochta seo, is tábhachtach a aithint go n-imríonn na gnéithe seo tionchar ar staid na teanga agus ar a fhorleithne is a bhíonn labhairt na teanga ar Oileán Chléire.

Tá dúshláin áirithe ag baint le húsáid na teanga ar an oileán. Thug na nuachaintoirí agus na daoine a bhfuil ar bheagán Gaeilge le fios nach mbíonn gach cainteoir Gaeilge sásta iad a spreagadh chun labhartha na Gaeilge cé go ndéanann tromlach acu iarracht cabhrú leo. Mar thoradh, bíonn leisce ar na daoine seo Gaeilge a labhairt le daoine áirithe sa phobal agus ba bhreá leo cur chuige ionchuimsitheach, níos dearfaí agus níos uileghabhálaí a fheiscint a thabharfadh muinín níos fearr dóibh an méid teanga atá acu a úsáid.

Tuairiscíodh chomh maith go bhfuil bearnaí móra idir cumas agus líofacht teanga an phobail Ghaeilge ar an oileán. Cruthaíonn sé seo dúshláin agus ranganna Gaeilge á n-eagrú mar moltar daoine a ghrúpáil de réir an leibhéil cumais céanna.

Tá gaol láidir ag Oileán Chléire le Baile an Sciobairín, mar bhaile seirbhíse agus mar mhargadh. Cé go bhfuil ardú le tabhairt faoi deara i líon na ndaoine atá báúil i leith úsáid na teanga sa bhaile, déantar an chuid is mó den chumarsáid trí Bhéarla. Níl aon fhianaise ann go bhfuil athrú ag teacht ar an ngnás seo.

In ainneoin na ndúshlán seo, tá fianaise shoiléir ann go bhfuil infheistíocht phoiblí á dhéanamh san oileán mar atá le feiscint ón obair fheabhsaithe a rinneadh ar an gcuan, an obair thógála a rinneadh ar na pontúin agus an t-uasghrádú a rinneadh ar chóras soláthair uisce an oileáin. Is fianaise í seo de thiomantas an rialtais áitiúil agus an rialtais láir tacú leis an oileán.

5.7 Moltaí maidir leis an teanga a chur chun cinn ó na grúpaí fócais

Cuireadh na moltaí seo a leanas ar aghaidh maidir le cur chun cinn na teanga ar an oileán:

- Níos mó fógraíochta dátheangaí a dhéanamh ar bhonn leanúnach ar imeachtaí Gaeilge – go mbeadh tosaíocht ag an leagan Gaeilge
- Go mbeadh na cainteoirí Gaeilge níos dearfaí agus níos gníomhaí maidir le hiarracht a dhéanamh an teanga a labhairt le foghlaimeoirí
- Ba cheart go mbeannófaí dá chéile as Gaeilge
- Oideachas Neamhfhoirmeálta – dá bharr na ndúshlán atá le heagrú ranganna foirmeálta, tá scóip ann do chur chuige níos neamhfhoirmeálta mar chiorcail chomhrá a bheadh bunaithe ar nathanna cainte agus ar fhoclóir úsáideach don oileán (foclóir comhaimseartha, oidhreacht, staire agus béaloidis)
- Go bhfásfaí na comórtais léitheoireachta sa leabharlann
- Meon – go gcuirfí ar shúile daoine a bhfuil an teanga ar a dtail acu i dtaobh an luach a bhaineann léi agus go dtuigfidh siad go mbeidís ag cur lena gcumas teanga féin dá labhróidís an teanga le daoine eile. Rinneadh miontrácht air seo cúpla babhta, go mba mhaith le foghlaimeoirí go mbeadh na cainteoirí Gaeilge níos toilteanaí Gaeilge a labhairt leo.
- Clár do thuismitheoirí – i gcomhar leis an scoil, cuirfear clár leathfhoirmeálta i bhfeidhm a thabharfadh léargas níos fearr do thuismitheoirí ar a mbíonn ar siúl ar scoil ó thaobh an churaclaim de agus ó thaobh gníomhaíochtaí eile, chun cabhrú leo níos mó tacaíochta a thabhairt dá leanaí.
- Labhair amach í – d’aithin cainteoirí Gaeilge ar leibhéal éagsúla cumais go mba chóir iarracht níos fearr a dhéanamh chun an teanga a labhairt. Aithníodh go mba cheart dóibh misneach a thabhairt dóibh siúd a dhéanann iarracht.
- Teacht le chéile a eagrú le hionadaithe ó Bhaile an Sciobairín – go gcuirfí ar a súile a thábhachtaí is atá úsáid na Gaeilge maidir leis an ngnó a dhéanann siad leis an oileán. Leanann sé seo riachtanais na Roinne i dtaobh na riachtanas a bhaineann le ról na mbailte seirbhísí Gaeltachta.

Plean Teanga Chléire

- Go ndéanfaí an Ghaeilge a lárnú mar phríomhtheanga na forbartha pobail agus imeachtaí sóisialta. Aithníodh chomh maith an tábhacht a bhaineann le soláthar cuí a dhéanamh do dhaoine nach bhfuil an teanga ar a dtoil acu ag na himeachtaí seo.
- Go n-úsáidfí an teanga (i dteannta aistriúcháin) nuair a dhéantar cumarsáid ar an oileán trí What's App agus trí mheáin shóisialta eile agus go gcuirfí naisc ar fáil chuig ardáin Ghaeilge.
- Clár Geimhridh a eagrú do leanaí m.sh. cócaireacht, machnamh, ealaíona, drámaíocht, aclaíocht trí Ghaeilge
- Pop-Up Gaeltacht a réachtáil ó am go chéile – go dtabharfaí cuireadh do dhaoine ón míntír chomh maith agus do mhuintir oileán eile de chuid Iarthar Chorcaí.

Agus na céimeanna seo á bplé, tugadh aitheantas don tábhacht a bhaineann le céimeanna beaga a thógáil in ionad a bheith ag díriú ar spriocanna móra a bhaint amach laistigh de thréimhse bheag ama.

Pléadh go bhféadfadh chur chun cinn na teanga tionchar dearfach a imirt ar an bhforbairt gheilleagrach. Dúradh gurbh fhearr na tairbhí a choimeád ar an oileán in ionad iad a thabhairt amach go háiteanna eile.

Chabhródh sé go mór dá mbeadh lóistín le dealramh ar fáil ar an oileán (óstán búitíc mar shampla).

5.8 Gnéithe níos leithne

Mar a sonraíodh cheana, téann polasaithe agus beartais éagsúla i bhfeidhm ar chomhthéacs na pleanála teanga ina mbíonn gnéithe níos leithne ná an teanga amháin ann. Pléadh iad go minic le linn na tréimhse comhairliúcháin agus sonraíodh na gnéithe seo a leanas;

- Tuairimí i leith mhífheidhmithe soláthair agus margadh tithíochta an Oileáin
- Easpa clúdaigh guthán póca ó dheas agus in iarthair an oileáin agus an fháil mhírialta atá ar leathanbhanda – cuireann sé seo baic ar fhorbairt eacnamaíochta agus dheimeagrafach agus beogacht sóisialta an oileáin

Plean Teanga Chléire

- Baineann ábhar an churaclaim scoile le poist uirbeacha agus le comhlachtaí ilnáisiúnta agus tugtar easpa airde ar riachtanais fhadtéarma shochaí na hÉireann, go háirithe, tuaithe na hÉireann.

5.9 Peirspictíocht na nÓg

Anuas ar na comhairliúcháin a rinneadh ar Oileán Chléire ar an 9ú/11ú lá de Mhí na Samhna, cuireadh ceardlann eile ar bun le daltaí meánscoile de bhunadh an Oileáin. Cuireadh an cheardlann ar siúl i Ros Ó gCairbre (áit a bhfreastalaíonn na daltaí ar scoil) ar an 22ú Samhain. Reáchtáladh na ceardlanna as Gaeilge. Léirigh na rannpháirtithe go léir tacaíocht agus bá don teanga agus i leith fhorbairt an Oileáin. Bhí a gcuid moltaí cosúil lena ndúirt rannpháirtithe an phróisis chomhairliúcháin thosaigh.

- Clár a eagrú do thuismitheoirí
- Níos mó gníomhaíochtaí a reáchtáil trí Ghaeilge
- Spreagadh níos fearr a thabhairt d'áitritheoirí a tháinig isteach ón mórthír
- “Labhair amach í” – úsáid pé Gaeilge atá agat

Labhair na daoine óga faoi shaol an oileáin. Cé go bhfuil cuid mhór acu ag súil go bhfágfaidh siad an t-oileán chun céim ollscoile a bhaint amach nó taithí saoil a bheith acu i gceantar eile, ba mhian le tromlach na rannpháirtithe go mbeadh rogha acu filleadh chun cónaithe ar an oileán sa todhchaí. Aithníodh go mbeadh sé tábhachtach go gcuirfí an eacnamaíocht chun cinn agus go mbeadh seirbhísí ar fáil chun go bhféadfadh cianoibrithe bheith lonnaithe ann.

Dúradh go bhféadfaí caighdeán saoil na dteaghlach a fheabhsú ar an oileán, go mbeadh an saol níos tarraingtí, dá gcuirfí a thuilleadh áiseanna ar fáil. Dúradh go dtugann go leor turasóirí cuairt ar an oileán le linn an Samhradh ach go mbíonn sé ciúin le linn an Gheimhridh.

Ba bhreá leis na rannpháirtithe go gcuirfí leithris phoiblí de chaighdeán níos airde ar fáil, go bhfeabhsófaí caighdeán na mbóithre, chomh maith le cúirteanna cispheile/leadóige agus go ndéanfaí fógraíocht níos fearr maidir leis an oileán go dtarraingeofaí níos mó turasóirí go hOileán Chléire.

Plean Teanga Chléire

Labhraíodh go díomách i dtaobh stádas Choláiste Chiaráin agus i dtaobh an mheatha a tháinig ar ‘Tír na Spraoi’ (grúpa súgartha). Taispeánann an tábla seo na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le bheith ag cur fúthu ar Oileán Chléire.

Léiríonn siad seo a leanas na tuairimí a léirigh na rannpháirtithe na buntáistí agus na dúshlán atá le cur fúthu ar an oileán:

- Snámh
- An leabharlann (cé go bhfuil sí ró-bheag)
- Saoirse agus Sábháilteacht
- Aithne ar chomharsana
- Uaireanta teoranta d’áitrimh thráchtála, go háirithe le linn an Gheimhridh
- Cuma mhímhaiseach ar fhoirgnimh áirithe – go háirithe, tionscadal amháin neamhchríochnaithe
- Go gcuirtear ceal ar sheoltaí an bháid fharantóireachta le linn an Gheimhridh (de bharr stoirmeacha)
 - Go n-athraítear na haltraí áitiúla go minic
- Bruscar/drámhaíl (in áiteanna áirithe)

Tá an méid a bhí le rá ag daoine óga an oileáin tógtha san áirimh go láidir i réiteach na mbeart sa phlean teanga seo.

Caibidil 6 - Bearta an Phlean Teanga

Cuireann an caibidil seo síos ar na bearta a d'éascair as an bpróiseas taighde agus comhlairliúchán a deineadh agus an Plean Teanga seo á chur le chéile.

Tá dhá chuid sa chaibidil seo

1 Liosta agus buiséad na mbeart sonrach a bhaineann le feidhmiú Plean Teanga Chléire a d'éascair ó phróiseas na pleanála teanga.

2 Spriocanna agus mianta Chomharchumainn Chléire chun caighdeán maireachtála an tsaoil ar an Oileán a fheabhsú trí fhorbairtí éagsúla a chur i gcríoch. Tá sé seo fíorthábhachtach ar ndóigh chun go mbeadh áiseanna agus seirbhísí ar an oileán ar a laghad ar an gcaighdeán céanna lena bhfuil ar fáil ar an mórthír.

Liosta Teidil na mBeart

6.1 Feidhmiú na mBeart

6.1.1 - Meitheal Pleanála Teanga (MPT) a chur le cheile chun an Plean a fheidhmiú faoi choimirce an Chomharchumainn

6.1.2 - Fostú Oifigigh Pleanála Teanga agus seoladh an Plean Teanga

6.1.3 – Monatóireacht

6.1.4 - Oifig agus áiseanna cuí a aimsiú le haghaidh an OPT maraon le costais.

6.2 An Córas Oideachais agus Deiseanna foghlama lasmuigh den chóras oideachais

6.2.1 - Forbairt ionad seirbhísí teanga chun gníomhartha cumasaithe, saibhríthe agus sealbhú teanga a chur ar bun.

6.2.2 - Forbairt na Bunscoile – ceangal le scoileanna ar an mórthír sa Ghaeltacht nó Gaelscoileanna tríd an gcóras Zoom chun caidreamh a chothú nó fiú ceangal isteach agus freastal ar ranganna/quiz/seisiúin sna scoileanna sin ó am go ham.

6.3 Seirbhísí sóisialta agus caitheamh aimsire

Plean Teanga Chléire

6.3.1 - Imeachtaí Caitheamh Aimsire don Óige

6.3.2 - Seisiúin spóirt agus spraoi a fhorbairt le haghaidh páistí óga agus a dtuismitheoirí.

6.3.3 - Club Sóisialta le bunú ar an Oileán -chun imeachtaí ar an oileán a eagrú agus taisteal go háiteanna eile.

6.4 Seirbhísí cúram leanaí, réamhscolaíochta agus tacaíochta teaghlaigh lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga

6.4.1 - Tacaíocht Teanga do Theaghlaigh nua tagtha

6.5 Pleanáil agus forbairt fhisiceach

6.5.1 - Taighde ar Fhorbairt Aiseanna Pobail ar an Oileán – Lárionad don Óige agus Caitheamh Aimsire

6.5.2 - Tréimhse i gCléire - Scéim a bhunú chun daoine a mhealladh le teacht chun cónaithe ar Chléire ar feadh tréimhse

6.5.3 - Turasóireacht Chultúrtha a chur chun cinn.

6.5.4 - Scéim Tithíochta do Chléire

6.5.5 - Plean athchóirithe a réiteach don bhfoirgneamh ina bhfuil an Siopa, Bialann agus Club Chléire

6.6 Staid na Gaeilge sa limistéar – dearcadh, cumas agus nósmaireacht an phobail ina leith agus saibhriú na Gaeilge trí forbairt na n-ealaíon

6.6.1 - Clár Ealaíon trí Ghaeilge, do phobal an oileáin, clár don óige san áireamh, a fhorbairt agus a bhuanú

6.7 Na Meáin Chumarsáide

6.7.1 - Feachtas Feasachta agus Bolscaireachta don Phlean Teanga

6.8 Seirbhísí don aos óg agus d'aoisghrúpaí eile

6.8.1- Forbairt Seirbhísí d'aoisigh

6.8.2 - Naisc a chruthú le lucht gnó an Sciobairín

Plean Teanga Chléire

6.1 Feidhmiú na mBeart

6.1.1	Meitheal pleanála teanga (MPT) a chur le chéile chun an Plean a fheidhmiú faoi choimirce an Chomharchumainn					
Réimsí	Gach réimse					
Critéir pleanála teanga	1 go 19					
Aidhm	Grúpa tiomanta a bhunú le cur i mbun stiúradh ar an bpróiseas pleanála teanga agus a chuirfidh comhairle agus treoir leanúnach ar fáil don OPT maidir le feidhmiú, monatóireacht agus athbhreithniú an Phlean Teanga.					
Eolas breise	Beidh ionadaithe le ceapadh ar an nGrúpa seo ó spriocghrúpaí éagsúla ar an Oileán agus ó dhaoine lasmuigh den Oileán a bhfuil leas, spéis nó saineolas ar leith acu i bhforbairt an Oileáin, go háirithe ó thaobh caomhnú agus leathnú laethúil a dhéanamh ar úsáid na teanga, na n-ealaíon, an oideachais, an óige agus forbairt pobail. Beidh fíis, aidhmeanna, bunreacht agus ballraíocht an ghrúpa le haontú mar chéad chéim. Beidh fochoistí ag an ngrúpa chun déileáil le bearta a bhaineann le sainspéiseanna nó spriocghrúpaí éagsúla. Beidh líon áirithe cruinnithe le h-eagrú go bliantúil, cuid acu ar an Oileán, cuid acu ar an mórthír, agus cuid acu ar líne. Beidh ionadaíocht ar an MPT ó choiste forbartha ón Sciobairín más féidir é. Eolas breise faoi seo ar fáil i gCaibidil a 9					
Príomhúinéir an bhirt	CCTeo, (An Cheanneagraíocht) Meitheal Pleanála Teanga Chléire					
Páirtithe leasmhara	ÚnaG, Coláiste na hOllscoile Corcaigh					
Saolré	Leanúnach le linn na tréimhse feidhme					
Costas measta iomlán	€7,000					
Costas measta in aghaidh na bliana	€1,000					
Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3	Bliain 4	Bliain 5	Bliain 6	Bliain 7

Plean Teanga Chléire

€1000	€1000	€1000	€1000	€1000	€1000	€1000
Foinsí maoinithe		Buiséad Pleanála Teanga				
Dúshlán fhéideartha		Daoine oiriúnacha a aimsiú le bheith páirteach sa ghrúpa agus a dheimhniú go mbeidh fuinneamh agus fócas leanúnach ag an ngrúpa chun dul i mbun na hoibre				
Réiteach molta		Cathaoirleach éifeachtach a cheapadh agus córais pleanála, tuairisce agus athbhreithnithe a bheith aontaithe agus i bhfeidhm				
Monatóireacht		Beidh cruinnithe rialta ag an ngrúpa chun clár feidhme an Phlean Teanga a aontú agus a threorú. Aontófar téarmaí tagartha don ghrúpa agus do na cruinnithe agus beidh córas monatóireachta ar éifeachtúlacht an ghrúpa sonraithe sna téarmaí tagartha sin.				

6.1.2	Fostú Oifigigh Pleanála Teanga agus seoladh an Plean Teanga
Réimsí	Gach réimse
Critéir pleanála teanga	1 go 19
Aidhm	1 Duine cumasach a aimsiú chun Plean Teanga Chléire a chur i bhfeidhm, 2 An pobal ar an Oileán agus an pobal ar an móirthír a chur ar an eolas faoi spriocanna agus bearta an phlean. 3 Achoimre don phlean a chur ar fáil agus ócáid seolta a eagrú
Eolas breise	Beidh ról tábhachtach ag an Oifigeach Pleanála Teanga a bheith lárnach i gcur i bhfeidhm straitéis fadtéarma ar mhaithe le hinmharthanacht ag pobal beo Gaelach i gCléire. Beidh costas measta de €2000 ar chostais taistil an OPT go bliantúil.

Plean Teanga Chléire

		Tá costas measta de €2,000 á mholadh i mbliain a haon chun an achoimre a chuir le chéile agus an plan a sheoladh.				
Príomhúinéir an bhirt		CCTeo, Meitheal Pleanála Teanga				
Páirtithe leas mhara		ÚnaG RnaG CONCOS CnaG				
Saolré		Leanúnach				
Costas measta iomlán		€360,000				
Costas measta in aghaidh na bliana		Idir €50,000 agus €60,000 in aghaidh na bliana				
Bliain 1 43,000 + €2000 +€2,000 + €1,000	Bliain 2 45,000 +€2000	Bliain 3 €47,000 +€2000	Bliain 4 €49,000 +€2000	Bliain 5 €51,000 +€2000	Bliain 6 €53,000 +€2000	Bliain 7 €55,000 +€2000
Foinsí maoinithe		Údarás na Gaeltachta (Buiséad Pleanála Teanga)				
Dúshláin fhéideartha		Duine cumasach cáilithe le taithí chuí a earcú a mbeidh suim acu cónaí ar an oileán agus a bheadh in ann obair le daoine i slí thuisceanach agus chabhrach.				
Réiteach molta		Pacáiste tarraingteach a ofráil agus é seo a bheith fógartha go soiléir le linn feachtais earcaíochta. Eolas cruinn a thabhairt ag an tús maidir leis an oileán agus na féidearthachtaí agus na dúshláin a mhíniú.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt		Beidh clár oibre aontaithe leis an OPT agus beidh dul chun cinn na mbeart á phlé ar bhonn míosúil leis an gcoiste bainistíochta. Córais pleanála, tuairisce agus athbhreithnithe a bheith i bhfeidhm agus iad seo a bheith aontaithe leis an OPT.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt		Córas éifeachtach monatóireachta a bheith i bhfeidhm atá in ann measúnú réasúnta agus macánta a dhéanamh mar chuid de phróiseas athbhreithnithe rialta. Beidh an beart seo agus na bearta eile á bplé go rialta agus go leanúnach ag an gCoiste Pleanála Teanga.				

Plean Teanga Chléire

6.1.3	Monatóireacht					
Réimsí	K					
Critéir pleanála teanga	1, 19					
Aidhm	Monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus ar éifeacht an phlean teanga.					
Eolas breise	Tabharfar faoi roinnt gníomhartha monatóireachta ar bhonn rialta le cinntiú go mbeidh bearta an phlean teanga á gcur i bhfeidhm go héifeachtach agus go córasach. Is é an OPT i gcomhar leis an Meitheal Pleanála Teanga a bheidh freagrach as na cruinnithe agus as na gníomhartha monatóireachta a eagrú. I measc na ngníomhartha monatóireachta beidh taighde agus suirbhéanna le coimisiúnú, go háirithe i mbliain a 3 agus i mbliain a 6. Beidh an taighde seo dírithe ar chíoradh a dhéanamh ar úsáid na teanga i suíomhanna éagsúla, cumas teanga an phobail, agus dearcadh an phobail ar an dhul chun cinn an Plean. Níos mó eolais ar fáil i gcaibidil a 9					
Príomhúinéir an bhirt	An Mheitheal Pleanála Teanga, an OPT					
Páirtithe leas mhara	An OPT (príomhúinéir), MPT					
Saolré	Bliain 1-7					
Costas measta iomlán	€4,500					
Costas measta in aghaidh na bliana	€500 – seachas bliain 3 agus 6					
Bliain 1 €500	Bliain 2 €500	Bliain 3 €1,000	Bliain 4 €500	Bliain 5 €500	Bliain 6 €1,000	Bliain 7 €500
Foinsí maoinithe	An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán					
Dúshlán fhéideartha	Nach mbeadh príomhaíocht á fháil ag an mbeart					
Réiteach molta	A chinntiú go mbíonn an beart seo luaite sa chlár oibre bliantúil.					
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt	Córais pleanála, tuairisce agus athbhreithnithe a bheith i bhfeidhm agus iad seo a bheith aontaithe leis an OPT.					

Plean Teanga Chléire

Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt	Beidh an beart seo agus na bearta eile á bplé go rialta agus go leanúnach ag an Meitheal Pleanála Teanga.
---	---

6.1.4	Oifig agus áiseanna cuí a aimsiú le haghaidh an OPT maraon le costais.					
Réimsí	Gach réimse					
Critéir pleanála teanga	1 go 19					
Aidhm	Oifig/riarachán agus áiseanna a chur ar fáil don OPT.					
Eolas breise	Beidh suíomh de chaighdeán maith maraon le áiseanna cuí agus príobháideachtas ag teastáil ón OPT. Tá sé tábhachtach go beadh córas maith leathanbhanda ar fáil chun go mbeifear in ann cumarsáid ar líne a chinntiú. Beidh na córais bhainistíochta laethúla le haontú maraon leis na polasaithe éagsúla a bheidh le forbairt i gcomhar leis an MPT agus an Comharchumann, agus beidh cuntas bainc ar leith le bheith ar fáil chun an buiséad pleanála teanga a riar. Beidh trealamh oifige le cur ar fáil don OPT ar chostas measta de €4000-€5000. Níl an tsuim seo áirithe sa bhuiséad pleanála ós rud é go bhfuil scéim ar leith ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán le cabhrú leis na Ceanneagraíochtaí fearais oifige a cheannach.					
Príomhúinéir an bhirt	Meitheal Pleanála Teanga, an OPT					
Páirtithe leasmhara	CCTeo, Meitheal Pleanála Teanga, ÚnaG RnaG					
Saolré	Leanúnach					
Costas measta iomlán	€37,000					
Costas measta in aghaidh na bliana	€5300					
Bliain 1 €5000	Bliain 2 €5000	Bliain 3 €5200	Bliain 4 €5300	Bliain 5 €5400	Bliain 6 €5500	Bliain 7 €5600
Foinsí maoinithe	Údarás na Gaeltachta (Buiséad Pleanála Teanga)					

Plean Teanga Chléire

Dúshláin fhéideartha	Suíomh oiriúnach a aimsiú
Réiteach molta	Suíomh oiriúnach a aimsiú
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt	Córais pleanála, tuairisce agus athbhreithnithe a bheith i bhfeidhm agus iad seo a bheith aontaithe leis an OPT.
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt	Beidh an beart seo agus na bearta eile á bplé go rialta agus go leanúnach ag an gCoiste Pleanála Teanga.

6.2 An Córas Oideachais agus Deiseanna foghlama lasmuigh den chóras oideachais

6.2.1	Forbairt ionad seirbhísí teanga chun gníomhartha cumasaithe, saibhrithe agus sealbhú teanga a chur ar bun.
Rémsí	A, D agus K
Critéir pleanála teanga	8 agus 2 agus 6
Aidhm	Misneach a bheith ag daoine úsáid a bhaint as an nGaeilge atá acu agus córais sealbhaithe agus cumasaithe teanga a fhorbairt dóibh sin gur mian leo foghlaim, nó feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge
Eolas breise	Tá leibhéil éagsúla cumais sa Ghaeilge ag pobal an Oileáin – ón té go bhfuil Gaeilge líofa acu go dtí an duine nach bhfuil aon Ghaeilge aige nó aici. Beidh plean forbartha teanga le réiteach do gach leibhéal agus spriocghrúpa, ag brath ar na héilimh agus na mianta atá acu. Beidh spreagadh le tabhairt do dhaoine atá cumasach sa Ghaeilge an cumas teanga atá acu a roinnt le foghlaimeoirí nó le daoine atá ag iarraidh cleachtadh a fháil ar bheith ag labhairt Gaeilge i suíomhanna nádúrtha. Bunófar scéim ar nós scéim Gaelchara nó Buddy Teanga don réimse seo. Beidh Ranganna Gaeilge agus cúrsaí Teg ar fáil don bhfoghlaimeoir. Beidh ciorcail comhrá nó gníomhaíochta neamhfhoirmeálta dá leithéid ar fáil don té go n-oirfeadh

Plean Teanga Chléire

		san do nó di. Beidh béim ar Ghaeilge fheidhmeach a mhúineadh le gur féidir le daoine í a úsáid go laethúil. Ós rud é go bhfuil daonra beag ar Chléire, déanfar iniúchadh ar na deiseanna atá ann roinnt de na ranganna/seisiúin a chur ar fáil ar líne i gcomhar le LPTanna eile i gCúige Mumhan – cleachtas atá forbartha go mór le linn tréimhse an COVID-19				
Príomhúinéir an bhirt		OPT agus an MPT.				
Páirtithe leasmhara		UnaG, BOOChorcaí, CC, MPT				
Saolré		7 mbliana				
Costas measta iomlán		€20,000				
Costas measta in aghaidh na bliana		€3000				
Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3	Bliain 4	Bliain 5	Bliain 6	Bliain 7
€3000	€3000	€3000	€3000	€3000	€3000	€2000
Foinsí maoinithe		Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí Údarás na Gaeltachta.				
Dúshlán fhéideartha		Daoine a spreagadh.				
Réiteach molta		Modhanna nua ar nós an ceangal le ceantair eile An fhoghlaím a bhí ceangailte le gníomhaíochta caitheamh aimsire Áiseanna a chur ar fáil do na foghlaimeoirí – leabhair, suíomhanna suimiúla ar FB srl, teagmháil le foghlaimeoirí in áiteanna eile				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt		Cuntas a choimeád ar thinreamh, tuairiscí ar éifeacht na slite éagsúla. Méadú ar leibhéal úsáidte na teanga				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt		Beidh tuairisc rialta le cur ar fáil ag an OPT maidir le dul chun cinn an bhirt seo				

6.2.2	Forbairt na Bunscoile – ceangal le scoileanna ar an mórthír sa Ghaeltacht nó Gaelscoileanna tríd an gcóras Zoom chun caidreamh a chothú nó fiú ceangal isteach
-------	--

Plean Teanga Chléire

	agus freastal ar ranganna/quiz/seisiúin sna scoileanna sin ó am go ham.					
Réimsí	A B					
Critéir pleanála teanga	4 5 6 7 8					
Aidhm	Níl ach 8 ag freastal ar bhunscoil Chléire. Mar sin, ní bhíonn teagmháil laethúil ag an páistí ar an oileán le páistí atá ar chomhaois leo féin. Le teacht Covid, tá an tír ar fad tar éis eirí cleachtaithe ar theagmháil go rialta le chéile trí chruinnithe zúmála nó teams, agus tá feabhas agus forbairt an-mhór tagtha ar na córais sin. Tá deis ann anois mar sin do bhunscoil Chléire, naisc a chruthú le Gaelscoileanna ar an móirthír nó scoileanna i LPTanna eile ar bhonn rialta. Tá an Ghaelscoil is cóngaraí sa Sciobairín, an baile siopadóireachta is mó ar a mbíonn tarrac ag pobal Chléire uirthi. Tá LPT Mhúscraí sa chontae céanna agus 4 bhunscoil ag feidhmiú trí Ghaeilge ann. D'fhéadfadh na daltaí “cuairt” ar líne a thabhairt ar a chéile, nó a bheith páirteach in ócáidí/ranganna ar líne le scoileanna eile, go háirithe an scoil sa Sciobairín					
Eolas breise	Dá mbeadh caidreamh rialta cruthaithe idir scoil Chléire agus scoil ar an móirthír bheadh deis ann do na daltaí cuairteanna a thabhairt ar a chéile agus d'fhéadfadh ról a bheith ag na páistí na gníomhaíochtaí a phleanáil agus a eagrú do na turais sin – turais lae i dtosach, agus le himeacht aimsire turais deise seachtaine nó rl.					
Príomhúinéir an bhirt	Scoil Inis Chléire					
Páirtithe leasmhara	Bord Bainistíochta na Scoile. Meitheal Pleanála Teanga. TnaG					
Saolré	Leanúnach					
Costas measta iomlán	€9,800					
Costas measta in aghaidh na bliana	€1,400					
Bliain 1 €1500	Bliain 2 €1000	Bliain 3 €1800	Bliain 4 €1500	Bliain 5 €1500	Bliain 6 €1000	Bliain 7 €1500

Plean Teanga Chléire

Foinsí maoinithe	CCC, An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil
Dúshlán fhéideartha	Cead a fháil ó Bhoird na scoileanna a bheadh i gceist. Sláinte agus Sábháilteacht.
Réiteach molta	Cead a fháil ó Bhoird na scoileanna a bheadh i gceist. Polasaithe Sláinte agus Sábháilteachta a bheith in áit agus a ghníomhú.
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt	Córais pleanála, tuairisce agus athbhreithnithe a bheith i bhfeidhm agus iad seo a bheith aontaithe ag an scoil leis na páirtithe leasmhara.
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt	Córas éifeachtach monatóireachta a bheith i bhfeidhm atá in ann measúnú réasúnta agus macánta a dhéanamh. Beidh an beart seo agus na bearta eile á bplé go rialta agus go leanúnach ag an gCoiste Pleanála Teanga.

6.3 Seirbhísí sóisialta agus caitheamh aimsire

6.3.1	Imeachtaí Caitheamh Aimsire don Óige
Réimsí	C D J K
Critéir pleanála teanga	6 agus 10
Aidhm	Sraith imeachtaí a reáchtáil le haghaidh ógánaigh Chléire agus cuairteoirí ina mbeadh réimse leathan de imeachtaí á ndéanamh trí Ghaeilge.
Eolas breise	Imeachtaí don óige Club óige do pháistí 7–11 bliana d’aois a bhunú, chomh maith le club do phaistí 12–14 bliana agus ceann do pháistí 15–18 mbliana, chomh maith le himeachtaí le haghaidh dream tríú leibhéal. Na clubanna le bheith lonnaithe i suíomh sábháilte oiriúnach, áit gur féidir teacht le chéile go seachtainiúil. Le clárú le hÓige na Gaeltachta agus tacaíocht a fháil uathu ó thaobh oiliúint a chur ar na hoibrithe óige agus plean gníomhaíochtaí a leagan amach.

Plean Teanga Chléire

		Bheidh deis ann nascadh a dhéanamh le páistí ar an móirthír agus sna LPTs eile ó dheas i rith na bliana agus comhimeachtaí le teaghlaigh a thagann ar cuairt go dtí an oileán Bheadh réimse imeachtaí do na haoisghrúpaí éagsúla ón mbunscoil go dtí leibhéal na hArdteiste. Ní hamháin go mbeadh sé seo ina bhuntáiste ó thaobh na teanga de ach go deimhin thabharfadh sé rud éigin le déanamh don dream óg.				
Príomhúinéir an bhirt		Parlaimint na nÓg (le bunú) agus an OPT				
Páirtithe leasmhara		CÓC CCEO ÚnaG RnaG				
Saolré		Leanúnach				
Costas measta iomlán		€20,000				
Costas measta in aghaidh na bliana		€3,000				
Bliain 1 €3000	Bliain 2 €3000	Bliain 3 €3000	Bliain 4 €3000	Bliain 5 €3000	Bliain 6 €3000	Bliain 7 €2000
Foinsí maoinithe		ÚnaG (Buiséad Pleanála Teanga) RnaG				
Dúshlán fhéideartha		Toil agus suim. Maoiniú. Daoine fásta a fháil chun an Club a reáchtáil i gcomhpháirtíocht leis an dream óg.				
Réiteach molta		Níos mó plé a dhéanamh leis an dream óg níos gaire don am. Seirbhís áisitheoireachta a cheannach – sé sin, daoine a aithint go mbeadh spéis acu bheith ag cabhrú le hobair óige a chur chun cinn, oiliúint a chur orthu agus cúnamh teanga más gá. Cruinnithe pobail leis na páirtithe leasmhara. Scéim maoinithe a aithint.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt		Córais pleanála, tuairisce agus athbhreithnithe a bheith i bhfeidhm agus iad seo a bheith aontaithe leis an OPT – beidh ar rannpháirtithe síniú isteach, beidh polasaithe sláinte agus sábháilteachta don óige i bhfeidhm. Beidh teastas chead na ngardaí le bheith ag				

Plean Teanga Chléire

	ceannairí/áisitheoirí. Beidh cúrsaí oiliúna ar fáil d'áisitheoirí
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt	Córas éifeachtach monatóireachta a bheith i bhfeidhm atá in ann measúnú réasúnta agus macánta a dhéanamh. Beidh an beart seo agus na bearta eile á bplé go rialta agus go leanúnach ag an gCoiste Pleanála Teanga. Plé rialta idir an Mheitheal Pleanála Teanga, an OPT agus an dream Óg.

6.3.2	Seisiúin spóirt agus spraoi a fhorbairt le haghaidh páistí óga agus a dtuismitheoirí.					
Réimsí	C D J K					
Critéir pleanála teanga	1-19					
Aidhm	Seisiúin spóirt agus spraoi a fhorbairt ina mbeadh tacaíocht teanga ar fáil chun eispéiris dhearfacha a chruthú ar mhaithe le buanú teanga.					
Eolas breise	Cruthóidh sé seo suíomh ina mbeidh paistí agus a dtuismitheoirí ag baint taitneamh as an spraoi lena chéile trí mheán na Gaeilge i slí neamhfhoirmeálta.					
Príomhúinéir an bhirt	CCTEO.					
Páirtithe leasmhara	CCC. ÚnaG. RnaG.					
Saolré	Leanúnach					
Costas measta iomlán	€13,700					
Costas measta in aghaidh na bliana	€1957					
Bliain 1 €2000	Bliain 2 €2000	Bliain 3 €2000	Bliain 4 €2000	Bliain 5 €2000	Bliain 6 €2000	Bliain 7 €1700
Foinsí maoinithe	RnaG CCC					
Dúshlán fhéideartha	Toil agus suim.					
Réiteach molta	Míniú a dhéanamh ar an gcoincheap. Cruinnithe pobail leis na páirtithe leasmhara.					

Plean Teanga Chléire

Monatóireacht ar éifeacht an bhirt	Córais pleanála, tuairisce agus athbhreithnithe a bheith i bhfeidhm agus iad seo a bheith aontaithe leis an OPT agus na páirtithe leasmhara. Beidh córais sláinte agus sláinteachais i bhfeidhm agus polasaithe deachleachtais. Lorgófar aischothú agus moltaí ó rannpháirtithe
------------------------------------	--

6.3.3	Club Sóisialta le bunú ar an Oileán - chun imeachtaí ar an oileán a eagrú agus taisteal go háiteanna eile.					
Réimsí	J K C					
Critéir pleanála teanga	10 11 12					
Aidhm	Club Sóisialta a bhunú ar an Oileán - chun imeachtaí ar an oileán a eagrú agus taisteal go háiteanna eile.					
Eolas breise	Tá gá lena leithéid chun seans a thabhairt do phobal an oileáin am a chaitheamh le chéile seachas ag cruinnithe nó ag an obair.					
Príomhúinéir an bhirt	Club Chléire. CCTEO. Meitheal Pleanála Teanga.					
Páirtithe leasmhara	SICAP (Social Inclusion and Community Activation Programme). CCC. RnaG. ÚnaG. Pobal Chléire.					
Saolré	Leanúnach					
Costas measta iomlán	€9,800					
Costas measta in aghaidh na bliana	€1,400					
Bliain 1 €1500	Bliain 2 €1000	Bliain 3 €1500	Bliain 4 €1200	Bliain 5 €2100	Bliain 6 €1000	Bliain 7 €1500
Foinsí maoinithe	Ú na G (Buiséad Pleanála Teanga)					
Dúshlámh fhéideartha	Toil agus Suim a mhúscailt.					
Réiteach molta	Réimse leathan de imeachtaí/Turais a eagrú chun daoine a mhealladh.					
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt	Córais pleanála, tuairisce agus athbhreithnithe a bheith i bhfeidhm agus iad seo a bheith aontaithe leis an OPT.					
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt	Córas éifeachtach monatóireachta a bheith i bhfeidhm atá in ann measúnú réasúnta agus macánta a					

Plean Teanga Chléire

	dhéanamh. Beidh an beart seo agus na bearta eile á bplé go rialta agus go leanúnach ag an gCoiste Pleanála Teanga.
--	--

6.4 Seirbhísí cúram leanaí, réamhscolaíochta agus tacaíochta teaghlaigh lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga

6.4.1	Tacaíocht Teanga do Theaghlaigh nua tagtha
Réimsí	B K D
Critéir pleanála teanga	1-19
Aidhm	Cabhrú le Teaghlaigh nuathagtha go dtí an oileán dul i dtaithí ar an saol dátheangach atá san LPT.
Eolas breise	Tá go leor daoine agus teaghlaigh ag teacht agus ag imeacht isteach agus amach as an oileán ó thíortha agus áiteanna nach bhfuil Gaeilge in úsáid. Go réadúil tá siad seo ag teastáil chun pobal inmharthana a choimeád ar an oileán agus chun leibhéal de sheirbhísí riachtanacha a chinntiú. Cuirfear pacáiste fáilte le chéile do na teaghlaigh seo. Beidh bileog eolais faoi Phlean teanga Chléire agus faoi na tacaíochtaí teanga atá le fáil tríd an bPlean Teanga sa phacáiste. Beidh dornán leabhar agus giúirléidí eile ar fáil ag brath ar aoisghrúpa na bpáistí (cdanna, cluichí srl) Aontófar plean tacaíochta teanga pearsanta do gach clann a chuirfidh san áireamh na riachtanais ar leith atá acu. Cuirfear maoiniú ar fáil dóibh le freastal ar dhianchúrsa i gceantar Gaeltachta eile mar spreagadh breise
Príomhúinéir an bhirt	CCTEO, CPTC,
Páirtithe leasmhara	TnaG CCC
Saolré	Leanúnach
Costas measta iomlán	€13700
Costas measta in	€1957

Plean Teanga Chléire

aghaidh na bliana						
Bliain 1 €2000	Bliain 2 €2000	Bliain 3 €2000	Bliain 4 €2000	Bliain 5 €2000	Bliain 6 €2000	Bliain 7 €1700
Foinsí maoinithe		TnaG ÚnaG (Buiséad Pleanála Teanga) RnaG				
Dúshlám fhéideartha		Tábhacht na Gaeilge agus stádas Gaeltachta an oileáin a mhíniú i gceart. Daoine a spreagadh chun Gaeilge a fhoghlaim agus glacadh le cabhair agus tacaíocht chuige sin. Daoine a spreagadh chun Gaeilge a labhairt.				
Réiteach molta		Míniú a thabhairt maidir le tábhacht na Gaeilge agus stádas Gaeltachta an oileáin.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt		Líon na rannpháirtithe. Méadú ar chumas teanga na rannpháirtithe.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt		Córas éifeachtach monatóireachta a bheith i bhfeidhm atá in ann measúnú réasúnta agus macánta a dhéanamh. Beidh an beart seo agus na bearta eile á bplé go rialta agus go leanúnach ag an gCoiste Pleanála Teanga.				

6.5 Pleanáil agus forbairt fhisiceach

6.5.1	Taighde ar Fhorbairt Áiseanna Pobail ar an Oileán – Lárionad don Óige agus Caitheamh Aimsire
Réimsí	A, B, C, D, H, I, J, K
Critéir pleanála teanga	2,3,7,8,10,12,17,18,19
Aidhm	Tá aidhm straitéiseach leis an mbeart seo, sé sin, sa fadtéarma go mbeadh seirbhísí agus áiseanna ar an oileán atá inchurtha leis na seirbhísí atá le fáil ar an mórthír agus go gcabhródh sé seo le méadú a dhéanamh ar dhaonra an oileáin.
Eolas breise	Aithnítear sa Phlean go bhfuil liosta le háireamh de thograí a bhaineann le caiteachas caipitil gur fiú tabhairt fúthu. Tá taighde breise le déanamh ar fhorbairt na dtograí seo agus mapa bóthair a leagadh síos a

Plean Teanga Chléire

	thabharfadh soiléireacht ar conas na tograí a bhogadh chun cinn céim ar chéim. Ceann de na tograí sin ná Lárionad Óige agus Caitheamh Aimsire a fhorbairt. Níl aon spás don óige ar fáil faoi láthair – níl Naíonra ná seirbhís cúram leanaí pobail ar an Oileán mar nach bhfuil páistí don aoisghrúpa seo ann ach ní mór spás a bheith ann le go bhféadfaí na seirbhísí sin a reáchtáil as todhchaí. Níl aon spásanna inmheánacha spóirt pobail ann ach an oiread. Níl aon chlós spraoi do leanaí lasmuigh le fáil ar an oileán ach an oiread. Sa bheart seo tá sé á mholadh go gcuirfí airgead ar fáil chun iniúchadh a dhéanamh ar na roghanna éagsúla ó thaobh forbairt a dhéanamh ar Ionad Óige (Caitheamh Aimsire agus Seirbhísí) Mar shampla - Spás aclaíochta, spás do chluichí fisiciúla spóirt faoi dhíon agus lasmuigh, clós spraoi do leanaí, traic reatha lasmuigh, linn snámha srl. Beidh iniúchadh le déanamh ar na féidearthachtaí a bhaineann le hionad áiseanna spóirt agus seirbhísí a bheadh dírithe ar an óige a fhorbairt, ach a bheadh ilchuspóireach ag an am gcéanna. Tá ciste de €4000 á mholadh do bhliain a 1 agus bliain a 2 chun bunús a chur faoin mbeart seo. Beidh foinsí maoinithe breise le lorg - mar shampla deontas staidéar féideartha ó Údarás na Gaeltachta chun maoiniú breise a chur ar fáil chun go mbeadh tuairiscí agus mapa bóthar téagartha ar fáil faoi 2023. San áireamh sna tuairiscí beidh scagadh ar na féidearthachtaí i ngach cás, líníochtaí samplacha, suíomhanna oiriúnacha aimsithe, éileamh tomhaiste srl. Bheadh iniúchadh le déanamh ar an costas reatha a bhaineadh lena leithéid, ós rud é go bhfuil an daonra chomh beag.
--	---

Plean Teanga Chléire

		Tá €3000 sa bhliain ó bliain a 3 go 7 molta chun cúlchiste do chostais taighde srl a chlúdach.				
Príomhúinéir an bhirt		Comharchumann Chléire, OPT				
Páirtithe leasmhara		Comhairle Chontae Chorcaí, Údarás na Gaeltachta.				
Saolré		Tréimhse ullmhúcháin – 2021 – 2023 Beidh cinneadh le déanamh roimh dheireadh na tréimhse sin i dtaobh toradh an taighde.				
Costas measta iomlán		€22,000				
Costas measta in aghaidh na bliana		Bliain a 1 go bliain 3 - €4,000 , €3000 bhliain 3 go 5 agus €2000 bliain 6+7				
Bliain 1 €4,000	Bliain 2 €4,000	Bliain 3 €4000	Bliain 4 €3000	Bliain 5 €3000	Bliain 6 €2000	Bliain 7 €2000
Foinsí maoinithe		An Plean Teanga, Údarás na Gaeltachta, Leader				
Dúshlán		Tá an-chuid ceistanna agus dúshlán bainteach leis na tograí seo ach má théann fiú ceann amháin acu chun cinn beidh tionchar fíor-dhearfach do shaol an oileáin.				
Réiteach molta		An t-iniúchadh a dhéanamh ar bhonn céim ar chéim agus comhairle a ghlacadh ó shaineolaithe i réimsí éagsúla maidir leis na deiseanna agus na féidearthachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt		Beidh spriocdháta leagtha síos le críoch a chur leis an taighde. Beidh tuairisc téagartha le cur ar fáil nuair a bheidh an obair thaighde curtha i gcríoch.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt		Bunófar fochoiste le suim ar leith sa togra atá le forbairt chun go mbeadh ionchur ag an bpobal sa phróiseas agus tús a chur leis an taighde i gcomhar leis an OPT.				

6.5.2	Tréimhse i gCléire Scéim a bhunú chun daoine a mhealladh le teacht chun cónaithe ar Chléire ar feadh tréimhse
Réimsí	B H J K

Plean Teanga Chléire

Critéir pleanála teanga	1-19
Aidhm	Cléire a bhuanú mar phobal inmharthana Gaeltachta beo agus an daonra a mhéadú.
Eolas breise	Tá Cléire ag brath go mór ar dhaoine agus teaghlaigh ag bogadh isteach chun an scoil agus seirbhísí eile ar an oileán a choimeád ar leibhéal inmharthana. Le teacht Covid tá an-fhorbairt tagtha ar líon na ndaoine atá ag obair ón mbaile. Leis an Gteic ar Chléire, tá deis ann daoine breise a mhealladh chun an Oileáin agus a bheith páirteach i saol an oileáin. Bheadh gá de dreasachtaí a chur ar fáil le spreagadh a thabhairt do dhaoine le clanna – tigh ar cíós an-saor mar shampla agus spás oibre san Gteic. Díriú ar chlanna le páistí bunscoile, agus ar dhaoine go mbeadh spéis acu Gaeilge a shealbhú. Níos mó ná scór bliain ó shin bhí feachtas gníomhaithe ag Comharchumann Chléire agus tháinig roinnt teaghlach isteach a rinne difríocht ollmhór ní hamháin d'uimhreacha sa scoil ach i go leor slite eile chomh maith. Is mó an gá atá le hardú agus buanú ar dhaonra seasta an oileáin anois ná ariamh. Tá éifeacht ag an imirce seo ar úsáid na teanga ar an oileán. Ba cheart go mbeadh obair leanúnach á dhéanamh ar an ngné ríthábhachtach seo den obair fhorbartha. Ní mór tithe a aithint ar an oileán a bheadh ar fáil ar feadh tréimhse fadtéarma. Bheadh bróisiúir poiblíochta le forbairt agus feachtas margaíochta le riar.
Príomhúinéir an bhirt	CCTEO. Scoil Inis Chléire
Páirtithe leasmhara	CCC ÚnaG RnaG
Saolré	Leanúnach
Costas measta iomlán	€14,000
Costas measta in aghaidh na bliana	€2000

Plean Teanga Chléire

Bliain 1 €2000	Bliain 2 €2000	Bliain 3 €2000	Bliain 4 €2000	Bliain 5 €2000	Bliain 6 €2000	Bliain 7 €2000
Foinsí maoinithe		CCC ÚnaG RnaG				
Dúshlám fhéideartha		Tá go leor dúshlán ag baint leis seo, níos mó ná mar is féidir a phlé anseo, ach cinnte beidh go leor le déanamh maidir le tithíocht ar an oileán agus fostaíocht a bheith ar fáil. Beidh go leor le déanamh freisin chun an cineál maoinithe a fháil gur gá leis chun an sprioc seo a bhaint amach.				
Réiteach molta		Cheana féin tá Comharchumann Chléire ag cur tithíocht ar fáil do chlann. Caithfear tacaíocht breise a fháil chun tús a chur leis an bpróiseas taighde maidir le scéim tithíochta chuí a fhorbairt mar atá luaite i mbeart 6.2.14 Ar deireadh ba cheart go mbeadh plean réitithe agus glactha ag gach leibhéal.				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt		Fiosrúcháin agus spéis an phobail a thomhas. Aischothú agus ionchur ó na rannpháirtithe a fháil go rialta. Fóchoiste de na baill le bunú chun go mbeadh guth lárnach acu sa bheartas				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt		Córas éifeachtach monatóireachta a bheith i bhfeidhm atá in ann measúnú réasúnta agus macánta a dhéanamh. Beidh an beart seo agus na bearta eile á bplé go rialta agus go leanúnach ag an gCoiste Pleanála Teanga.				

6.5.3	Turasóireacht Chultúrtha a chur chun cinn.
Réimsí	E, C
Critéir pleanála teanga	11 13 14 15
Aidhm	Gach cineál turasóireachta Cultúrtha a chur chun cinn.

Plean Teanga Chléire

Eolas breise		Lóistín breise don Choláiste Samhradh a fhorbairt. Cúrsaí Cultúir agus Teanga do dhaoine fásta a fhorbairt trí Ghaeilge Réimse leathan de chúrsaí, ranganna agus ceardlann a fhorbairt chun an leas is fearr a bhaint as na háiseanna éagsúla atá ar fáil ar an oileán. Breis campaí cosúil leis na campaí samhradh a fhorbairt. Imeachtaí Cultúrtha breise a chur ar siúl i gClub Chléire. Breis forbartha ar Fhéile na Spéire Dorcha Imeachtaí fóillíochta a fhorbairt chun turasóirí cultúrtha a mhealladh go dtí an oileán. Obair le gnólachtaí an oileáin chun tacaíocht a thabhairt dóibh le comharthaíocht i nGaeilge chomh maith le feachtais bolscaireachta ar thurasóireacht chultúrtha a fhorbairt.				
Príomhúinéir an bhirt		Meitheal Pleanála Teanga agus an OPT				
Páirtithe leasmhara		CCC ÚnaG RnaG Gnóanna Chléire, Coláiste Pobail Chléire				
Saolré		Leanúnach				
Costas measta iomlán		€14,000				
Costas measta in aghaidh na bliana		€2000				
Bliain 1 €2000	Bliain 2 €2000	Bliain 3 €2000	Bliain 4 €2000	Bliain 5 €2000	Bliain 6 €2000	Bliain 7 €2000
Foinsí maoinithe		CCC ÚnaG (Buiséad Pleanála Teanga) RnaG Foras na Gaeilge				
Dúshláin fhéideartha		Tithe nó teaghlaigh a bheith incháilithe scoláirí a choimeád. Caighdeán tithe ó thaobh na ndianchritéar innealtóireachta atá i bhfeidhm. Clár sách suimiúil tarraingteach a fhorbairt chun daoine a mhealladh isteach ag na cúrsaí éagsúla.				
Réiteach molta		Oibriú leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán chun an méid tithe agus teaghlaigh a thabhairt isteach sa chóras agus is féidir.				

Plean Teanga Chléire

	Cúrsaí agus imeachtaí eile suimiúla a fhorbairt. Taighde a dhéanamh ar éilimh agus feidhmiú dá réir.
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt	Córais pleanála, tuairisce agus athbhreithnithe a bheith i bhfeidhm agus iad seo a bheith aontaithe leis an OPT.
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt	Córas éifeachtach monatóireachta a bheith i bhfeidhm atá in ann measúnú réasúnta agus macánta a dhéanamh. Beidh an beart seo agus na bearta eile á bplé go rialta agus go leanúnach ag an gCoiste Pleanála Teanga.

6.5.4	Scéim Tithíochta do Chléire
Réimsí	I, H
Critéir pleanála teanga	17,4,3
Aidhm	1 Méadú a chur ar líon na dtithe atá ar fáil ar Chléire – ar cíós, nó le ceannach ionas gur féidir le daoine nua a mhealladh chun an Oileáin, nó chun go mbeadh sé ar chumas daoine de bhunadh an oileáin 2 Forbairtí tógáil tithe - tithe sóisialta agus inacmhainne agus scéim forbartha tithe príobháideacha
Eolas breise	Tá fadhb tithíochta ar Chléire. Níl scéim tithíochta sóisialta ná inacmhainne ar an Oileán. Tá tithe folamha ar an Oileán ach níl siad ar fáil do thionóntaithe. Tá gá le taighde a dhéanamh ar an staid reatha, tuairisc le cur ar fáil, agus plean forbartha a chur le chéile ag léiriú an cur chuige is fearr chun a chinntiú go mbeidh tithe ar fáil ar an Oileán do na spriocghrúpaí éagsúla de réir riachtanais. Béim go háirithe ar fhorbairt tithíochta do chlainne le cabhrú le feidhmiú beart 6.2.13 - Tréimhse ar Chléire Beidh láithreáin oiriúnacha le haimsiú do nuafhorbairtí agus próiseas comhairliúcháin le húinéirí talún, pleanálaithe sa Chomhairle Contae srl.

Plean Teanga Chléire

		Beidh teagmháil le déanamh le forbróirí príobháideacha agus le comharchumainn tithíochta. Breathnófar ar bhealaí le polasaí nó coinníoll láidir teanga a cheangal leis na forbairtí seo a chinnteoidh go gcuirfidh siad le seasamh na Gaeilge mar theanga phobail ar Chléire.				
Príomhúinéir an bhirt		CC agus an OPT				
Páirtithe leasmhara		Comhairle Chontae Chorcaí, An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, Comharchumainn Tithíochta				
Saolré		Leanúnach				
Costas measta iomlán		Costas taighde agus comhairleoireachta €11,000				
Costas measta in aghaidh na bliana		€2000 bliain 1 agus €3,000 bliain 2 go 4.				
Bliain 1 €2000	Bliain 2 €3000	Bliain 3 €3000	Bliain 4 €3000	Bliain 5	Bliain 6	Bliain 7
Foinsí maoinithe		An Plean Teanga. Údarás an Gaeltachta. Leader				
Dúshlán fhéideartha		Tá go leor eilimintí sa bheart seo agus d'fhéadfadh sé a bheith an-chasta				
Réiteach molta		Díriú ar na ceisteanna ina gceann is ina gceann ag tosú le hiniúchadh/tuairisc ar an staid reatha agus ansin ag díriú ar an éileamh atá, agus a d'fhéadfadh a bheith ar thithe ar Chléire				
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt		Fás tagtha ar líon na dtithe ar fáil ar Chléire agus clanna nua tagtha go Cléire.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt		Ní bheidh fadhb tithíochta ar Chléire níos mó má éiríonn leis an mbeart seo.				

6.5.5	Plean athchóirithe a réiteach don bhfoirgneamh ina bhfuil an Siopa, Bialann agus Club Chléire
Réimsí	C, E, F, H, I, J, K
Critéir pleanála teanga	3,6,10,11,12,13,14,18

Plean Teanga Chléire

Aidhm		Plean athchóirithe don bhfoirgneamh ina bhfuil an siopa, bialann agus Club Chléire lonnaithe ós rud é go bhfuil ról chomh lárnach ag an spás seo i saol na ndaoine ar an oileán ar bhonn laethúil.				
Eolas breise		Tá an spás seo an-tábhachtach i saol an oileáin agus bíonn sé fíor-ghnóthach agus seirbhísí an-tábhachtacha á gcur ar fáil ann. Tá sé lonnaithe ar shuíomh álainn agus tá an foirgneamh féin an-deas. Mar sin féin tá an spás laistigh cúng agus ní féidir freastal ach ar méid áirithe daoine ag an am. Tá sé á mholadh sa bheart seo iniúchadh a dhéanamh ar an spás seo ó thaobh “functionality” de agus moltaí úsáide a chur le chéile. Bheadh gá le dearthóir proifisiúnta a aimsiú chun plean oiriúnach a shásódh na tionóntaithe agus an pobal. Obair thaighde le déanamh i mbliain a 1 agus 2. €1000 sa bhliain @ 5 bliana chun ócáidí, comharthaí/feachtais/taispeántais bainteach leis an bhfoirgneamh seo a riar. Ról an OPT - Tugann an OPT tacaíocht don Chomharchumann de réir mar a theastaíonn sé.				
Príomhúinéir an bhirt		CC, Club Chléire, Na Tionóntaithe san fhoirgneamh.				
Páirtithe leasmhara		Pobal an oileáin, OPT				
Saolré		2 bhliain				
Costas measta iomlán		€7,000				
Costas measta in aghaidh na bliana		€3000 bliain a 1 agus €4000 bliain a 2.				
Bliain 1 €3000	Bliain 2 €4000	Bliain 3	Bliain 4	Bliain 5	Bliain 6	Bliain 7
Foinsí maoinithe		An Plean Teanga, Údarás na Gaeltachta, an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán				

Plean Teanga Chléire

Dúshlám fhéideartha	Má chuirtear plean maith le chéile, caithfear foinsí maoinithe breise a aimsiú chun cabhrú leis an obair athchóirithe
Réiteach molta	Taighde a dhéanamh ar na féidearthachtaí a bhaineann le roghanna éagsúla, más ann dóibh
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt	Teagmháil rialta leis na comhairleoirí – tuairisc rialta le fáil ar an dul chun cinn
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt	Tuairisc chríochnúil le bheith ar fáil roimh dheireadh bhliain a 2

6.6 Staid na Gaeilge sa limistéar – dearcadh, cumas agus nósmaireacht an phobail ina leith agus saibhriú na Gaeilge trí fhorbairt na n-ealaíon

6.6.1	Clár Ealaíon trí Ghaeilge, do phobal an oileáin, clár don óige san áireamh, a fhorbairt agus a bhuanú
Réimsí	C D J K
Critéir pleanála teanga	1-19
Aidhm	Feidhm aitheanta na n-ealaíon i bhforbairt, saibhriú agus buanú teanga a chur i bhfeidhm go cuimsitheach, ag úsáid, ag fás agus ag forbairt na n-acmhainní atá cheana ar an oileán.
Eolas breise	Forbrófar clár saibhir d'imeachtaí a chuimseoidh: • Féile Ealaíon agus Cultúir • Ranganna ealaíon (m.s. ceol, rince, drámaíocht, scríbhneoireacht chruthaitheach, físealaíon) • Clubanna/grúpaí/gréasán ealaíon (m.s. grianghrafadóireacht, ealaín & timpeallacht) • Clár imeachtaí ealaíon foirmeálta agus neamhfhoirmeálta i rith na bliana (m.s. ceolchoirmeacha, taispeántais, seisiúin roinnt saothar, ceardlainne) • Áisitheoireacht le Féile Scéalaíochta Chléire chun an líon Gaeilge atá ann a fhás • Pop-Up Gaeltacht a reáchtáil ó am go chéile

Plean Teanga Chléire

		Cinntear go mbeidh polasaí láidir agus soiléir teanga i bhfeidhm ag na himeachtaí seo ar fad. Cuirfear é seo i bhfeidhm tríd: • Ról an Áisitheora Ealaíon & Cultúir a bhuanú ar bhonn páirtaimseartha • An Chónaitheacht Ealaíon a bhuanú agus a fhorbairt mar acmhainn ealaíon don oileán, mar aon le deis forbartha d'ealaíontóirí • Comhpháirtíochtaí a fhorbairt agus a bhuanú le heagrais ealaíon Ghaeltachta, áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta. Reáchtálfar é seo i ndlúthchomhpháirt le: • Clár do ranganna & ceardlann i réimsí gaolmhara (m.sh. ceardaíocht, adhmaadóireacht, ióga, corpoideachas) • Cláir náisiúnta & idirnáisiúnta ar an oileán (m.sh. Raidió Oileán)				
Príomhúinéir an bhirt		Comharchumann Chléire				
Páirtithe leasmhara		Pobal Chléire. Scoil Náisiúnta. An dream Óg.				
Saolré		Leanúnach				
Costas measta iomlán		€105,000				
Costas measta in aghaidh na bliana		Áisitheoir- €5,000, Féile-€5,000, Clár Imeachtaí agus Cónaitheach Ealaíon - €5,000 = €15,000				
Bliain 1 €15,000	Bliain 2 €15,000	Bliain 3 €15,000	Bliain 4 €15,000	Bliain 5 €15,000	Bliain 6 €15,000	Bliain 7 €15,000
Foinsí maoinithe		Ealaín na Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta Buiséad Pleanála Teanga), Foras na Gaeilge, Comhairle Contae Chorcaí, Corcaigh Ildánach, An Chomhairle Ealaíon, Create, Éigse Éireann, Fís Ealaíontóirí Éireann.				
Dúshlán fhéideartha		Clár atá éagsúil, suimiúil agus spreagúil don phobal, agus atá i gcomhréir le pobal an oileáin a chuir i bhfeidhm. An Ghaeilge a choimeád chun tosaigh in ainneoin brú na turasóireachta.				

Plean Teanga Chléire

Réiteach molta	Áisitheoir Ealaíon a bheith fostaithe go páirtaimseartha ag an gComharchumann, ag obair i ndlúth chomhpháirtíocht leis an OPT.
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt	Córais pleanála, tuairisce agus athbhreithnithe a bheith i bhfeidhm agus iad seo a bheith aontaithe leis an OPT.
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt	Córas éifeachtach monatóireachta a bheith i bhfeidhm atá in ann measúnú réasúnta agus macánta a dhéanamh. Beidh an beart seo agus na bearta eile á bplé go rialta agus go leanúnach ag an gCoiste Pleanála Teanga.

6.7 Na Meáin Chumarsáide

6.7.1	Feachtas Feasachta agus Bolscaireachta don bPlean Teanga
Réimsí	Gach réimse go háirithe réimse G
Critéir pleanála teanga	1-19
Aidhm	Ardú feasachta i leith na teanga agus an Phlean Teanga. Feiceálacht agus Úsáid na Gaeilge a chur chun cinn i ngach gné de shaol an Oileáin.
Eolas breise	Beidh an-chuid gnéithe difriúla ag baint leis an mbeart seo: 1 Comhrá a thosú leis an bpobal trí chóras bolscaireachta don Phlean Teanga a réiteach – sé sin, suíomh idirlín, FB, Instagram srl ionas gur féidir comhrá leanúnach a dhéanamh leis an bpobal agus eolas a roinnt. 2 Úsáid nádúrtha na Gaeilge ar an Oileán a mhéadú trí: Cúnamh le cur ar fáil do ghnóanna gur mian leo polasaí Gaeilge a fhorbairt san ionad oibre agus tráchtála. Cabhrú le cumainn agus coistí éagsúla polasaí teanga a fhorbairt agus a fheidhmiú. Polasaí beannú trí Ghaeilge do chuairoteoirí a chur chun cinn agus an polasaí céanna a mholadh do phobal an oileáin agus iad ag beannú dá chéile.

Plean Teanga Chléire

							Comharthaíocht le nathanna cainte as Gaeilge a bheith le feiscint ag pointí éagsúla ar fud an Oileáin. Bileoga eolais, greamáin agus giurléidí le frásaí i nGaeilge a bheith ar fáil agus le feiscint ar fud an oileáin. Córas a fhorbairt chun aitheantas a thabhairt do ghnóanna, coistí a dhéanann sár-dhul chun cinn ó thaobh an Ghaeilge a bheith feiceálach san ionad oibre. 3 Beidh aird ar leith á thabhairt ag an mbeart seo ar diaspora nó cairde Chléire – daoine de bhunadh an Oileáin atá i bhfad i gcéin maraon le pobal níos leithne go bhfuil cuimhní cinn agus grá faoi leith acu ar thréimhsí ama atá caite acu ar Chléire, agus go mbeadh dúil acu a bheith páirteach i bhfeachtas chun cabhrú le Cléire fás, forbairt agus bláthú.
Príomhúinéir an bhirt							CPTC. CCTEO.
Páirtithe leasmhara							ÚnaG RnaG
Saolré							Leanúnach
Costas measta iomlán							€14,000
Costas measta in aghaidh na bliana							€2000
Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3	Bliain 4	Bliain 5	Bliain 6	Bliain 7	
€2000	€2000	€2000	€2000	€2000	€2000	€2000	
Foinsí maoinithe							Údarás na Gaeltachta (Buiséad Pleanála Teanga)
Dúshlán fhéideartha							Daoine a spreagadh chun Gaeilge a labhairt.
Réiteach molta							Ba chóir go mbeadh tionchar ag an bhFeachtas feasachta atá luaite thuas. Míniú a thabhairt maidir le tábhacht na Gaeilge agus stádas Gaeltachta an oileáin.
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt							Córais pleanála, tuairisce agus athbhreithnithe a bheith i bhfeidhm agus iad seo a bheith aontaithe leis an OPT.
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt							Córas éifeachtach monatóireachta a bheith i bhfeidhm atá in ann measúnú réasúnta agus macánta a dhéanamh. Beidh an beart seo agus na bearta eile á bplé go rialta agus go leanúnach ag an Meitheal Pleanála Teanga.

6.8 Seirbhísí don aos óg agus d'aoisghrúpaí eile

6.8.1	Forbairt Seirbhísí don aosaigh					
Réimsí	C, F, H, J					
Critéir pleanála teanga	3,10,13.15.17					
Aidhm	Iniúchadh a dhéanamh ar an staid reatha agus ar na héileamh measta a bheidh ann sa 10 mbliain atá le teacht					
Eolas breise	Níl tithe ná ionad ar leith do dhaoine scothaosta ar an Oileán. Sa togra seo, beidh cíoradh á dhéanamh ar na riachtanais atá acu agus beidh plé á dhéanamh ar na héilimh mheasta a d'fhéadfadh a bheith ar sheirbhísí sa todhchaí – An bhfuil gá le hionad faoi leith? An bhféadfadh spás a bheith ar fáil san Ionad Óige/ilchuspóireach i mbeart 6.2.10 An bhfuil gá le scéim sciath-thithíochta? Cad iad na seirbhísí atá ar fáil ar an hOileáin eile? Samplaí dea-chleachtais					
Príomhúinéir an bhirt	MPT, Coiste na nAosach. OPT					
Páirtithe leasmhara	CC, AN Roinn Sláinte					
Saolré	2 bhliain					
Costas measta iomlán	€14,000					
Costas measta in aghaidh na bliana	€2000					
Bliain 1 €2000	Bliain 2 €2000	Bliain 3 €2000	Bliain 4 €2000	Bliain 5 €2000	Bliain 6 €2000	Bliain 7 €2000
Foinsí maoinithe	An Plean Teanga					
Dúshlán fhéideartha	Pobal an-bheag. Caithfear a bheith cúramach agus a chinntiú go bhfuil na daoine sa spriocghrúpa a bhaineann leis an mbeart seo compordach agus ar bord le pé taighde a dhéanamh					

Plean Teanga Chléire

Réiteach molta	A bheith oscailte agus mianta an spriocghrúpa a bheith san áireamh mar phríomhaíocht.
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt	Tuairisc rialta ar dhul chun cinn an taighde le cur ar fáil. Ionadaithe thar ceann an spriocghrúpa páirteach sa phróiseas.
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt	An Plean a aontaítear a bheith á chur i bhfeidhm.

6.8.2	Naisc a chruthú le lucht gnó an Sciobairín					
Réimsí	Gach réimse					
Critéir pleanála teanga	Gach critéar					
Aidhm	Go mbeadh an Ghaeilge le feiscint agus le clos ar an mórthír, go háirithe sa Sciobairín, an baile is mó go ndéanann pobal Chléire siopadóireacht ann.					
Eolas breise	Naisc a chruthú le lucht gnó an Sciobairín – feachtas agus scéim Gnó le Gaeilge do chur chun cinn na Gaeilge sna gnóanna. Feachtas feasachta ar an LPT le reáchtáil Lucht gnó agus seirbhísí a bheidh báúil leis an nGaeilge a aithint Grúpa ar nós “Cairde Chléire” a bhunú					
Príomhúinéir an bhirt	OPT CCTEO					
Páirtithe leas mhara	Lucht Gnó an Sciobairín, Comhairle Contae Chorcaí					
Saolré	Leanúnach					
Costas measta iomlán	3500					
Costas measta in aghaidh na bliana	€500					
Bliain 1 €500	Bliain 2 €500	Bliain 3 €500	Bliain 4 €500	Bliain 5 €500	Bliain 6 €500	Bliain 7 €500
Foinsí maoinithe	Buiséad Pleanála Teanga					

Plean Teanga Chléire

Dúshlám fhéideartha	Easpa suime ann. Tá sé beagán scartha amach ón Oileán le haird a dhíriú air go rialta
Réiteach molta	Scéim gradaim do na gnóanna/seirbhísí is fearr. Ballraíocht a bheith ag duine ón Sciobairín ar an MPT
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt	Athbhreithniú bliantúil le déanamh ar sholáthar seirbhísí srl trí Ghaeilge sa Sciobairín
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt	Córas chun taifead a choimeád ar líon na ndaoine a bhaineann úsáid as seirbhísí trí Ghaeilge sa bhaile

6.9 Spriocanna Forbartha atá ag Comharchumann Chléire Teoranta don Oileán

Tá liosta de spriocanna forbartha pléite agus aontaithe ag Coiste Comharchumann Chléire agus iad seo pléite agus aontaithe ag cruinnithe cinn bliana agus cruinnithe eile.

Cé nach mbeidh na spriocanna móra fadtéarma seo mar bhearta i gcomhthéacs na dtreoirínite a leagadh síos le haghaidh ullmhú Plean Teanga Chléire, beidh réamhobair forbartha a bhaineann le go leor acu fite fuaite in obair na pleanála teanga – go háirithe i réimse taighde agus deartha.

Luadh go leor de na spriocanna ag na cruinnithe a bhain leis an bpróiseas comhairliúchán sa phleanáil teanga.

I measc na spriocanna forbartha sin tá siad seo a leanas:

- Ionad d’aosaigh agus ionad lae a fhorbairt.
- Scéim Tithíochta d’aosaigh a fhorbairt.
- Breis tithíochta a fhorbairt do Choláiste Pobail Chléire – is é sin, scéim chun cabhrú le daoine a bheith páirteach ag cur lóistín ar fáil do scoláirí an Choláiste.
- Cléire a fhorbairt mar Oileán Glas i gcomhthéacs an fhuinnimh de.
- Córais cumarsáide den chaighdeán is airde a bheith ar fáil ar an oileán.
- Foirgneamh nua don ionad oidhreacht, leabharlann agus oifigí an Chomharchumainn a fhorbairt – tá plean forbartha don Ionad seo forbartha cheana agus buiséad luaite leis.

Plean Teanga Chléire

- Lárionad spóirt agus áiseanna don óige...spás ilchuspóireach a bheadh ar fáil do chlubanna óige, do naíonra sa todhchaí, nó d'ionad cúram leanaí dá mbeadh éileamh air. Tá gá le spás a chruthú le haghaidh aclaíochta, áiseanna spóirt inmheánach srl chun go mbeadh sé ar chumas an phobail, agus na daoine óga ach go háirithe, úsáid a bhaint as na háiseanna le linn laethanta dorcha an Gheimhridh.
- Clós spraoi faoin aer do pháistí a fhorbairt.
- Ollphuball a fhorbairt mar láthair d'ócáidí éagsúla.
- Athbhreithniú agus athchóiriú a dhéanamh ar Chlub Chléire. Tá an foirgneamh seo suite ar shuíomh álainn ós cionn an ché. Foirgneamh an-dheas é atá déanta de chloch. Is ann atá an siopa agus bialann lonnaithe ag an mbunleibhéal, agus club Chléire sa dara leibhéal. Tá an spás ina bhfuil an siopa lonnaithe dorcha agus tá an bhialann an-chúng. Tá sé ar intinn againn dearthóir a fhostú chun iniúchadh a dhéanamh ar an úsáid atá á bhaint as an spás faoi láthair agus plean forbartha a dhearadh chun na buntáistí is fearr a bhaint as an suíomh do phobal na háite agus do chuairoteoirí, mar chéad chéim.
- Drioglann Chléire a fhorbairt chun fostaíocht bhuan a chur ar fáil.
- Tograí forbartha turasóireachta inmharthana a fhorbairt.
- An obair ar an gcuan a bheith críochnaithe.

Tá buiséid bheag éilithe tríd an bplean teanga ar mhaithe le taighde a lua le cuid de na tograí thuasluaite.

Plean Teanga Chléire

Caibidil 7 - Costais agus Maoiniú

Tá cnapshuim de €100,000 sa bhliain á lorg ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán/Údarás na Gaeltachta chun an Plean teanga seo a fheidhmiú. Tá c. €3000 sa bhreis air sin sa bhliain le fáil ó fhoinsí eile ar nós:

Ealaín na Gaeltachta

Comhairle Contae Chorcaí

Scéim Leader

An Roinn Coimirce Sóisialaí

Foinsí Eorpacha

Údarás na Gaeltachta (go háirithe i leith tograí a bhaineann le taighde agus forbairtí a bhaineann le háiseanna pobail.

Is figiúirí measta iad na suimeanna atá luaite leis na bearta.

Beidh clár oibre agus buiséad sonrach á leagan amach ag tús gach bliana.

Déanfar athbhreithniú roimh dheireadh na bliana ar na héilimh, rannpháirtíocht sna himeachtaí, moltaí nua a thagann chun cinn, rathúlacht na ngníomhaíochtaí ó thaobh úsáid na teanga, agus an córas feidhmithe an Phlean. Bainfear úsáid as an iniúchadh sin le príomhaíochtaí a aithint don chéad bhliain eile.

Beidh córais airgeadais i bhfeidhm ag an MPT chun a chinntiú go bhfuil an buiséad á láimhseáil de réir na riachtanas a bheidh leagtha síos ag Údarás an Gaeltachta.

Tá roinnt tograí móra caipitil ar na bioráin sa Phlean seo chun áiseanna agus seirbhísí ar Chléire a fheabhsú agus beidh maoiniú á lorg ón Roinn, ón Údarás nó ó fhoinsí ar nós an RRDF chun iad seo a chur i gcrích, ar mhaithe le caighdeán maireachtála, tarraingteach a bheith ar fáil i gcaitheamh na bliana ar fad ar an oileán.

Plean Teanga Chléire

Beart	Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3	Bliain 4	Bliain 5	Bliain 6	Bliain 7	Iomlán
6.1.1 Meitheal tacaíochta a chur le cheile chun an Plean a fheidhmiú faoi choimirce an Chomharchumainn	€1,000	€1,000	€1,000	€1,000	€1,000	€1,000	€1,000	€7,000
6.1.2 Fostú Oifigigh Pleanála Teanga agus seoladh an Phlean Teanga	€43,000 + €2,000 +€2,000 + €1,000	€45,000+ €2,000	€47,000+ €2,000	€49,000 + €2,000	€51,000+ €2,000	€53,000+ €2,000	€55,000+ €2,000	€360,000
6.1.3 Monatóireacht	€500	€500	€1,000	€500	€500	€1,000	€500	€4,500
6.1.4 Oifig agus áiseanna cuí a aimsiú le haghaidh an OPT maraon le costais	€5,000	€5,000	€5,200	€5,300	€5,400	€5,500	€5,600	€37,000
6.2.1 Forbairt ar ionad seirbhísí teanga chun gníomhartha cumasaithe, saibhrithe agus sealbhú teanga a chur ar bun	€3,000	€3,000	€3,000	€3,000	€3,000	€3,000	€2,000	€20,000
6.2.2 Forbairt na Bunscoile – ceangal le scoileanna ar an mórtóir sa	€1,500	€1,000	€1,800	€1,500	€1,500	€1,000	€1,500	€9,800

Plean Teanga Chléire

Ghaeltacht nó Gaelscoileanna tríd an gcóras Zoom chun caidreamh a chothú nó fiú ceangal isteach agus freastal ar ranganna/quiz/seisiúin sna scoileanna sin ó am go ham.								
6.3.1 Imeachtaí Caitheamh Aimsire don Óige	€3,000	€3,000	€3,000	€3,000	€3,000	€3,000	€2,000	€20,000
6.3.2 Seisiúin spóirt agus spraoi a fhorbairt le haghaidh páistí óga agus a dtuismitheoirí.	€2,000	€2,000	€2,000	€2,000	€2,000	€2,000	€1,700	€13,700
6.3.3 Club Sóisialta le bunú ar an Oileán - chun imeachtaí ar an oileán a eagrú agus taisteal go háiteanna eile.	€1,500	€1,000	€1,500	€1,200	€2,100	€1,000	€1,500	€9,800
6.4.1 Tacaíocht Teanga do Theaghlaigh nuathagtha	€2,000	€2,000	€2,000	€2,000	€2,000	€2,000	€1,700	€13,700
6.5.1 Taighde ar Fhorbairt Áiseanna Pobail ar an Oileán – Lárionad don Óige agus Caitheamh Aimsire	€4,000	€4,000	€4,000	€3,000	€3,000	€2,000	€2,000	€22,000

Plean Teanga Chléire

6.5.2 Tréimhse i gCléire - Scéim a bhunú chun daoine a mhealladh le teacht chun cónaithe ar Chléire ar feadh tréimhse	€2,000	€2,000	€2,000	€2,000	€2,000	€2,000	€2,000	€14,000
6.5.3 Turasóireacht Chultúrtha a chur chun cinn.	€2,000	€2,000	€2,000	€2,000	€2,000	€2,000	€2,000	€14,000
6.5.4 Scéim Tithíochta do Chléire	€2,000	€3,000	€3,000	€3,000				€11,000
6.5.5 Plean athchóirithe a réiteach don bhfoirgneamh ina bhfuil an Siopa, Bialann agus Club Chléire	€3,000	€4,000						€7,000
6.6.1 Clár Ealaíona trí Ghaeilge, do phobal an oileáin, clár don óige san áireamh, a fhorbairt agus a bhuanú	€15,000	€15,000	€15,000	€15,000	€15,000	€15,000	€15,000	€105,000
6.7.1 Feachtas Feasachta agus Bolscaireachta don Phlean Teanga	€2,000	€2,000	€2,000	€2,000	€2,000	€2,000	€2,000	€14,000
6.8.1 Forbairt Seirbhísí d'aosaigh	€2,000	€2,000	€2,000	€2,000	€2,000	€2,000	€2,000	€14,000
6.8.2 Naisc a chruthú le lucht gnó an Sciobairín	€500	€500	€500	€500	€500	€500	€500	€3,500

Plean Teanga Chléire

iomlán €€€	€100,000	€100,000	€100,000	€100,000	€100,000	€100,000	€100,000	€700,000
-------------------	-----------------	-----------------	-----------------	-----------------	-----------------	-----------------	-----------------	-----------------

Caibidil 8 - Forbairt Feasachta agus Poiblíocht

Cuid an-tábhachtach d'fheidhmiú Phlean Teanga Chléire is ea forbairt na feasachta, agus bunú córais chun poiblíocht fhorleathan a dhéanamh ar a bhfuil le baint amach le feidhmiú an Phlean uailmhianaigh seo.

Beidh 4 eilimint san fheachtas feasachta seo:

- 1. Bileog eolais le foilsiú mar atá luaite i mbeart 6.1.1.** Beidh achoimre sa bhileog seo ar na bearta, ar an gcur chuige, ar an spriocanna atá le baint amach agus ar an ról a bheidh ag an bpobal i dtaca le feidhmiú an Phlean
- 2. Seoladh an Phlean (Beart 6.1.2).** Tá sé ar intinn againn an bhileog eolais a sheoladh ag ócáid speisialta spleodrach nuair a chuirfear an Plean i láthair an phobail agus nuair a bheidh Oifigeach Pleanála Teanga i mbun oibre, agus clár oibre na céad bliana le fógairt.
- 3. Forbairt ar shuíomh idirlíon agus feachtas ar an meáin shóisialta**
Mar atá léirithe i 6.1.4 sé ar intinn againn suíomh idirlíon nua a chruthú, a bheidh dírithe ar an bpobal a choimeád ar an eolas i dtaobh gach rud a bhaineann le réimse na pleanála teanga. Beidh naisc agus eolas ar fáil ar an suíomh seo ar na tacaíochtaí atá ar fáil do theaghlaigh agus don phobal i gcoitinne.
Ina theannta san, beidh láithreachta againn ar na meáin shóisialta (Beart 6.1.4) – ar Twitter, Facebook agus Tik Toc – agus tá súil againn go mbeimid in ann an pobal a mhealladh le comhrá agus aischothú rialta a dhéanamh linn tríd na córais seo. Beidh pobal níos leithne ná Cléire féin san áireamh againn trí na meáin seo – pobal Dhún an Séad agus an Sciobairín, pobal Chéire atá ag maireachtáil ar an mórthír, agus an pobal líonmhar sin atá mar chairde againn i gCléire – na daoine a thagann ar cuairt chugainn go rialta.
- 4. Na meáin chlóite agus chraolta (Beart 6.2.4).**
Tá sé ar intinn againn ailt a chur ar fáil ó am go chéile do na páipéir áitiúla ar ghnéithe d'fheidhmiú an Phlean Teanga – go háirithe sa Southern Star agus an Corkman. Bheidh fógraí rialta againn ar Raidió na Gaeltachta agus tá súil againn ar a laghad 3 scéal sa bhliain a bheith againn do Mhol Scéal.

Plean Teanga Chléire

Ina theannta san, reáchtálfar gearrchúrsa ar feadh deireadh seachtaine i mbliain a 2 (ar iriseoireacht agus forbairt scileanna sna meáin shóisialta)

Beidh feachtais poiblíochta éagsúla againn i rith saolré an Phlean Teanga chun aird a thabhairt ar spriocghrúpaí ar leith nó ar bhearta ar leith, mar shampla cur chun cinn na teanga sa láthair oibre srl.

Caibidil 9 - Feidhmiú agus Monatóireacht

Is é an cheanneagraíocht (Comharchumann Chléire) a bheidh freagrach as a chinntiú go bhfuil an Plean Teanga atá molta á chur i bhfeidhm go héifeachtach.

Beidh na céimeanna seo leanas le glacadh:

1) Meitheal Pleanála teanga (MPT) a bhunú - Mar atá luaite i mbeart **6.1.1** beidh coiste stiúrtha le bunú chun a chinntiú go bhfuil an Plean Teanga á fheidhmiú de réir mar atá leagtha síos, agus chun treoir, comhairle agus tacaíocht a chur ar fáil don Oifigeach Pleanála Teanga.

Beidh ionadaíocht ag grúpa pobail, gnó, córais oideachais, srl ar an gcoiste seo maraon le daoine le saineolas ar leith acu ar cheist na teanga.

Beidh ballraíocht agus bunreacht an Choiste Stiúrtha seo le haontú ach tá na baill seo leanas aitheanta agus sásta a bheith rannpháirteach sa choiste:

Niamh Ní Dhrisceoil – Cathaoirleach an Chomharchumainn

Eibhlín Uí Lionnáin – Coláiste Samhraidh Chléire

Seán Ó Drisceoil – ball den Chomharchumann

Ruairí Ó Donnabháin – áisitheoir ealaíon chónaitheach

Shane O'Neill – Príomhoide Bhunscoil Chléire

2) Oifigeach Pleanála Teanga a Fhostú - Beidh OPT á fhostú ag an gCeanneagraíocht chun bearta an Phlean Teanga a chur i bhfeidhm, agus beidh an OPT ag soláthar tuairiscí don Choiste Stiúrtha/MPT go rialta ar an dul chun cinn agus aiseolas agus cur chuige molta á phlé.

Beidh clár oibre agus caiteachas le haontú leis an OPT go bliantúil.

3) Déanfar athbhreithniú rialta ar dhul chun cinn na mbeart, agus beidh foirm le líonadh ar gach beart de réir mar a chuirfear i gcríoch é – foirm a léireoidh an costas a bhain leis an mbeart, an líon daoine a bhí páirteach agus an tionchar teanga a bhí leis agus/nó aon dúshlán a bhain leis.

Plean Teanga Chléire

- 4)** Má bhíonn cúrsaí oiliúna nó imeachtaí pobail á n-eagrú, beidh foirm ar fáil do rannpháirtithe chun a dtuairimí a roinnt agus aischothú a thabhairt.
- 5)** Beidh athbhreithniú iomlán le déanamh go bliantúil ar an obair ag deireadh gach bliana agus cuirfear deis ar fáil don phobal agus/nó páirtithe leasmhara eile a dtuairimí/moltaí a chur san áireamh nuair a bheidh clár oibre na céad bliana eile á réiteach
- 6)** Baileofar eolas/staitisticí go rialta ar úsáid na teanga – minicíocht agus na suíomhanna agus na réimsí ina mbíonn an teanga in úsáid.
- 7)** Déanfar suirbhéanna ó am go chéile le haoisghrúpaí agus spriocghrúpaí éagsúla ar an oileán chun a chinntiú go bhfuil freastal sásúil á dhéanamh ar riachtanais teanga an phobail.
- 8)** Beidh eolas á bhailiú go leanúnach againn ó na hardáin ar na meáin shóisialta a bheidh againn – cé mhéid leantóirí a bheidh againn, cé mhéid a thugann “like” dúinn srl.
- 9)** Beidh súil á choimeád ar an daonáireamh agus na foinsí eile chun líon na gcainteoirí laethúla a mheas.
- 10)** Tá buiséad ar leith luaite leis an monatóireacht agus athbhreithniú a fheidhmiú i mbeart **6.1.3** . Beifear ag baint úsáid as an mbuiséad seo chun taighde a choimisiúnú nó chun seirbhísí comhairleoireachta a cheannach.

Aguisíní

Eolas faoi eagraíochtaí atá ábharthach do Chléire.

Comhdháil Oileáin na hÉireann

Is iad Comhdháil Oileáin na hÉireann an eagraíocht ionadaíochta d'Oileáin na hÉireann. Tá Coiste Feidhmiúcháin Chomhdháil Oileáin na hÉireann comhdhéanta d'ionadaithe oileán ó na hoileáin chónaithe amach ó chósta na hÉirinn. Tá ról ag Comhdháil Oileáin na hÉireann i dtéarmaí leasanna na n-oileán a léiriú ag fóraim réigiúnacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta, i bhforbairt polasaí.

Comhar na nOileán

Tá Comhar na nOileán ag déanamh obair riarachán ar son Comhdháil Oileáin na hÉireann atá maoinithe ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Bíonn Plean Oibre aontaithe gach bliain idir Comhar na nOileán agus Comhdháil Oileáin na hÉireann agus bíonn tuairiscí oibre á sheoladh go rialta chuig Rannóg na nOileán freisin.

CONCOS

Cónaidhm is ea CONCOS (Comhchoiste Náisiúnta na gColáistí Samhraidh) de 47 Coláiste Samhraidh, taobh istigh agus taobh amuigh den Ghaeltacht, chomh maith le Coláistí Cónaithe sna ceithre Chúige.

Ta na Coláistí ar fad formheasta ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

Ina theannta sin, tá dualgas ar na gColáistí uile cloí le Bunreacht agus Cód Iompar CONCOS.

Tá taithí den scoth ag foireann dhíograiseach Choláistí Samhraidh CONCOS. Tá siad ar fad tiomanta ó thaobh cur chun cinn na teanga agus súil ghéar acu i gcónaí ar mhodhanna múinte nua-aimseartha agus forbairt dhaoine óga.

Plean Teanga Chléire

Bíonn teagmháil rialta idir CONCOS agus TUSLA chun sláinte, sábháilteacht agus feitheoireacht den scoth a chinntiú agus an dalta ag freastal ar Choláiste Samhraidh.

Bíonn an Coláiste go hiomlán in loco parentis go dtí go bhfillleann an dalta abhaile. Bíonn deis ag na daltaí páirt a ghlacadh i réimse leathan gníomhaíochtaí nua faoi mhaoirseacht na foirne.

Cé gur comhchoiste neamhrialtasach é CONCOS, déantar gach iarracht chun ardchaighdeán a chinntiú mar sin féin.

Comhlachas na gComharchumann agus na gComhlachtaí

Pobalbhunaithe (ccpb.ie)

Ceanneagraíocht atá ag feidhmiú ar son na bPobal Gaeltachta ar fud na hÉireann. Ag obair le chéile chun an saol sóisialta agus eacnamaíochta i gceantair thuaithe agus ar oileáin Ghaeltachta a neartú agus a chothú.

Is bratghrúpa é Comhlachas na gComharchumann & na gComhlachtaí Pobalbhunaithe do Chomharchumann Forbartha agus comhlachtaí pobalbunaithe.

Bhí an bratghrúpa seo bunaithe chun díriú isteach ar an saol sóisialta agus eacnamaíochta a neartú agus a chothú i gceantair thuaithe agus ar oileáin Ghaeltachta a bhíonn ag obair le chéile agus ag iarraidh a bheith ag obair chun na ceantair éagsúla seo a láidriú.

Tá ós cionn 30 grúpa páirteach sa ngrúpa seo le Comhlachas na gComharchumann & na gComhlachtaí Pobalbhunaithe.

Bíonn cruinnithe acu chun deis a thabhairt teacht le chéile chun nithe a phlé ó thaobh polasaithe de agus foinsí deontais, stocaireacht srl.

Tá dúshlán leanúnacha amach rompu mar bhratghrúpa chun na Comharchumann & CCPB a neartú agus a láidriú.

Feidhmeannach Idir-Oileánda Iarthar Chorcaí

Fuair Feidhmeannach Idir-Oileánda Iarthar Chorcaí pleanáil RPS tríd an mBord Forbartha Contae chun Straitéis a chur le chéile le haghaidh forbairt fhisiciúil, eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha do na seacht n-oileán cónaithe thar

Plean Teanga Chléire

deich mbliana agus níos faide. Tá Aidhm Straitéiseach ag gach grúpa forbartha. Is é cuspóir na Straitéise ná feabhsú a dhéanamh ar na hoileáin mar áit chónaithe, oibre, turasóireachta agus ghnó. Tá an Straitéis ag iarraidh an Ráiteas Misin ó Thuarascáil An Choiste Idir-Ranna Comhordaithe um Fhorbairt Oileán ó 1996 a chur i bhfeidhm, mar fhís d'oileáin Iarthar Chorcaí.

Tá gach Aidhm Straitéiseach tacaíthe ag riar maith spriocanna; agus tá gníomhartha aimsithe chun na spriocanna seo a bhaint amach.

Tá Sprioc Straitéiseach beartaithe le haghaidh na measúnuithe do na hoileáin go sainiúil, is mar seo a leanas: Na riachtanais, an chlú agus na deiseanna atá ag baint le gach oileán agus na háiseanna, seirbhísí agus gníomhaíochtaí a fhorbairt dá réir sin.

Tugadh sprioc amháin do gach oileán. Is í an sprioc do Chléire ná:

“Aitheantas breisithe ar chlú Oileán Chléire agus tábhacht na Gaeilge don eacnamaíocht, cultúr agus do ghréasán sóisialta an oileáin a mhisniú; an oidhreacht theangeolaíoch agus chultúrtha a chosaint agus forbairt eacnamaíoch inmharthana ar an oileán a thacú agus a ardú”.

Tá liosta de ghníomhartha atá ag tarlú, nó a bheidh ag tarlú sa todhchaí, ar Chléire, sa ghearrthéarma agus sa fadtéarma araon. Mar shampla: Úsáid na Gaeilge a thacú agus a ardú mar theanga phobail le tacaíocht leanúnach ón Ionad Seirbhísí Teanga áitiúil.

Comhairle Pobail Oileáin Iarthar Chorcaí

Is mar thoradh ar an obair a rinne Feidhmeannach Idir-Oileánda Iarthar Chorcaí a bunaíodh an Chomhairle Pobail. Tá beirt ionadaithe ó gach oileán ar an gComhairle, ach vóta amháin ag gach oileán.

Toghtar ionadaithe gach trí bliana agus tá sé suas dóibh sin cruinnithe a reáchtáil lena bpobal féin agus an pobal a choimeád ar an eolas maidir le céard atá ag tarlú sa gComhairle.

Bunaíodh an Chomhairle i 2012 agus tá ag éirí go maith leis anois. Bíonn deis ag Cathaoirleach na Comhairle labhairt leis an bhfeidhmeannach idir-Oileánda.

Leader 2014-2020

Ó bunaíodh LEADER i 1991, tá acmhainní tugtha go pobail tuaithe mórthimpeall an Aontais Eorpagh chun deis a thabhairt do pháirtithe áitiúla páirt ghníomhach a ghlacadh agus chun forbairt áitiúil a stiúradh, trí fhorbairt phobalbhunaithe. In Éirinn, faoin gclár LEADER do 2014-2020, tá buiséad de €250 milliúin i gcúnamh deontais á chur ar fáil le haghaidh pobail tuaithe agus gnóthaí áitiúla.

Tá trí théama ag baint le deontas a fháil le LEADER.

Is iad:

Téama 1 – Forbairt Eacnamaíochta Tuaithe, Forbairt Fiontair & Cruthú Fostaíochta

- Turasóireacht Tuaithe
- Forbairt Fiontair
- Bailte Tuaithe
- Leathanbhanda

Téama 2 – Áireamh Shóisialta

- Bunseirbhísí pobail dóibh siúd atá scoite amach.
- Aos óg na Tuaithe

Téama 3 – An Timpeallacht Tuaithe

- Cosaint agus úsáid inbhuanaithe na n-Acmhainní Uisce
- Cosaint agus feabhsú na Bithéagsúlachta Áitiúla
- Forbairt ar fhuinnimh in-athnuaite

European Small Islands Network

Tá ESIN mar ghuth ag 359,357 oileánach ar 1,640 oileán beag, ag cabhrú leo fanacht beo. Oibríonn ESIN ar dhá leibhéal:

1. Leibhéal áitiúil: ag láidriú féiniúlacht cultúrtha na n-oileán, ag réiteach an bhealaigh don chúrsaíocht eolais idir a bhaill, ag ligint do chomparáid a bheith déanta idir na slite ina dhéantar deacrachtaí a shárú, agus eolas a roinnt.

Plean Teanga Chléire

2. Leibhéal Eorpach: ag tabhairt eolais do na hinstitiúidí ábhartha san AE, tionchar a dhéanamh ar bheartais agus rialacha an AE trína bhfeasacht agus a dtuiscint ar oileáin bheaga a mhéadú.

Foinsí Eolais

Taighde le pobal an oileáin:

- Cruinnithe éagsúla
- Suirbhéanna a rinneadh ar line agus ar pháipéar
- Grúpaí fócais
- Tuairimí a cuireadh ar fáil ar ríomhphoist

Aistí Ó Chléire le Diarmuid Ó Drisceoil

Seanchas Chléire le Conchúr Ó Síocháin

Foinsí leictreonacha

<https://www.cogg.ie/wp-content/uploads/Linguistic-Study-of-the-Use-of-Irish-in-the-Gaeltacht.pdf>

<https://udaras.ie/an-ghaeilge-an-ghaeltacht/pleanail-teanga/>

<https://www.gov.ie/ga/foilsíochan/3dd069-none/>

<https://senatorpadraigocoidigh.com/socio-economic-profile-of-the-seven-gaeltacht-areas-in-ireland-report/>

<https://www.hse.ie/eng/services/publications/primary/ar-sheirbhísi-curaim-phríomhuil-na-noilean-aibreán-2017.pdf>

[https://www.oireachtas.ie/en/debates/debate/comhchoiste na gaeilge na gaeltachta agus na noilean/2019-11-05/2/](https://www.oireachtas.ie/en/debates/debate/comhchoiste_na_gaeilge_na_gaeltachta_agus_na_noilean/2019-11-05/2/)

[http://mural.maynoothuniversity.ie/5162/1/Eamon Lankford Vol-1 20140708120541.pdf](http://mural.maynoothuniversity.ie/5162/1/Eamon_Lankford_Vol-1_20140708120541.pdf)

<https://www.gov.ie/en/organisation/department-of-tourism-culture-arts-gaeltacht-sport-and-media/?referrer=http://www.chg.gov.ie/app/uploads/2015/07/Treoirinte-Pleanala-Teanga.pdf>

<https://cfmteo.com/plean-teanga/>

Plean Teanga Chléire

<https://udaras.ie/assets/uploads/2020/05/Plean-Teanga-do-LPT-Ghaoth-Dobhair-Anagaire-Rann-na-Feirste-agus-Loch-an-Iu%CC%81ir-Cri%CC%81och-2.pdf>

<http://www.cailinoir.com/CapeClearIsland>

<https://cnag.ie/ga/>

Suirbhéanna

Suirbhé Plean Teanga Cléire

Plean Teanga Chléire



1. Cá háit a bhfuil tú i do chónaí? (Logainm)/Where do you live?
(Townland)

2. A) Cád as duit? / Where are you from?

B) An Gaeltacht í?/Is it a Gaeltacht?

A)

B)

3. Píoc an ráiteas is fearr a dhéanann chur síos ar do stádas.
fostaíochta/Pick the phrase that best describes your employment.
status?

☒

Scoláire/Student

☒

Mic léinn/University Student

☐

Printíseach/Apprentice

☐

Féin-fhostaithe/Self-employed

☐

Dífhostaithe/Unemployed

☐

Post lán aimseartha/Full time employment

☒

Post páirt aimseartha/Part time employment

☒

Pinsinéir/Pensioner

☐

Eile

Plean Teanga Chléire

4. Dén cur síos ar do chuid Ghaeilge:/Describe your level of Irish:

- ☒ Tá Gaeilge ó dhúchas agam/I am a native speaker.
- ☐ Tá Gaeilge líofa agam/I am fluent.
- ☐ Tá Gaeilge réasúnta maith agam/Reasonably good
- ☐ Tá Gaeilge ón scoil agam/School level
- ☐ Níl ach beagán Gaeilge agam (cúpla focail)/Just a few words
- ☒ Níl Gaeilge ar bith agam/None at all

5. Cé chomh minic is a labhraíonn tú Gaeilge go ginearálta? /In general, how often do you speak Irish?

- ☐ I gcónaí/All the time
- ☒ Beagnach i gcónaí/Most of the time
- ☒ Go minic/Often.
- ☐ Anois is arís/Now and again.
- ☐ Go hannamh/Seldom.
- ☐ Riamh/Never

6. Cé leis a labhraíonn tú Gaeilge? /Who do you speak Irish to?

- ☐ Clann/Family
- ☐ Cairde/Friends
- ☐ Comhleacaithe/Colleagues
- ☒ Oibrithe/Workers
- ☒ Eile/Other

7. Cén áit?/Where?

	Sa bhaile/ At home	Ar scoil/ In school or college	In Áit Oibre/ In the Workplace	Sa Siopa srl./ In the Shop etc.	Eile/Other
I gcónaí/ Always	☐	☐	☐	☐	☐
Go minic/Often	☐	☐	☐	☐	☐
Anois is arís/Now and again	☐	☐	☐	☐	☐
Go h-annamh/Seldom	☐	☐	☐	☐	☐
Riamh/Never	☐	☐	☐	☐	☐

8. Cén teanga/cé na teangacha atá agaibh sa bhaile?/What language/languages do you use at home?

- ☐ Gaeilge amháin/Only Irish
- ☐ Níos mó Gaeilge ná Béarla/More Irish than English
- ☐ 50% Gaeilge 50% Béarla/50% Irish 50% English
- ☐ Níos mó Béarla ná Gaeilge/More English than Irish
- ☐ Béarla amháin/Only English
- ☐ Teangacha eile (Cén teanga, cé mhéad (%) a úsáidtear é?)/Other languages (What languages, what percentage is it used?)

Teangacha eile/Other languages

Plean Teanga Chléire

9. Cé chomh minic is a labhraíonn tú Gaeilge leis na daoine seo a leanas?/How often do you speak Irish with the following people?

	I gcónaí/ Always	Go Minic/ Often	Anois is Arís/Now and again	Go hAnnamh/Seldom	Riamh/ Never	Ní Bhaineann sé Liom/ N/A
Tuismitheoir 1/ Parent 1	☐	☐	☐	☐	☐	☐
Tuismitheoir 2/ Parent 2	☐	☐	☐	☐	☐	☐
Caomhnóir 1/ Guardian 1	☐	☐	☐	☐	☐	☐
Caomhnóir 2/ Gaurdian 2	☐	☐	☐	☐	☐	☐
Deirfiúr(eacha)/ Sister(s)	☐	☐	☐	☐	☐	☐
Deartháir(eacha)/ Brother(s)	☐	☐	☐	☐	☐	☐
Coimeádaí Páistí/ childminder	☐	☐	☐	☐	☐	☐
Eile/Other	☐	☐	☐	☐	☐	☐

10. Déan cur síos ar an chineál Gaeilge atá ag do thuismitheoirí/chaomhnóirí led thoil/Describe the level of Irish your parents/guardians have?

	Gaeilge ó Dhúchas/ Native	Gaeilge Líofa/ Fluent	Gaeilge Réasúnta Maith/ Reasonably good	Gaeilge ón Scoil/ School level	Beagán Gaeilge/A few words	Gan Gaeilge ar Bith/ None	Níl Fhios Agam/I don't know
Tuismitheoir 1/ Parent 1	☐	☐	☐	☐	☐	☐	☐
Tuismitheoir 2/ Parent 2	☐	☐	☐	☐	☐	☐	☐
Caomhnóir 1/ Guardian 1	☐	☐	☐	☐	☐	☐	☐
Caomhnóir 2/ Guardian 2	☐	☐	☐	☐	☐	☐	☐

Plean Teanga Chléire

11. Cé chomh minic is a labhraíonn do thuismitheoirí/chaomhnóirí Gaeilge le chéile? (Má tá tú i do chónaí leo)/How often do your parents/guardians speak Irish to each other? (If you're living with them)

- ☐ I gcónaí/Always
- ☐ Beagnach i gcónaí/Most of the time
- ☐ Go minic/Often
- ☐ Anois is arís/Now and again
- ☐ Go hannamh/Seldom
- ☐ Riamh/Never
- ☐ Ní bhaineann an cheist seo liom/N/A

12. Cén teanga a labhraíonn tú leis na daoine seo a leanas don chuid is mó?/What language do you speak with the following people for the most part?

	Gaeilge Amháin/ Only Irish	Gaeilge den chuid is Mó/ Mostly Irish	Béarla agus Gaeilge go Chothrom/Equal amounts of English and Irish	Béarla den Chuid is Mó/ Mostly English	Béarla Amháin/Only English	Teangacha eile/Other languages	Ní bhaineann sé liom/ N/A
Cairde (taobh amuigh den scoil)/Friends (outside school)	☐	☐	☐	☐	☐	☐	☐
Comharsanna/ Neighbours	☐	☐	☐	☐	☐	☐	☐
Dochtúirí/Banaltraí/Fiaclóirí/Cunsailéirí/Doctors Nurses/Dentists/Counselors	☐	☐	☐	☐	☐	☐	☐
Siopadóirí/Shop keepers	☐	☐	☐	☐	☐	☐	☐
Foireann I gcaifí/ I mbialanna/Staff in cafes/restaurants	☐	☐	☐	☐	☐	☐	☐
Daoine eile/Other	☐	☐	☐	☐	☐	☐	☐

Plean Teanga Chléire

13. De ghnáth cén teanga a úsáideann tú nuair a bhíonn tú ag plé le ríomhairí agus le teicneoilíocht?/Usually, which language do you use while using computers and technology?

	Gaeilge Amháin/Only Irish	Gaeilge den chuid is Mó/Mostly Irish	Béarla agus Gaeilge go Chothrom /Equal amounts of English and Irish	Béarla den Chuid is Mó/Mostly English	Béarla Amháin/Only English	Teangacha eile/Other languages	Ní bhaineann sé liom/N/A
Ar an guthán/ag téacsáil/ On the phone/texting	☐	☐	☐	☐	☐	☐	☐
Ar an idirlíon/ ar na meáin shóisialta (Facebook, Twitter, srl.)/ Surfing the net/On social media (Facebook, etc.)	☐	☐	☐	☐	☐	☐	☐
Ag seoladh ríomhphoist/Sending emails	☐	☐	☐	☐	☐	☐	☐
Ag obair/Working	☐	☐	☐	☐	☐	☐	☐

14. Déan liosta de na caitheamh aimsire atá agat agus abair cén teanga a labhraíonn tú agus tú á ndéanamh/Make a list of your past times and list the languages you use while doing them

Úsáidim Gaeilge le
haghaidh/I use Irish for:

Úsáidim Béarla le
haghaidh/I use English for:

Úsáidim teanga eile le
haghaidh/I use another
language for:

15. An bhfuil áiteanna ar leith sa cheantar (taobh amuigh den scoil) a labhraíonn tú Gaeilge l gcónaí le daoine eile ann?/Are there particular places in the area (outside of school) that you always speak Irish to people there?

- ☐ Tá/Yes
- ☐ Níl/No

16. Má tá, cén áiteanna?/If so, which places?

17. An aontaíonn nó easaontaíonn tú leis na ráiteas seo a leanas?/Do you agree or disagree with the following statements?

	Aontaím go Mór/ I strongly agree	Aontaím/I agree	Níl fhios agam/I don't know	Easaontaím/I disagree	Easaontaím go Mór/I strongly disagree
Is maith liom an Ghaeilge/I like Irish	☐	☐	☐	☐	☐
Spreagann mo thuismitheoirí mé le Gaeilge a labhairt/My parents encourage me to speak Irish	☐	☐	☐	☐	☐
Is fearr liom Béarla a labhairt ná Gaeilge/I prefer speaking English than Irish	☐	☐	☐	☐	☐
Níl muinín agam as mo chuid Gaeilge/I don't have confidence in my level of Irish	☐	☐	☐	☐	☐
Ba chuma liom gan Gaeilge ar bith bheith á labhairt anseo/I don't care if any Irish is spoken here	☐	☐	☐	☐	☐
Má labhraíonn duine Gaeilge liom freagraím I nGaeilge iad I gcónaí/If someone speaks Irish to me I always answer them in Irish	☐	☐	☐	☐	☐
Breathnaím ar chláracha Gaeilge ar an teilifís go minic/I watch Irish language programmes often	☐	☐	☐	☐	☐
Ní oireann an Ghaeilge do shaol an duine óig sa lá atá inniú ann/Irish doesn't suit the youth of today	☐	☐	☐	☐	☐
Tá sé an-deacair an Ghaeilge a scríobh agus a labhairt I gceart/It is very difficult to write and speak Irish correctly	☐	☐	☐	☐	☐

Plean Teanga Chléire

	Aontaím go Mór/ I strongly agree	Aontaím/ I agree	Níl fhios agam/ I don't know	Easaontaím/ I disagree	Easaontaím go Mór/ I strongly disagree
Tá sé i bhfad níos easca Béarla a scríobh agus a labhairt ná an Ghaeilge/English is much easier to write and speak than Irish	☐	☐	☐	☐	☐
Ba mhaith liom dá mbeadh níos mó seansanna ag daoine a gcuid Gaeilge a úsáid/ I would like if people had more chances to use their Irish	☐	☐	☐	☐	☐

18. An mbeadh suim agat freastal ar na himeachtaí seo a leanas dá mbeadh siad ar fáil trí Ghaeilge?/Would you be interested in attending the following events if they were available through Irish?

	Bheadh an-suim go deo agam ann / Very interested	Bheadh suim agam ann / A little interested	Níl a fhios agam/ I don't know	Ní bheadh mórán suim agam ann / Not very interested	Ní bheadh aon suim agam ann / Completely uninterested
Club óige trí Ghaeilge / Youth club through Irish	☐	☐	☐	☐	☐
Oícheanta scannán trí Ghaeilge/ Movie nights through Irish	☐	☐	☐	☐	☐
Dioscónna Gaeilge / Irish language discos	☐	☐	☐	☐	☐
Tráth na gCeist i nGaeilge / Irish table quiz	☐	☐	☐	☐	☐
Ceolchoirmeacha le bannaí ceoil as Gaeilge / Concerts with Irish language bands	☐	☐	☐	☐	☐
Scéim malartaithe le scoileanna i nGaeltachtaí eile / Exchange scheme with schools from other Gaeltachts	☐	☐	☐	☐	☐
Imeachtaí sóisialta le scoileanna eile sa cheantar seo / Social events with other schools in this area	☐	☐	☐	☐	☐

Plean Teanga Chléire

	Bheadh an-suim go deo agam ann / Very interested	Bheadh suim agam ann / A little interested	Níl a fhios agam/ I don't know	Ní bheadh mórán suim agam ann / Not very interested	Ní bheadh aon suim agam ann / Completely uninterested
Ranganna teicneolaíochta (.i. códú, tógáil aipeanna, srl) trí Ghaeilge / Technology classes through Irish (eg. coding, building apps, etc.)	☐	☐	☐	☐	☐
Oíche chomhrá trí Ghaeilge/ Conversational night through Irish	☐	☐	☐	☐	☐
Bingo/Cártaí trí Ghaeilge/Bingo or card games	☐	☐	☐	☐	☐
Cluichí boird trí Ghaeilge/Board games	☐	☐	☐	☐	☐
Ranganna ealaín trí Ghaeilge/Art classes	☐	☐	☐	☐	☐

19. An bhfuil aon rud speisialta a chuideoidh leat do chuid Gaeilge a úsáid?/ Is there anything specific that would help you use your Irish?

20. An dóigh leat go bhfuil neart ag an nGaeilge turasóirí agus áitritheoirí nua a mhealladh go Cléire? / In your opinion does the Irish language bring tourists and potential inhabitants to Cape Clear?

21. I do thuairim cad é an luach atá ag an nGaeilge do Chléire?/ In your opinion what value does the Irish language have to Cape Clear?

Plean Teanga Chléire

22. Cad ar mhaith leat fheiceáil sa todhchaí don teanga (a) ar Chléire agus (b) go ginearálta? What would you like to see for the future for the? Irish language (a) in Cape Clear Island (b) generally ?

A

B

23. Cad ba mhaith leat a fheiceáil sa todhchaí do Chléire? /What would you like to see for the future of Cape Clear Island?

Más mian leat ceist a chur, rud ar bith a chur in iúl dúinn nó eolas breise a thabhairt, thig leat ríomhphost a chur chuig ptcleire@yahoo.com nó glaoch a chur ar 085 7204910

If there's anything you'd like to ask us, tell us or any extra information you'd like to give, you can email ptcleire@yahoo.com or phone 085 7204910

Go Raibh Maith Agaibh!

Plean Teanga Chléire



1. Cén aois iad do pháistí? / What age are your children?

Páiste 1/Child 1

Páiste 2/Child 2

Páiste 3/Child 3

Páiste 4/Child 4

Páiste 5/Child 5

Páiste 6/Child 6

Páiste 7/Child 7

Páiste 8/Child 8

Páiste 9/Child 9

2. An ndearna tú socrú go cionsiasach Gaeilge a labhairt le do chuid páistí? /Did you make a conscious decision to speak to your children in Irish?

☒

Rinne/Yes

☐

Ní dhearna/No

☐

Ní labhraíonn muid Gaeilge lenár bpáistí/We don't speak Irish with our children.

Plean Teanga Chléire

3. Déan cur síos ar chumas Gaeilge an páiste is sine agus is óige sa teaghlach. / Describe your youngest and oldest child's standard of Irish.

	Gaeilge ó Dhúchas/Native Irish	Gaeilge Líofa/Fluent Irish	Gaeilge Réasúnta Maith/Reasonably Good Irish	Gaeilge ón Scoil/School Standard Irish	Beagán Gaeilge/Just a few words	Gan Gaeilge ar Bith/None	Níl Fhios Agam/I don't know
Páiste is sine/ Oldest Child	☐	☐	☐	☐	☐	☐	☐
Páiste is óige/Youngest Child	☐	☐	☐	☐	☐	☐	☐

4. Cé chomh mór is a aontaíonn nó easaontaíonn tú leis na ráiteas seo a leanas?/How much do you agree or disagree with the following statements?

	Aontaím go Mór/I strongly agree	Aontaím/I agree	Níl fhios agam/I don't know	Easaontaím/I disagree	Easaontaím go Mór/I strongly disagree
Tá mé sásta le caighdeán Gaeilge mo pháistí./I am happy with my children's standard of Irish.	☐	☐	☐	☐	☐
Tá Gaeilge níos fearr ag mo pháistí ó thosaigh siad ar scoil./My children's Irish has improved since they started school.	☐	☐	☐	☐	☐
Is maith le mo pháistí a bheith ag labhairt Gaeilge./My children like speaking Irish.	☐	☐	☐	☐	☐
B'fhearr liom dá mbeadh níos lú Gaeilge á labhairt sa bhaile./I'd prefer if there was less Irish spoken in the home.	☐	☐	☐	☐	☐
Creidim nár chóir iallach a chur ar pháistí sa cheantar seo Gaeilge a fhoghlaim ar scoil./I believe that children in this area should not be forced to learn Irish in school.	☐	☐	☐	☐	☐
Is cuid thábhachtach d'fhéiniúlacht mo theaghlaigh í an Ghaeilge./Irish is an important part of my family's identity	☐	☐	☐	☐	☐

Plean Teanga Chléire

5. An úsáideann tú coimeádaí páistí? /Do you use a childminder?

- ☒ Úsáideann/Yes
- ☐ Ní úsáideann/No

6. Má úsáideann tú coimeádaí páistí, cén teanga a labhraíonn an choimeádaí páistí le do pháistí? /If you use a childminder, what language does the childminder speak with your children?

- ☒ Gaeilge amháin/ Only Irish
- ☐ Níos mó Gaeilge ná Béarla / More Irish than English
- ☐ 50% Gaeilge 50% Béarla / 50% Irish 50% English
- ☐ Níos mó Béarla ná Gaeilge/ More English than Irish
- ☐ Béarla amháin / Only English
- ☐ Teangacha eile (Cén teanga, cé mhéad (%) a úsáidtear é?)/Other languages (What language and what % is it used?)

Eile(%)/Other (%)

7. Conas a mothaíonn tú faoin teanga a úsáideann an coimeádaí páistí le do pháistí? /How do you feel about the language your childminder uses with your children.

Tá mé sásta leis. /I am happy with it.

Níl mé sásta leis/I'm not happy with it.

Is cuma liom/I don't mind.

B'fhearr liom dá labhródh an coimeádaí níos mó Gaeilge le mo chuid paistí/I'd prefer if the childminder spoke more Irish with my children.

B'fhearr liom dá labhródh an coimeádaí níos mó Béarla le mo chuid paistí/I'd prefer if the childminder spoke more English with my children.

B'fhearr liom dá labhródh an coimeádaí níos mó de theanga eile le mo chuid paistí/I'd prefer if the childminder spoke more of another language with my children.

8. Cé acu de na seirbhísí seo a leanas a mbaineann tú úsáid astu? / Which of the following services do you use?

Grúpa Tuismitheoirí agus Páistí/Grúpa spraoi / Parent and Child group/Playgroup

Naíolann (lánaimeartha) / Nursery/crèche (full-time)

Naíolann (páirtimeartha) / Nursery/crèche (part-time)

Naíonra /Playschool

Seirbhísí cúraim i ndiaidh scoile / After-school care service

Grúpa staidéir i ndiaidh scoile (do dhaltai pobalscoile) / After-school study group (for secondary/community school students)

Ceann ar bith acu seo / None of the above

9. An bhfuil riachtanais speisialta ag duine ar bith de do pháistí? / Do any of your children have special needs?

☐

Tá/Yes

☐

Níl/No

10. Má tá riachtanais speisialta ag duine nó níos mó de do pháistí, cén aois é/í/iad an/na páiste/páistí i (blianta)?:/ If one or more of your children has special needs, what age is/are the child(ren) (years)?

11. Céard iad na riachtanaisí speisialta atá aige/aici/acu? /What are his/her/their special needs?

Plean Teanga Chléire

12. Cé acu de na seirbhísí seo a leanas a mbainfeá úsáid astu dá mbeadh siad ar fáil go háitiúil? / Which of the following services would you use if they were available locally?

Grúpa Tuismitheoirí agus Páistí ag úsáid Gaeilge agus Béarla / Parent and Child group using Irish and English.

Grúpa Tuismitheoirí agus Páistí i nGaeilge amháin / Parent and Child group in Irish only

Club scéalaíochta do pháistí i nGaeilge / Children's storytelling club in Irish.

Imeachtaí do theaghlaigh (ceardaíocht, cócaireacht, ealaín, siúlóidí, srl.) i nGaeilge / Family events (crafts, cooking, art, walks, etc.) in Irish

Club óige (8-12 bl. d'aois) i nGaeilge / Youth club (8-12 yrs.) in Irish

Club do dhéagóirí i nGaeilge / Club for teenagers in Irish.

Club iarscoile i nGaeilge / After-school club in Irish

Ceann ar bith acu seo / None of the above

Eile (luaigh an tseirbhís/na seirbhísí le do thoil) / Other (please list the service(s))

Eile/Other

13. Cé chomh mór is a aontaíonn tú leis na frásaí seo a leanas? / To what extent do you agree with the following phrases?

	Aontaím go Mór/ I strongly agree	Aontaím / I agree	Níl fhios agam / I don't know	Easaontaím / I disagree	Easaontaím go Mór/ I strongly disagree
Tá sé deacair clann a thógáil le Gaeilge sa cheantar seo / It is difficult to raise children with Irish in this area	☐	☐	☐	☐	☐
Ní chaithfear Gaeilge a labhairt sa bhaile mar go bhfaighidh na páistí Gaeilge líofa ar scoil / You don't have to speak Irish at home because the children will learn fluent Irish at school	☐	☐	☐	☐	☐
Níl go leor áiseanna agus/nó imeachtaí do dhaoine óga ar fáil sa cheantar / There aren't enough facilities and/or events for young people available in this area	☒	☐	☒	☐	☐

Plean Teanga Chléire

	Aontaím go Mór/ I strongly agree	Aontaím / I agree	Níl fhios agam / I don't know	Easaontaím / I disagree	Easaontaím go Mór/ I strongly disagree
Cuirtear an iomarca béime ar chúrsaí teanga ag imeachtaí do pháistí agus do dhaoine óga / There is too much emphasis put on language issues at events for children and young people	☐	☐	☐	☐	☐
Tá na seirbhísí ar fad atá ag teastáil do thuismitheoirí/chaomhnóirí ar fáil sa cheantar seo / All the services that parents/guardians need are provided in this area	☐	☐	☐	☐	☐
Ba chóir go labhródh gach duine Gaeilge in áiteanna poiblí / Everyone should speak Irish in public places	☐	☐	☐	☐	☐
Ba chóir go labhródh gach duine Béarla in áiteanna poiblí / Everyone should speak English in public places	☐	☐	☐	☐	☐
Dhéanfadh sé an-dochar don cheantar mura mbeadh Gaeilge á labhairt ag daoine ann / It would do serious damage to the local area if people no longer spoke Irish here	☐	☐	☐	☐	☐
Tá sé an-tábhachtach go mbeadh aitheantas Gaeltachta ag an cheantar seo / It's very important that this area is recognised as a Gaeltacht	☐	☐	☐	☐	☐
B'fhearr liom nach mbeadh polasaí lán-Ghaeilge ag na scoileanna áitiúla / I would prefer if the local schools did not have an all-Irish policy	☐	☐	☐	☐	☐

Plean Teanga Chléire

14. An mbeadh spéis agat i gceann ar bith de na cúrsaí seo a leanas? / Would you be interested in attending any of the following courses?

Cúrsa Gaeilge: Bun leibhéal / Irish language course: Beginner

Cúrsa Gaeilge: Meán leibhéal / Irish language course: Intermediate

Cúrsa Gaeilge: Ard leibhéal / Irish language course: Advanced

Cúrsa Gaeilge: Sainchúrsa gramadaí / Irish course: Course focusing on grammar

Cúrsa Gaeilge: Sainchúrsa ar shaibhreas teanga / Irish course: Course focusing on 'saibhreas teanga' (richness of language)

Cúrsa ar thógáil páistí le Gaeilge/go dátheangach / Course focusing on raising children with Irish/bilingually

Cúrsa ar fheasacht teanga / Language awareness course

Ní bheadh spéis ar bith agam freastal ar chúrsa / I wouldn't be interested in attending a course

Eile (sonraigh, le do thoil) / Other (please specify)

Eile/Other

15. Cén uair ab fhearr a oirfeadh duit do na cúrsaí atá luaite sa cheist thuas? / What time would suit you to attend the courses mentioned in the last question?

☐ Le linn an lae / During the day

☐ Tráthnónta le linn na seachtaine / Weekday afternoons/evenings

☐ Deireadh Seachtaine / Weekends

☐ Ní bheadh spéis ar bith agam freastal ar chúrsa / I wouldn't be interested in attending a course

☐ Amannta eile (luaigh na hamanna, le do thoil) / Other times (please specify)

Eile/Other

16. An bhfuil aon áis in easnamh do pháistí an cheantar? / Is there any children's facility missing in the community?

Plean Teanga Chléire

Más mian leat ceist a chur, rud ar bith a chur in iúl dúinn nó eolas breise a thabhairt, thig leat ríomhphost a chur chuig ptcleire@yahoo.com nó glaoch a chur ar 085 7204910

If there's anything you'd like to ask us, tell us or any extra information you'd like to give, you can email ptcleire@yahoo.com or phone 085 7204910

Go Raibh Maith Agaibh!

Plean Teanga Chléire



1. Cén aois thú?/ How old are you?

2. Cén rang/bliain ina bhfuil tú?/ What class/year are you in?

3. Cén scoil / ollscoil ina bhfuil tú?/ What school/ college are you in?

4. An bhfuil aon phost agat?/ Do you have a job?

5. Cé chomh minic is a labhraíonn do thuismitheoirí Gaeilge le chéile?/
How often do your parents speak Irish to each other?

- ☐ I gcónaí/ Always
- ☐ Beagnach I gcónaí/Most of the time
- ☒ Go minic/ Often
- ☒ Anois is arís/ Now and again
- ☐ Go hannamh/ Seldom
- ☐ Riamh/ Never

Plean Teanga Chléire

6. Le seachtain anuas, cé chomh minic is a labhair tú Gaeilge ar scoil leis na daoine seo?/In the last week how often did you speak Irish in school with these people?:

	I gcónaí/ Always	Go minic/ Often	Anois is arís/ Now and again	Go hannamh/ Seldom	Riamh/ Never	Ní bhaineann sé liom/ N/A
Muinteoirí/ Teachers	☐	☐	☐	☐	☐	☐
Cairde/ Friends	☐	☐	☐	☐	☐	☐

7. Le seachtain anuas, cé chomh minic is a labhair tú Gaeilge taobh amuigh den scoil? In the last week how often did you speak Irish outside school?

- ☐ I gcónaí/ Always
- ☐ Beagnach I gcónaí/Most of the time
- ☐ Go minic/ Often
- ☐ Anois is arís/ Now and again
- ☐ Go hannamh / Seldom
- ☐ Riamh/ Never

8. Le seachtain anuas, cé chomh minic is a labhair tú Gaeilge I d'áit oibre?/ In the last week how often did you speak Irish in your work place?

	I gcónaí/ Always	Go minic/ Often	Anois is arís/ Now and again	Go hannamh/ Seldom	Riamh/ Never	Ní bhaineann sé liom/ N/A
Bainisteoir/ Cinnire/ Manager/ Supervisor	☐	☐	☐	☐	☐	☐
Custaiméirí/ Customers	☐	☐	☐	☐	☐	☐
Comhleacaí/ Colleagues	☐	☐	☐	☐	☐	☐

Plean Teanga Chléire

9. Déan liosta de na campaí cáscas/samhradh a rinne tú le 3 bhliain anuas agus abair cén teanga a labhair tú agus tú ann. (Murar fhreastail tú ar aon champa scríobh “ Níor fhreastail mé ar champa ar bith”) /
Make a list of the Easter/Summer camps that you attended in the last 3 years and specify what language you spoke while there (If you didn't attend any camps write “I didn't attend any camps”)

Ainm na Campaí/ Name of
Camp

Teanga/ Language

Más mian leat ceist a chur, rud ar bith a chur in iúl dúinn nó eolas breise a thabhairt, thig leat ríomhphost a chur chuig ptcleire@yahoo.com nó glaoch a chur ar 085 7204910

If there's anything you'd like to ask us, tell us or any extra information you'd like to give, you can email ptcleire@yahoo.com or phone 085 7204910

Go Raibh Maith Agaibh!

Plean Teanga Chléire



Suirbhé Breise do Pháistí faoi 16

1. Cén aois tú? How old are you?

2. Cén rang/bliain ina bhfuil tú? What class/year are you in?

3. Cén scoil ina bhfuil tú? What school are you in?

4. Cé chomh minic is a labhraíonn do thuismitheoirí Gaeilge le chéile?
How often do your parents speak Irish to each other?

- ☐ I górnáil/ Always
- ☐ Beagnach i górnáil/ Most of the time
- ☐ Go minic/ Often
- ☐ Anois is arís/ Now and again
- ☐ Go hannaith/ Seldom
- ☐ Riamh/ Never

5. Le seachtain anuas, cé chomh minic is a labhair tú Gaeilge ar scoil leis na daoine seo? In the last week how often did you speak Irish in school with these people?

	I górnáil/ Always	Go minic/ Often	Anois is arís/ Now and again	Go hannaith/ Seldom	Riamh/ Never	Ní bhaineann sé/ Not/ N/A
Bhánúinéirí/ Teachers	☐	☐	☐	☐	☐	☐
Cainteoirí/ Friends	☐	☐	☐	☐	☐	☐

Plean Teanga Chléire

5. Le seachtain anuas, cé chomh minic is a labhair tú Gaeilge taobh amuigh den scoil? /In the last week how often did you speak Irish outsidetheschool?

- ☐ I górnai/ Always
- ☐ Beagbeadh i górnai/ Most of the time
- ☐ Go minic/ Often
- ☐ Anois le arís/ Now and again
- ☐ Go hionann/ Seldom
- ☐ Riamh/ Never

6. Déan liosta de na campaí cáscá/samhradh a rinne tú le 3 bhliain anuas agus abair cén teanga a labhair tú agus tú ann. (Murar fhreastail tú ar aon champa scríobh "Níor fhreastail mé ar champa ar bith") / Make a list of the Easter/Summer camps that you attended in the last 3 years and specify what language you spoke while there (If you didn't attend any camps write "I didn't attend any camps")

Ainm na Campaí/Name of Camp

Teanga/ Language

Má níl aon leas oide a chur, nuá ar bith a chur in iúl dúinn nó eolas beise a thabhairt, thig leat riamphost a chur chuig pidelme@yahoo.com nó glaoch a chur ar 085 7266990

If you have anything you'd like to ask us, tell us or any extra information you'd like to give, you can email pidelme@yahoo.com or phone 085 7266990

Go Raibh Maith Agabh

Cur i Láthair Údarás na Gaeltachta



An Próiseas Pleanála Teanga

Limistéar Pleanála Teanga: Cléire
16 Lúnasa 2016



Tá an Próiseas Pleanála Teanga
bunaithe ar:


- An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge
2010-2030
- Acht na Gaeltachta, 2012



An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge

D'eascair an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010–2013 as próiseas comhairliúcháin agus taighde, lena n-áirítear:

- Tuarascáil a rinneadh don Roinn Ealaíon, Oidhreacht & Gaeltachta (Ollscoil Chathair BÁC, 2009),
- Tuarascáil Choimisiún na Gaeltachta (2002), agus
- An Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht (OÉ Gaillimh & OÉ Má Nuad, 2007)



Spriocanna na Straitéise

Is iad cuspóirí sonracha na Straitéise ná:

- an líon daoine a labhraíonn Gaeilge gach lá lasmuigh den chóras oideachais a ardú ó **83,000 go 250,000**;
- an líon daoine a labhraíonn Gaeilge sa Ghaeltacht gach lá a ardú **25%**; agus
- an líon daoine a úsáideann seirbhísí Stáit trí Ghaeilge, agus atá in ann teilifís, raidió agus na meáin chlóite a rochtain tríd an teanga, a mhéadú.



Réimsí Gnímh na Straitéise

Tá 9 réimse gnímh luaite sa Straitéis chun na spriocanna seo a bhaint amach:

- Oideachas
- An Ghaeltacht
- An teaghlach ag cur na teanga ar aghaidh – idirghabháil go luath
- Riarachán, Seirbhísí agus Pobal
- Na Meáin agus an Teicneolaíocht
- Foclóirí
- Reachtaíocht agus Stádas
- Saol Eacnamaíochta
- Tionscnaimh Leathana



Acht na Gaeltachta 2012

- Tugann Acht na Gaeltachta 2012 feidhm reachtúil don phróiseas pleanála teanga.
- Is trí phleananna teanga a ullmhú agus a fheidhmiú ag leibhéal an phobail a thabharfar tacaíocht don Ghaeilge mar theanga pobail agus teaghlaigh.
- Réiteofar plean teanga do cheantair a bheidh aitheanta mar Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta, mar Bhailte Seirbhíse Gaeltachta nó mar Líonraí Gaeilge de réir mar is cuí.



Limistéir Pleanála Teanga (LPT)

- Déanfaidh An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe & Gaeltachta **26 Limistéar Pleanála Teanga** a fhógairt ar fud na Gaeltachta thar thréimhse 3 bliana.
- Nuair a fhógrófar na LPT éagsúla, beidh deis ag eagraíochtaí iarratas a chur faoi bhráid Údarás na Gaeltachta le plean teanga comhtháite a ullmhú.
- Beidh An tÚdarás freagrach as ceanneagraíocht pleanála teanga i ngach limistéar a roghnú le plean teanga a ullmhú agus a chur i bhfeidhm.



Bailte Seirbhíse Gaeltachta (BSG)

- Is éard atá i gceist leis na Bailte Seirbhíse Gaeltachta ná bailte (le daonra de 1,000 duine ar a laghad) atá suite i nó in aice le Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta agus a bhfuil ról suntasach acu maidir le seirbhísí poiblí, áiseanna sóisialta, tráchtála srl. a sholáthar do na pobail sna limistéir sin.
- Tá Údarás na Gaeltachta nó Foras na Gaeilge de réir mar is cuí freagrach as tacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí maidir le hullmhú agus cur i bhfeidhm pleananna teanga sna Bailte Seirbhíse Gaeltachta.



Bailte a d'fhéadfadh a bheith aitheanta mar Bhailte Seirbhíse Gaeltachta (BSG)

- Leitir Ceanainn
- Cathair na Gaillimhe
- Daingean Uí Chúis
- An Clochán Liath
- Dún na nGall
- Béal an Mhuirthead
- Caisleán an Bharraigh
- Baile an Róba
- An Clochán
- Trá Lí
- Cathair Saidhbhín
- Cathair Chorcaí
- Maigh Chromtha
- Dún Garbhán
- Baile Átha Buí
- An Uaimh



Líonraí Gaeilge

- Is éard atá i gceist leis na Líonraí Gaeilge ná ceantair a bhfuil critéir áirithe comhlíonta acu maidir le tacaíocht pobail agus Stáit don Ghaeilge.
- Tá Foras na Gaeilge freagrach faoin Acht as tacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí maidir le hullmhú agus cur i bhfeidhm pleananna teanga sna Líonraí Gaeilge.



Plean Teanga Chléire



Limistéar Pleanála Teanga Chléire Figiúirí Daonáirimh


	2002	2006	2011
Daonra (3 bliana agus níos sine)	127	121	118
Cainteoirí Laethúla Gaeilge	62 (48.8%)	50 (41.3%)	59 (50%)

An Próiseas Pleanála Teanga san LPT

- ▶ **Céim 1:** Iarratas ó ghrúpaí / eagrais le bheith roghnaithe mar Ceanneagraíocht LPT.
- ▶ **Céim 2:** Déanfaidh Údarás na Gaeltachta measúnú ar na hiarratais agus roghnaíonn an grúpa is fearr le bheith mar Ceanneagraíocht.
- ▶ **Céim 3:** Tréimhse dhá bhliain ag an gCeanneagraíocht chun plean teanga 7 mbliana a ullmhú i gcóir leis an bpobal áitiúil agus le tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta.



- ▶ **Céim 4:** Tar éis don Roinn EOGRTG measúnú a dhéanamh ar na pleananna, déanfaidh an tAire Stáit iad a fhaomhadh faoin Acht agus aithneofar an ceantar mar Limistéar Pleanála Teanga.
- ▶ **Céim 5:** Beidh tréimhse 7 mbliana ag na heagraíochtaí chun na pleananna a chur i bhfeidhm.
Déanfaidh an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe & Gaeltachta athbhreithniú tréimhsiúil ar chur i bhfeidhm na bpleananna le linn na 7 mbliana sin.



Plean Teanga Chléire



 *Údarás na Gaeltachta*

Críoch